Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Nollaig 2017**
**(OR. en)**

**15950/17**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2017/0353 (COD)**

**ENT 276**
**MI 987**
**CONSOM 410**
**COMPET 895**
**UD 309**
**CHIMIE 110**
**COMER 132**
**CODEC 2130**
**IA 225**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 20 Nollaig 2017 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2017) 795 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leagtar síos rialacha agus nósanna imeachta maidir le comhlíonadh agus forfheidhmiú reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais i leith táirgí agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 305/2011, (AE) 528/2012, (AE) 2016/424, (AE) 2016/425, (AE) 2016/426 agus (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Treoracha 2004/42/CE, 2009/48/CE, 2010/35/AE, 2013/29/AE, 2013/53/AE, 2014/28/AE, 2014/29/AE, 2014/30/AE, 2014/31/AE, 2014/32/AE, 2014/33/AE, 2014/34/AE, 2014/35/AE, 2014/53/AE, 2014/68/AE agus 2014/90/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2017) 795 final.

Faoi iamh: COM(2017) 795 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.12.2017
COM(2017) 795 final

2017/0353 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leagtar síos rialacha agus nósanna imeachta maidir le comhlíonadh agus forfheidhmiú reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais i leith táirgí agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 305/2011, (AE) 528/2012, (AE) 2016/424, (AE) 2016/425, (AE) 2016/426 agus (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Treoracha 2004/42/CE, 2009/48/CE, 2010/35/AE, 2013/29/AE, 2013/53/AE, 2014/28/AE, 2014/29/AE, 2014/30/AE, 2014/31/AE, 2014/32/AE, 2014/33/AE, 2014/34/AE, 2014/35/AE, 2014/53/AE, 2014/68/AE agus 2014/90/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SWD(2017) 466 final} - {SWD(2017) 467 final} - {SWD(2017) 468 final} - {SWD(2017) 469 final} - {SWD(2017) 470 final}

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

# 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

## 1.1. Forais agus cuspóirí an togra

Tá sé ar cheann de phríomhthosaíochtaí polaitiúla an Choimisiúin Eorpaigh margadh aonair níos doimhne agus níos cothroime a chruthú a dhéanfaidh forbairt ar a láidreachtaí agus a bhainfidh barr iomlán a chumais amach ina ghnéithe uile[1]. Tá sé ar cheann de phríomhchuspóirí chlár oibre 2017 an Choimisiúin[2] obair leantach a dhéanamh maidir leis an Teachtaireacht ó 2015 dar teideal "Upgrading the Single Market: more opportunities for people and business" [An Margadh Aonair a Uasghrádú: tuilleadh deiseanna do dhaoine agus do ghnólachtaí] agus í a chur chun feidhme.

As measc na gceithre shaoirse bhunúsacha, is í an tsaorghluaiseacht earraí an ceann is forbartha sa margadh aonair. Is aisti sin a ghintear tuairim is 25% d'olltáirgeacht intíre (OTI) an Aontais Eorpaigh agus 75% den trádáil earraí idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh. Is le AE a bhaineann an séú cuid den trádáil dhomhanda in earraí. B'ionann an luach trádála earraí idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh in 2015 agus EUR 3 063 billiún[3]. Ach tá obair fós le déanamh chun a áirithiú go mbeidh margadh aonair na hEorpa domhain agus cothrom.

Tá an iomaíocht á saobhadh agus tá tomhaltóirí á gcur i mbaol de dheasca an mhéadaithe ar an líon táirgí neamhdhleathacha agus neamhchomhlíontacha atá ar an margadh. Tugann go leor oibreoirí eacnamaíocha neamhaird ar na rialacha le teann aineolais orthu nó d'aon ghnó chun buntáiste iomaíoch a fháil. Tá díspreagadh níos mó de dhíth, ach is minic go mbíonn na húdaráis faireachais margaidh tearcmhaoinithe agus srianta ag teorainneacha náisiúnta. Is minic a bhíonn gnólachtaí gníomhach taobh istigh de AE agus ar fud an domhain araon, agus is mear an éabhlóid atá ag teacht ar shlabhraí soláthair nua-aimseartha. Ó thaobh na ríomhthráchtála de, go háirithe, is rí-dheacair ag na húdaráis faireachais margaidh rianú a dhéanamh ar earraí neamhchomhlíontacha a allmhairítear isteach san Aontas agus an t-eintiteas atá freagrach astu laistigh dá ndlínse a aithint.

Ina chlár oibre do 2017[4], d'fhógair an Coimisiún tionscnamh mar chuid den 'Phacáiste um Earraí' chun comhlíonadh táirgí agus forfheidhmiú reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais a láidriú. Tá an tionscnamh ceaptha aghaidh a thabhairt ar an méadú atá ag teacht ar tháirgí neamhchomhlíontacha ar mhargadh an Aontais agus dreasachtaí a chur ar fáil a mhéadóidh an comhlíonadh rialála agus a áiritheoidh láimhseáil chothrom chomhionann a rachaidh chun tairbhe na ngnólachtaí agus na saoránach.

Díríonn an tionscnamh go príomha ar na dreasachtaí cearta a thabhairt go ghnólachtaí, ar sheiceálacha ar chomhlíonadh a dhéanamh níos déine agus ar chomhar trasteorann níos dlúithe idir na húdaráis forfheidhmiúcháin a chur chun cinn. Is éard a dhéanfaidh an tionscnamh:

- an creat atá ann cheana do ghníomhaíochtaí faireachais margaidh a chomhdhlúthú;
- spreagadh a thabhairt d'údaráis faireachais margaidh as roinnt de na Ballstáit gníomhaíochtaí comhpháirteacha a dhéanamh;

---

1 Jean-Claude Juncker, 'Tús Nua don Eoraip: Mo Chlár Oibre i ndáil le Poist, Fás, Cothromaíocht agus Athrú Daonlathach', Treoirlínte Polaitiúla don chéad Choimisiún Eorpach eile, Ráiteas Tosaigh le linn an tSeisiúin Iomlánaigh de Pharlaimint na hEorpa, 15 Iúil 2014: http://ec.europa.eu/about/juncker-commission/priorities/index_en.htm.

2 COM(2016) 710 final: http://ec.europa.eu/atwork/key-documents/index_en.htm

3 Foinse: Eurostat.

4 COM(2016) 710 final: http://ec.europa.eu/atwork/key-documents/index_en.htm

- an malartú faisnéise a fheabhsú agus an comhordú clár faireachais margaidh a chur chun cinn;
- creat treisithe a chruthú maidir le rialuithe ar tháirgí atá ag teacht isteach i margadh an Aontais agus maidir le comhar feabhsaithe idir údaráis faireachais margaidh agus údaráis custaim.

**1.2. Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

(a) Rialachán (AE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] agus Cinneadh Uimh. 768/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6]

Is le Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 a sholáthraítear an creat atá anois ann maidir le faireachas margaidh ar tháirgí agus tá sé comhlántach le Cinneadh Uimh. 768/2008/CE. Leis an gCinneadh, bunaítear forálacha tagartha le haghaidh reachtaíocht an Aontais a dhéanfaidh coinníollacha margaíochta táirgí a chomhchuibhiú, go háirithe na hoibleagáidí atá ar ghnólachtaí sa slabhra soláthair.

Táthar ag moladh gan feidhm a bheith ag Airteagal 15 agus ag Airteagal 29 de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 a thuilleadh maidir leis an reachtaíocht a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an togra reachtach seo.

Leanfaidh na forálacha tagartha a bhunaítear le Cinneadh Uimh. 768/2008/CE de bheith ina gcreat ginearálta do na hoibleagáidí atá ar mhonaróirí, ar ionadaithe údaraithe, ar allmhairithe agus ar dháileoirí.

(b) Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le faireachas margaidh ar tháirgí agus lena leasaítear Treoracha 89/686/CEE agus 93/15/CEE ón gComhairle, agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 1999/5/CE, 2000/9/CE, 2000/14/CE, 2001/95/CE, 2004/108/CE, 2006/42/CE, 2006/95/CE, 2007/23/CE, 2008/57/CE, 2009/48/CE, 2009/105/CE, 2009/142/CE, 2011/65/AE, Rialachán (AE) Uimh. 305/2011, Rialachán (CE) Uimh. 764/2008 agus Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7]

Tá an togra seo comhsheasmhach leis an togra le haghaidh Rialachán maidir le faireachas margaidh ar tháirgí arna ghlacadh ag an gCoimisiún i bhFeabhra 2013 [COM(2013)75] mar chuid den 'Phacáiste um Shábháilteacht Táirgí Tomhaltais agus um Fhaireachas Margaidh'. Ba é ba chuspóir uileghabhálach le COM(2013)75 creat faireachais margaidh an Aontais a shimpliú go mór i réimse na dtáirgí neamhbhia trí laghdú a dhéanamh ar líon na n-ionstraimí reachtaíochta a bhfuil rialacha faireachais margaidh iontu, agus córas aonchéime a chruthú a tharraingeodh na rialacha sin uile le chéile in aon ionstraim amháin. Go háirithe, ceapadh COM(2013)75 chun athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacha faireachais margaidh a leagtar síos i dTreoir 2001/95/CE maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí, i Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 agus in go leor ionstraimí reachtaíochta comhchuibhithe de chuid an Aontais a bhaineann go sonrach le hearnálacha ar leith, agus na rialacha sin uile a chuíchóiriú in aon ionstraim dlí amháin a mbeadh feidhm aici go cothrománach thar gach earnáil.

Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an togra ag an gcéad léamh an 15 Aibreán 2014. Cuireadh stad leis an bplé reachtach in 2015, áfach. Dá gcuirfí tús arís leis an bplé reachtach ar COM(2013)75, d'fhéadfadh anailís ar an reachtaíocht comhchuibhithe de chuid an Aontais

5 Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 (IO L 218, 13.8.2008, lch. 30).

6 Cinneadh Uimh. 768/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhchreat le haghaidh margú táirgí, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 93/465/CEE ón gComhairle (IO L 218, 13.8.2008, lch. 82).

7 COM(2013) 75 final: http://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=COM:2013:0075:FIN

a bhfuil feidhm aici faoi láthair, ina gcuirfí san áireamh forbairtí ó 2013 i leith, chomh maith leis an togra seo, cur leis an dul chun cinn atá déanta ag na comhreachtóirí ar an togra i gcomhréir leis an gComhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

Cuimsítear sa togra seo forálacha 'lex generalis' a sheachnóidh aon riosca a d'fhéadfadh a bheith ann go mbeadh forálacha ag forluí nó ag teacht salach ar an 'togra maidir le faireachas margaidh' COM(2013)75.

(c) Reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais i leith táirgí

Le reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais i leith táirgí, leagtar amach ceanglais chomhchoiteanna maidir leis an gcaoi a gcaithfear táirge a mhonarú, lena n-áirítear rialacha faoina tháirgeadh, faoina mhéid agus faoina chomhdhéanamh. Féachann an togra ní hamháin le constaicí roimh shaorghluaiseacht earraí sa mhargadh aonair a dhíchur ach lena áirithiú freisin nach ndíolfar ach táirgí sábháilte comhlíontacha in AE. Ar an mbealach sin, bainfidh trádálaithe macánta tairbhe as cothrom iomaíochta, ní a chosnóidh tomhaltóirí agus úsáideoirí gairmiúla agus a chuirfidh margadh aonair iomaíoch chun cinn.

Reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais i leith táirgí mar a liostaítear í san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán atá beartaithe, is leis an reachtaíocht sin a sholáthraítear an creat sonrach le haghaidh mhargaíocht gach catagóire táirgí a chumhdaítear leis, agus na hoibleagáidí atá ar gach gnólacht sa slabhra soláthair dá réir sin.

Chun a áirithiú go gcomhlíonann táirgí reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais, tá sé ríthábhachtach comhar rianúil agus dea-theagmháil a bheith ann idir monaróirí agus údaráis faireachais margaidh. Faoin tionscnamh seo, ní féidir táirge a chur ar fáil ar an margadh mura bhfuil duine bunaithe san Aontas atá freagrach as faisnéis faoi chomhlíonadh agus a fhéadfaidh bheith ina theagmhálaí díreach do na húdaráis faireachais margaidh. D'fhéadfadh an monaróir, an t-allmhaireoir nó oibreoir eacnamaíoch arna shainordú ag an monaróir bheith sa duine sin.

(d) Treoir 2001/95/CE maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí[8]

Áirithítear leis an Treoir seo go bhfuil na táirgí a chuirtear ar an margadh sábháilte, go háirithe trí dhíriú ar tháirgí a mbaineann riosca tromchúiseach leo agus i gcás ina bhfuil sé beartaithe ag údaráis Ballstáit a margú nó a n-úsáid a dhiúltú nó a thoirmeasc chun an riosca do shláinte agus do shábháilteacht an tomhaltóra a mhaolú.

(e) Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (Cód Custaim an Aontais)[9]

Tá an comhar idir údaráis faireachais margaidh agus údaráis custaim ríthábhachtach chun reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais i leith táirgí a fhorfheidhmiú go héifeachtach. Is amhlaidh atá toisc gurb iad teorainneacha seachtracha AE an scagaire is tábhachtaí ar tháirgí neamhchomhlíontacha, mar a bhfuil forléargas iomlán ag na húdaráis ar an sreabhadh trádála.

De bhreis air sin, ní mór rialacha maidir le sábháilteacht agus maidir le comhlíonadh a fhorfheidhmiú ar bhealach níos aonfhoirmí. Ní féidir sin a bhaint amach ach tríd an gcomhar córasach idir údaráis faireachais margaidh agus na húdaráis atá i gceannas ar tháirgí a sheiceáil ag teorainneacha seachtracha AE.

8 Treoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Nollaig 2001 maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí (IO L 11, 15.1.2002, lch. 4).

9 Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch.1).

Tá sé tábhachtach freisin comhar éifeachtach éifeachtúil a bheith ann nuair atá níos mó ná údarás amháin sna Ballstáit freagrach as a sheiceáil go gcomhlíonann earraí allmhairithe na rialacha maidir le sábháilteacht táirgí. Caithfidh na húdaráis sin a bheith ag obair i gcomhar le chéile, go háirithe trí fhaisnéis ábhartha a roinnt.

### 1.3. Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais

D'aithin an Coimisiún an ról bunriachtanach a imríonn líonraí forfheidhmiúcháin agus d'fhéach sé le spreagadh agus cabhair a thabhairt do Bhallstáit cur lena gcumas dlí an Aontais a fhorfheidhmiú agus deimhin a dhéanamh de go mbeidh ag údaráis riaracháin agus ag lucht cigireachta an trealamh cuí lena gcuid cúraimí a dhéanamh[10].

Chun forfheidhmiú reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais i leith táirgí a neartú, chuir an Coimisiún obair den chineál céanna san áireamh a rinneadh le déanaí chun forfheidhmiú a fheabhsú i réimsí eile. Ceann de na réimsí sin is ea réimse an bhia agus na beatha ina gcuirfidh Rialachán (AE) 2017/625 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí[11], cuirfidh sé feabhas ar chumas na mBallstát rioscaí sláinte don duine, d'ainmhithe agus do phlandaí a chosc, a dhíothú nó a laghdú. Chuir an Coimisiún togra ar aghaidh chun an Rialachán maidir le Comhar um Chosaint Tomhaltóirí[12] a leasú i dtaobh chumhachtaí na n-údarás forfheidhmiúcháin agus i dtaobh an bhealaigh inar féidir leo dul i gcomhar le chéile.

Mhol an Coimisiún rialacha nua freisin chun breis cumhachta a thabhairt d'údaráis iomaíochta na mBallstát agus lena áirithiú go bhfuil acu na huirlisí uile atá de dhíth chun rialacha AE in aghaidh trustaí a fhorfheidhmiú ar bhealach níos éifeachtaí[13]. Tá neartú na gcumhachtaí forfheidhmiúcháin go mór i gceist le déanaí freisin i dtionscnaimh reachtacha eile[14] agus i ndlíthe um chosaint sonraí[15] agus i reachtaíocht maidir le leasacháin[16].

Fágann an méadú ar líon na dtáirgí a allmhairítear agus an laghdú ar acmhainní lucht custaim nach mór rialachas an Aontais Custaim a dhíriú níos fearr ar na dúshláin atá ann faoi láthair

---

10 Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal "EU Law: Better Results through Better Application" [Dlí AE: Torthaí níos fearr a bhuí le cur chun feidhme níos fearr], 13.12.2016, Leathanaigh 5-6.

11 Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla), IO L 95, 7.4.2017, lgh. 1-142.

12 COM(2016)283 — Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhar idir údaráis náisiúnta atá freagrach as dlíthe cosanta tomhaltóirí a chur i bhfeidhm.

13 COM(2017)142— Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le húdaráis iomaíochta na mBallstát a chumhachtú le bheith ina bhforfheidhmitheoirí níos éifeachtaí agus chun dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú.

14 Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis, lena leasaítear Treoir 2001/83/CE, Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 agus Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 90/385/CEE ón gComhairle agus Treoir 93/42/CEE ón gComhairle (Feistí Leighis); Rialachán (AE); Rialachán (AE) Uimh. 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2017 lena leagtar amach creat i gcomhair lipéadú fuinnimh agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/30/AE (IO L 198, 28.7.2017, lgh. 1–23); COM(2016)31 final - Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceadú agus le faireachas margaidh ar mhótarfheithiclí agus a leantóirí, agus ar chórais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin.

15 Rialachán (CE) Uimh. 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí).

16 COM(2016)157, SWD(2016)64 agus 65.

agus a bheidh ann amach anseo. Cuirtear san áireamh i bhforálacha an togra seo na sásraí comhordaithe agus comhair idirghníomhaireachta atá molta, chomh maith le measúnuithe riosca níos fearr, lena n-áirítear measúnuithe riosca ar leibhéal an Aontais Custaim, chun rialuithe a dhéanamh níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí[17].

Maidir leis an trádáil dhomhanda, dhearbhaigh an Coimisiún an athuair a bheartas atá bunaithe ar an oscailteacht agus ar an gcomhar. Nuair is ann do rialacha nach gcloítear leo, áfach, ba ghá na hionstraimí a bheith ar láimh ag AE chun an cothrom iomaíochta a chur ar ais i réim agus chun gníomhú go cinntitheach in aghaidh tíortha nó gnólachtaí a ghabhann i mbun cleachtais éagóracha. Le forfheidhmiú láidir rialacha an Aontais, d'áiritheofaí freisin go ngearrfaí pionóis ar aon chuideachta a bheadh i láthair nó gníomhach san Aontas agus a bhrisfeadh na rialacha. Déanfar sin i gcomhar le húdaráis na mBallstát agus trí bhainistiú riosca níos láidre i dtaca le custam an Aontais chun trádáil dhlisteanach AE a éascú agus a luathú, agus sábháilteacht agus slándáil saoránach a áirithiú ag an am céanna trí stop a chur le hearraí bréige nó contúirteacha a theacht trí theorainneacha AE isteach[18].

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

### 2.1. Bunús dlí

Tá an togra seo bunaithe ar Airteagal 33, Airteagal 114 agus Airteagal 207 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

### 2.2. Coimhdeacht

Tá gníomhaíochtaí faireachais margaidh, go háirithe reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais i leith táirgí, faoi raon inniúlachta údaráis náisiúnta na mBallstát. Ní athróidh sé sin. Chun bheith éifeachtach, áfach, ní mór don fhaireachas margaidh a bheith aonfhoirmeach ar fud an Aontais. Má tá an faireachas margaidh níos 'boige' in áiteanna áirithe san Aontas le hais a chéile, cruthaítear laigí atá ina mbagairt do leas an phobail agus a chruthaíonn dálaí míchothroma trádála agus a spreagann 'an tsiopadóireacht fóraim'.

Ba cheart an riosca do leasanna éagsúla an phobail, na leasanna a dhéanann reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais iarracht a chosaint, a mheas freisin i ndáil le táirgí a allmhairítear isteach san Aontas. Dá bhrí sin, is gá go mbeidh faireachas margaidh éifeachtach i bhfeidhm feadh fad iomlán theorainneacha seachtracha an Aontais.

Tá sé riachtanach mar sin an forfheidhmiú a neartú i gcás reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais i leith táirgí, leasanna an phobail sa chomhthéacs seo a chosaint, go háirithe cosaint na sláinte, agus cothrom iomaíochta do ghnólachtaí atá bunaithe laistigh agus lasmuigh de AE a áirithiú. Ba cheart tacar cumhachtaí a thabhairt d'údaráis faireachais margaidh a chuirfeadh ar a gcumas forfheidhmiú éifeachtach a dhéanamh ar reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais i leith táirgí. Ba cheart a gcomhar trasteorann agus a gcomhar le húdaráis custaim a mhéadú. Ba cheart rialuithe ag teorainneacha seachtracha an Aontais a neartú freisin. Dá réir sin, ní mór ionstraimí agus sásraí faireachais margaidh a bhunú le gur féidir na bearta sin a dhéanamh agus chun iad a éascú, go háirithe trí Líonra an Aontais um Chomhlíonadh Táirgí a bhunú a mbeidh sé de phríomhchúram air an forfheidhmiú a chomhordú ar fud an Aontais. Is gá aghaidh a thabhairt ar mhaoiniú agus ar thuairisciú ar leibhéal an Aontais freisin.

[17] Aontas Custaim an Aontais Eorpaigh agus a rialachas a fhorbairt, COM(2016)813 final, 21.12.2016.

[18] Pointe 3.3, Commission Reflection paper on harnessing globalisation [Páipéar machnaimh ón gCoimisiún ar leas a bhaint as an domhandú], 10 Bealtaine 2017: https://ec.europa.eu/commission/publications/reflection-paper-harnessing-globalisation_en

## 2.3. Comhréireacht

Ní dhéanfaidh an togra difear d'inniúlachtaí forfheidhmiúcháin na mBallstát. Is féidir go mbeidh ar chuid de na Ballstáit, áfach, a ndlíthe náisiúnta nós imeachta a chur in oiriúint lena áirithiú go mbeidh a n-údaráis faireachais margaidh in ann úsáid éifeachtach a bhaint as a gcuid cumhachtaí forfheidhmiúcháin sa chomhthéacs trasteorann, le go rachaidh siad i gcomhar lena chéile agus go dtabharfaidh siad aghaidh ar neamhchomhlíonadh táirgí in AE.

Ní théann na bearta a leagtar amach sa togra seo thar a bhfuil riachtanach chun na fadhbanna a shainaithnítear ann a réiteach agus a chuspóirí a bhaint amach. Leis an togra, foráiltear do thacar coiteann cumhachtaí le haghaidh gach údarás inniúil sna Ballstáit, rud ba cheart cabhrú leo an forfheidhmiú agus an comhlíonadh le rialacha comhchuibhithe an Aontais i leith táirgí a neartú. An leibhéal comhchuibhithe a roghnaíodh, is gá é chun a áirithiú go mbeifear in ann comhar agus malartú fianaise a dhéanamh gan deacrachtaí idir údaráis inniúla. Thairis sin is gá réiteach a fháil ar an gcaoi a bhfuil cúrsaí faoi láthair, is é sin nach ndéantar forfheidhmiú comhsheasmhach comhtháite sa mhargadh aonair ar cheanglais áirithe ar tháirgí a leagtar síos i reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais mar nach bhfuil ag údaráis faireachais margaidh i mBallstáit áirithe na cumhachtaí atá de dhíth orthu chun an neamhchomhlíonadh a iniúchadh agus deireadh a chur leis.

De bharr an togra, cuirfear feabhas ar an gcomhar forfheidhmiúcháin gan ualach díréireach nó iomarcach a chur ar údaráis na mBallstát. Ní théann an togra, mar sin, thar an méid atá riachtanach lena chuspóirí a bhaint amach.

## 2.4. An rogha ionstraime

Rialachán an t-aon ionstraim amháin a oireann don chuspóir go gcuirfí feabhas ar an bhforfheidhmiú agus ar an gcomhlíonadh maidir le reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais i leith táirgí. Ní éireodh le Treoir na cuspóirí a bhaint amach óir bheadh teorainneacha dlínse agus an poitéinseal d'easaontas breithiúnach ann i gcónaí i ndiaidh thrasuí na Treorach.

# 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

## 3.1. Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana

Mar chuid de chlár oibre an Choimisiúin 2017, rinneadh meastóireacht ar an gcreat dlíthiúil atá ann faoi láthair don fhaireachas margaidh, go háirithe ar fhorálacha Airteagal 15 go hAirteagal 29 de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008[19]. Chumhdaigh an mheastóireacht an tréimhse ó 2010 (dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin) go 2015.

### <u>Éifeachtacht</u>

De réir na meastóireachta ar Rialachán (CE) Uimh. 765/2008, ní raibh sé éifeachtach ach i bpáirt ag baint amach a chuid cuspóirí sonracha agus straitéiseacha. Is é an phríomhchúis leis sin nach bhfuil leibhéal an chomhordaithe agus an chomhair sásúil go fóill. Tá uirlisí amhail Córas Mear-Rabhaidh an Aontais um tháirgí neamhbhia contúirteacha (RAPEX) agus an Córas Faisnéise agus Cumarsáide don Fhaireachas Margaidh (ICSMS) ann le comhar trasteorann i dtaobh faireachas margaidh a áirithiú, ach ní bhaineann na Ballstáit go leor

19 SWD(2017)469 - Doiciméad inmheánach oibre de chuid sheirbhísí an Choimisiúin maidir leis an meastóireacht ar fhorálacha faireachais margaidh i Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93.

úsáide astu. Dá thairbhe sin, is annamh a chuireann údaráis faireachais margaidh srian le margú táirge má thugann a gcomhúdarás i mBallstát eile fógra dóibh faoi bhearta i ndáil leis an táirge. Is cosúil nach bhfuil mórán scóipe ann d'údaráis faireachais margaidh agus custaim úsáid a baint as na cinntí (lena n-áirítear tuarascálacha tástála) a dhéanann a gcomhúdaráis i mBallstáit eile agus dúbailt iarrachta a sheachaint ar an dóigh sin. Thairis sin, ní chuirtear Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 i bhfeidhm go haonfhoirmeach fós, de bharr na ndifríochtaí suntasacha sa chaoi a gcuireann na Ballstáit chun feidhme é. Baineann seo le heagrú an fhaireachais margaidh ar an leibhéal náisiúnta, le hacmhainní airgeadais, daonna agus teicniúla a bheith ar fáil, le straitéisí an fhaireachais margaidh, le cumhachtaí cigireachta agus cumhachtaí smachtbhannaí agus leis na córais faireacháin agus tuairiscithe. Ar deireadh, is cosúil go bhfuil na rialuithe teorann ar tháirgí allmhairithe easnamhach. Is éard is cúis leis na deacrachtaí is mó nach bhfuil dlínse ag údaráis faireachais margaidh taobh amuigh dá mBallstát féin, go háirithe i gcomhthéacs an díolacháin ar líne.

Dá bhrí sin, tá sé sábháilte a mheas nach sásaíonn Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 a chuid cuspóirí straitéiseacha ina n-iomláine, mar atá cosaint leasanna an phobail a neartú agus dálaí córa trádála a áirithiú d'oibreoirí eacnamaíocha trí bhíthin líon na dtáirgí neamhchomhlíontacha ar an margadh aonair a laghdú. Tugann na sonraí atá ar fáil le fios go bhfuiltear fós ag cur táirgí neamhchomhlíontacha ar an margadh, agus gur féidir go bhfuil méadú ag teacht air sin.

**<u>Éifeachtúlacht</u>**

Is iad na Ballstáit agus a n-údaráis faireachais margaidh a sheasann an chuid is mó de chostas an fhaireachais margaidh, agus athraíonn an costas sin go mór ó Bhallstát go Ballstát. Is amhlaidh atá toisc go dteastaíonn leibhéil éagsúla acmhainne daonna agus airgeadais ó shamhlacha eagrúcháin náisiúnta éagsúla, ach is toradh é freisin ar na cineálacha éagsúla cur chuige atá ag údaráis faireachais margaidh maidir le tuairisciú sonraí faoi acmhainní airgeadais a úsáideadh agus na gníomhaíochtaí a rinneadh.

Meastar go bhfuil costais faisnéise oibreoirí eacnamaíocha neamhthábhachtach de bharr Rialacháin (CE) Uimh. 765/2008. Mar sin féin, luann gnólachtaí an tionchar diúltach a imrítear orthu de dheasca neamhréireachtaí uilechoiteanna i gcur chuige na mBallstát maidir le faireachas margaidh, agus áitíonn siad nach bhfuil an sásra forfheidhmiúcháin atá ann faoi láthair in ann na dálaí cothroma a chruthú do ghnólachtaí.

Ó thaobh tairbhe de, níor fheabhsaigh Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 an tsábháilteacht do thomhaltóirí agus d'úsáideoirí deiridh eile mar a bhíothas ag súil. Is léir ó mharthanacht agus ó mhéadú na dtáirgí neamhchomhlíontacha nár chruthaigh sé dálaí córa trádála do ghnólachtaí ach oiread.

**<u>Comhleanúnachas</u>**

Tugann an mheastóireacht le fios go bhfuil fadhbanna ann maidir le comhsheasmhacht leis an Treoir maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí 2001/95/CE (TSGT), nach bhfuil a cuid sainmhínithe ag teacht le sainmhínithe de chuid an Rialacháin i gcónaí. Soiléirítear leis an togra seo na teorainneacha idir TSGT agus an Rialachán (CE) Uimh. 765/2008. Is leor mar a chosnaíonn an fhoráil *lex specialis* comhleanúnachas Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 le treoracha earnála. Mar sin féin, i gcásanna áirithe, tá neamhréitigh agus bearnaí ann sna sainmhínithe agus sa téarmaíocht a thugtar sna hionstraimí éagsúla reachtaíochta agus baineann siad seo de shoiléire ghinearálta an chreata don fhaireachas margaidh, gan cur isteach ar chur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 765/2008.

**Ábharthacht**

Tharraing an mheastóireacht aird ar roinnt deacrachtaí maidir leis an tuiscint ar raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 765/2008. Cé go bhfuil a chuid sainmhínithe soiléir agus feiliúnach i gcoitinne, níl siad iomlán agus suas chun dáta, go háirithe maidir le díolachán ar líne. Tá Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ábhartha agus riachtanais na bpáirtithe leasmhara reatha amhail comhar agus malartú faisnéise, agus rialuithe teorann, á gcur san áireamh, ach is lú a ábharthacht maidir le riachtanais a bhaineann le dinimic an mhargaidh i láthair na huaire (méadú na trádála ar líne, srianta náisiúnta buiséid), a dteastaíonn freagartha gasta uaithi.

Is creat athbhreithnithe don fhaireachas margaidh an t-aon ní a bheadh in a chuidiú chun an leibhéal cosanta do leasanna an phobail a raibh súil leis a bhaint amach agus chun dálaí córa trádála a áirithiú do rannpháirtithe sa mhargadh.

**Breisluach AE**

Is iad na Ballstáit atá freagrach as reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais a chur i bhfeidhm agus as beart éifeachtach a dhéanamh in aghaidh táirgí a bhfuil riosca ag baint leo. Cuireann margadh aonair gan teorainneacha inmheánacha dúshláin roimh na húdaráis phoiblí a bhfuil orthu an reachtaíocht seo a chur i bhfeidhm, agus iad faoi shrian ag teorainneacha na ndlínsí. Thairis sin, de dheasca laigí in eagrú an fhaireachais margaidh sa Bhallstát aonair tá lúba ar lár sa slabhra.

Le forfheidhmiú comhsheasmhach a áirithiú agus le dul i ngleic leis an neamhchomhlíonadh thar roinnt Ballstát, is gá gníomhaíochtaí a chomhordú ar fud an Aontais. Cuireadh in iúl sa mheastóireacht go n-aithnítear go forleathan an tairbhe a bhaineann le hionstraim amháin reachtaíochta Eorpaí a bheith ann maidir le comhchuibhiú faireachais margaidh seachas ionstraimí éagsúla reachtaíochta náisiúnta.

Eascraíonn breisluach AE Rialachán (CE) Uimh. 765/2008, den chuid is mó, ó fhorálacha ina gcuirtear córais chomhchoiteanna faisnéise chun cinn a éascaíonn an comhar riaracháin agus a chuireann leis an gcomhar idir údaráis faireachais margaidh agus na húdaráis atá i gceannas ar tháirgí a sheiceáil ag teorainneacha seachtracha AE.

Níl breisluach iomlán AE le fáil fós toisc nach bhfuil an malartú faisnéise trasteorann agus an comhar trasteorann chomh maith agus a d’fhéadfaidís a bheith, agus toisc go gcuirtear an creat don fhaireachas margaidh chun feidhme ar bhealach neamhréireach ar an leibhéal náisiúnta, agus toisc go bhfuil easpa acmhainní ann.

### 3.2. Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara

Chuathas i gcomhairle leis na **húdaráis faireachais margaidh** le linn roinnt cruinnithe den Sainghrúpa um an Margadh Inmheánach do Tháirgí a reáchtáladh an 1 Feabhra 2016, an 21 Deireadh Fómhair 2016 agus an 31 Márta 2017. Sa chruinniú deireanach díríodh ar an togra reachtach agus ar a chuid príomhchuspóirí agus go háirithe ar an mbealach le cur leis an gcomhar idir na Ballstáit, le leibhéal aonfhoirmeach leordhóthanach faireachais margaidh a chruthú agus le rialuithe teorann níos láidre a bheith ann ar tháirgí a allmhairítear isteach i margadh an Aontais.

D’eagraigh an Coimisiún **comhdháil páirtithe leasmhara** a raibh cead isteach inti ag lucht tionscail, ag tomhaltóirí, ag údaráis, etc. an **17 Meitheamh 2016**. Ba í an aidhm na príomhcheisteanna a aithint a bhaineann le comhlíonadh táirgí sa mhargadh aonair, leis an mbealach le reachtaíocht comhchuibhithe a fhorfheidhmiú níos fearr, agus le bealaí féideartha chun tosaigh a aithint.

Foilsíodh **comhairliúchán poiblí i ngach teanga oifigiúil de chuid AE** ar shuíomh gréasáin comhairliúcháin arna óstáil ar *Europa*. Bhí an comhairliúchán ar siúl ón 1 Iúil go dtí an 31

Deireadh Fómhair 2016. Bhí mar chuspóir aige fianaise agus tuairimí a bhailiú faoi na gníomhaíochtaí chun forfheidhmiú agus comhlíonadh a fheabhsú sa mhargadh aonair d'Earraí. Thug an Líonra Fiontar Eorpach misneach agus tacaíocht d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide i rith an chomhairliúcháin. Fuarthas 239 freagra ó ghnólachtaí (127), ó údaráis phoiblí (80), agus ó shaoránaigh (32).

Is léir ó thorthaí an chomhairliúchán gur gá comhlíonadh táirgí a mhéadú sa mhargadh aonair toisc go bhfuil tionchar diúltach ag an neamhchomhlíonadh ar thomhaltóirí agus ar úsáideoirí deiridh eile, agus ar dhíolachán na ngnólachtaí a chomhlíonann oibleagáidí dlíthiúla agus/nó ar a sciar den mhargadh. Thairis sin, mhol na freagróirí meascán faisnéise, tacaíochta agus forfheidhmiúcháin ag na húdaráis phoiblí chun an neamhchomhlíonadh a laghdú. Maidir le táirgí neamhchomhlíontacha a thrádálann gnólachtaí atá i dtír nach bhfuil in AE, tugann torthaí an chomhairliúcháin le fios gur gá d'údaráis custaim agus faireachais margaidh a gcuid rialuithe ar tháirgí atá ag teacht isteach i margadh an Aontais a chomhordú níos fearr. Luaitear leis gur gá iallach a chur ar ghnólachtaí atá bunaithe i dtíortha nach bhfuil in AE duine taobh istigh den Aontas a cheapadh le beith freagrach as faisnéis faoi chomhlíonadh.

### 3.3. Bailiú agus úsáid saineolais

Rinne an Coimisiún nó conraitheoirí eachtracha roinnt suirbhéanna, comhairliúchán agus staidéar idir 2012 agus 2016. Chuathas i gcomhairle le Ballstáit freisin faoi cé chomh héifeachtach atá an faireachas margaidh ar fud an Aontais.

Idir Iúil 2016 agus Bealtaine 2017, rinneadh meastóireacht eachtrach ar chur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh.765/2008.

Cuireadh na torthaí san áireamh sa togra reachtach seo d'fhonn feabhas a chur ar fhorfheidhmiú reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais i leith táirgí.

### 3.4. Oiriúnacht rialála agus simpliú

Is é tátal na meastóireachta a rinneadh ar an gcreat dlíthiúil don fhaireachas margaidh atá ann faoi láthair (féach roinn 3.1. thuas) go seasann na húdaráis phoiblí an chuid is mó de chostas an fhorfheidhmithe a shíolraíonn ó rialacha an fhaireachais margaidh mar atá siad faoi láthair, ach nach bhfuil de chostais ar ghnólachtaí ach na costais a bhaineann le hoibleagáidí maidir le faisnéis (freagra a thabhairt ar iarratais ó údarás, faisnéis faoi neamhchomhlíonadh a braitheadh) agus mar sin de ní mór leo iad. De bharr chomhordú feabhsaithe an fhorfheidhmithe agus leagan síos na dtosaíochtaí a dtacaíonn Líonra an Aontais um Chomhlíonadh Táirgí leo agus straitéisí piarmheasúnaithe forfheidhmiúcháin, bheadh iomaíocht ní ba chothroime ann, agus laghdófaí roinnt de na tionchair dhiúltacha a bhaineann le neamhréireachtaí uilechoiteanna san fhorfheidhmiú a bhíonn ar ghnólachtaí.

Mar sin féin, is ag na húdaráis atá an deis is mó simpliú agus laghdú ualaigh a chur i bhfeidhm. Sa mheasúnú tionchair a bhfuil an togra seo bunaithe air, maidir le gach cuspóir scrúdaíodh simpliú agus/nó laghdú ualaigh riaracháin a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm, amhail úsáid níos fearr uirlisí TF le faisnéis faoi rialuithe pleanáilte a mhalartú ar mhodh níos simplí agus níos tapa, iarratais níos éifeachtaí ar chúnamh frithpháirteach, inaistritheacht fianaise agus cinntí faoi fhorfheidhmiú chun dúbailt obair na n-údarás a sheachaint, sraith chomhchoiteann cumhachtaí imscrúdúcháin agus forfheidhmiúcháin, agus rochtain níos éasca ag údaráis faireachas mhargaidh ar fhaisnéis faoi chomhlíonadh trí bhíthin duine a bheith ar fáil atá freagrach as faisnéis faoi chomhlíonadh.

### 3.5. Measúnú tionchair

I dtuarascáil ar an measúnú tionchair a d'ullmhaigh an Coimisiún cumhdaítear gach gné dá mbaineann leis an togra reachtach[20].

Cuimsíonn na roghanna beartais atá ann idir an *status quo* a choinneáil agus bearta níos uaillmhianaí agus comhordú agus gníomhaíocht AE, mar seo a leanas:

(1) bonnlíne;

(2) na huirlisí agus na sásraí comhair atá ann cheana a fheabhsú;

(3) rogha (2) móide éifeacht díspreagtha níos mó ag uirlisí forfheidhmiúcháin agus comhordú méadaithe in AE; agus

(4) forfheidhmiú breise láraithe eile ar leibhéal AE i gcásanna áirithe.

Is é rogha (3) rogha na tosaíochta, agus an méid seo a leanas go háirithe san áireamh:

(a) ról comhairleach na bPointí Teagmhála do Tháirgí do ghnólachtaí agus comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí *ad hoc* a leathnú;

(b) córais dhigiteacha a chruthú trína gcuirfeadh monaróirí nó allmhaireoirí faisnéis faoi chomhlíonadh ar fáil do thomhaltóirí agus d'údaráis faireachas mhargaidh, oibleagáid ar mhonaróirí duine a ainmniú atá bunaithe san Aontas le bheith freagrach as faisnéis faoi chomhlíonadh agus comhthairseach Eorpach a chur ar bun le haghaidh beart deonach;

(c) rialacha a leagan síos faoin mbealach le poiblíocht a thabhairt do chinntí srian a chur ar mhargú táirgí, cumhachtaí na n-údarás a mhionchoigeartú (go háirithe maidir le díolachán allmhairí ar líne ó thíortha nach bhfuil in AE), costais na rialuithe ar tháirgí neamhchomhlíontacha a aisghabháil; agus

(d) oibleagáidí níos déine maidir le cúnamh frithpháirteach agus toimhde dhlíthiúil go bhfuil táirgí neamhchomhlíontach ar fud AE má tá siad neamhchomhlíontach i mBallstát amháin.

Thairis sin, teastaíonn Líonra an Aontais um Chomhlíonadh Táirgí do straitéisí forfheidhmiúcháin de chuid na mBallstát ina leagtar amach gníomhaíochtaí rialúcháin agus forbairt acmhainne. Chuirfeadh an líonra sin struchtúr tacaíochta riaracháin ar fáil le feidhmíocht na mBallstát a phiarmheasúnú agus le gníomhaíochtaí comhpháirteacha forfheidhmiúcháin na mBallstát a chomhordú agus a chur i bhfeidhm.

Fuair an measúnú tionchair tuairim neamhfhabhrach ar dtús, an 7 Aibreán 2017, agus ina dhiaidh sin tuairim fhabhrach fara agúis áirithe ón mBord um Ghrinnscrúdú Rialála an 8 Meitheamh 2017. Cuireadh na moltaí ó na tuairimí isteach sa tuarascáil[21]. Sa tuarascáil leasaithe tá cur síos níos cuimsithí ar an gcreat faireachais margaidh atá ann faoi láthair, ar an mbaint leis an 'bPacáiste um Shábháilteacht Táirgí Tomhaltais agus Faireachas Margaidh' ó 2013 agus ar thorthaí na meastóireachta. Athshaothraíodh léiriú na bhfadhbanna, na gcuspóirí agus na roghanna agus cuireadh fianaise thacaíochta agus meastacháin costas léi. Maidir le Líonra an Aontais um Chomhlíonadh Táirgí, leagtar amach sa tuarascáil na haschuir agus an costas a bhfuiltear ag súil leo i gcásanna éagsúla agus pléitear tionchair agus féidearthacht na roghanna rialachais chun Líonra an Aontais um Chomhlíonadh Táirgí a óstáil i ngníomhaireacht atá ann cheana nó sa Choimisiún. I bhfianaise a chasta a bheadh sé

[20] SWD (2017) 466, doiciméad inmheánach oibre de chuid sheirbhísí an Choimisiúin a ghabhann leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le forfheidhmiú reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais

[21] Tá an bhileog achoimre agus an tuairim fhabhrach ón mBord um Ghrinnscrúdú Rialála ar fáil ag [nasc le cur isteach].

rialacháin bhunaidh gníomhaireachta atá ann cheana a leasú, is ar an gCoimisiún a chuireann an togra seo cúram rúnaíocht thacaíochta an Líonra. Maidir le hoibleagáid monaróirí duine atá bunaithe san Aontas a ainmniú le bheith freagrach as faisnéis faoi chomhlíonadh, tá tuairisc sa tuarascáil ar an measúnú tionchair ar na samhlacha trádála agus gnó is mó a mbaineann siad leo, go háirithe ciandíolachán ó áit taobh amuigh de AE. Sa tuarascáil soiléirítear sainordú an duine atá freagrach as faisnéis faoi chomhlíonadh. Meastar freisin an costas a bhaineann le faisnéis faoi chomhlíonadh a éascú agus pléitear na tionchair ar thrádálaithe as tríú tíortha agus na dálaí córa margaidh do ghnólachtaí i mbun gnó san Aontas.

### 3.6. Cearta bunúsacha

Le tionchar na roghanna éagsúla a scrúdaíodh cuireadh an tionchar ar chearta bunúsacha bainteacha san áireamh. Urramaítear leis an togra reachtach na cearta bunúsacha agus cloíonn sé leis na prionsabail arna nglactar leo go háirithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Tá sé le léirmhíniú agus le cur i bhfeidhm de réir na gceart agus na bprionsabal sin. Chuirfeadh údaráis faireachas mhargaidh na cumhachtaí i bhfeidhm a leagtar amach sa Rialachán seo, ar bhonn comhréireachta agus riachtanais, agus faoi réir coimircí nóis imeachta náisiúnta.

Tá cothromaíocht mhionchúiseach sa togra reachtach seo idir na leasanna a chosnaítear le cearta bunúsacha, sláinte agus sábháilteacht, cosaint tomhaltóirí, cosaint an chomhshaoil, an tsaoirse gnó a sheoladh agus saoráil faisnéise.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Teastaíonn acmhainní daonna agus riaracháin don togra, mar aon le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí, mar a léirítear sa ráiteas airgeadais.

## 5. EILIMINTÍ EILE

### 5.1. Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe

Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo 5 bliana tar éis dháta a churtha i bhfeidhm, agus cuirfidh sé tuarascáil mheastóireachta faoi bhráid Parlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Sa tuarascáil measfar ar baineadh amach cuspóirí an Rialacháin, go háirithe maidir le líon na dtáirgí neamhchomhlíontacha a laghdú, forfheidhmiú éifeachtach éifeachtúil a áirithiú i dtaca le reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais, lena bhfeabhsaítear an comhar idir údaráis inniúla agus lena neartaítear rialuithe ar tháirgí atá ag teacht isteach i margadh an Aontais, agus a thionchar ar ghnóthaí agus ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide go háirithe san áireamh.

### 5.2. Teacht i bhfeidhm

Leis an togra chuirfí teacht i bhfeidhm an Rialacháin siar go dtí an 1 Eanáir 2020 chun go bhféadfadh na Ballstáit, na húdaráis faireachais margaidh, agus an Coimisiún Eorpach trí Líonra an Aontais um Chomhlíonadh Táirgí na socruithe praiticiúla agus na hathruithe reachtaíochta atá riachtanach a dhéanamh.

### 5.3. Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra

Tá 11 chaibidil sa togra, ina bhfuil 64 airteagal agus Iarscríbhinn amháin.

**Caibidil I – Forálacha ginearálta**

Sa Chaibidil seo sonraítear an raon feidhme agus na príomhthéarmaí a úsáidtear sa Rialachán. Tugtar na sainmhínithe a úsáidtear i Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 cothrom le dáta, go

háirithe le héagsúlacht na ngníomhaithe sa slabhra soláthair agus an riachtanas iad go léir a chur faoi réir reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais i leith táirgí, a chur san áireamh. Cuimsíonn an sainmhíniú ar 'oibreoir eacnamaíoch' gach uile ghníomhaí a mbaineann an reachtaíocht seo leis.

**Caibidil II – Faisnéis faoi chomhlíonadh**

Sa Chaibidil seo tugtar an coincheap 'duine atá bunaithe san Aontas atá freagrach as faisnéis faoi chomhlíonadh' mar choinníoll riachtanach chun na táirgí a chur ar fáil ar an margadh. Is iad na príomhchuspóirí reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais i leith táirgí a fhorfheidhmiú trí bhíthin teagmhálacha maithe idir monaróirí nó a n-ionadaithe ainmnithe agus na húdaráis faireachais margaidh, agus dálaí córa trádála a chruthú i margadh an Aontais.

Féadann an monaróir, an t-allmhaireoir nó oibreoir eacnamaíoch ar bith eile a ainmneoidh an monaróir a bheith ina dhuine atá freagrach as faisnéis faoi chomhlíonadh.

Is iad cúraimí an duine atá freagrach as faisnéis faoi chomhlíonadh go bunúsach faisnéis a chur ar fáil faoin táirge d'údaráis faireachais margaidh agus comhoibriú leis na húdaráis.

**Caibidil III – Cúnamh d'oibreoirí eacnamaíocha agus comhar leo**

Sa Chaibidil seo sonraítear an bealach le húdaráis inniúla agus oifigí idirchaidrimh aonair a ainmniú don Rialachán seo agus soiléirítear róil na n-oifigí idirchaidrimh aonair. Iarrtar ar na Ballstáit comhar rianúil a áirithiú idir bhaill an líonra forfheidhmiúcháin ina gcríoch. Ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú go dtacaíonn údaráis náisiúnta eile le hobair na n-údarás inniúil, go háirithe i gcásanna inar gá bearta coiriúla chun deireadh a chur leis an sárú.

**Caibidil IV – Eagrú agus prionsabail ghinearálta an fhaireachais margaidh**

Leis an Rialachán leagtar síos oibleagáidí na mBallstát maidir le faireachas margaidh a eagrú taobh istigh dá gcríche. Leagtar síos na nósanna imeachta atá le cur ar bun acu chun gearáin agus saincheisteanna a bhaineann le rioscaí a fhiosrú; chun faireachán a dhéanamh ar thimpistí agus ar dhíobháil do shláinte na n-úsáideoirí deiridh; chun gníomhaíochtaí ceartaitheacha a rinne oibreoirí eacnamaíocha a dearbhú; agus chun eolas eolaíoch agus teicniúil ar saincheisteanna sábháilteachta a fhiosrú.

Sa Rialachán sonraítear an chaoi ar cheart do Bhallstáit údaráis faireachais margaidh agus oifigí idirchaidrimh aonair a ainmniú. Leagtar síos prionsabail chomh maith maidir le gníomhaíochtaí na n-údarás faireachais margaidh, mar atá nach mór an faireachas a bheith éifeachtach, nach mór na bearta a bheith i gcomhréir leis an gcomhlíonadh, nach mór do na húdaráis cur chuige bunaithe ar an riosca a ghlacadh i gcomhthéacs tosca sonracha, agus nach mór dóibh gníomhú go trédhearcach neamhspleách neamhchlaonta.

Leis an Rialachán, ceanglaítear ar Bhallstáit straitéisí náisiúnta faireachais margaidh a eisiúint go rialta freisin agus liostaítear a bhfuil le cur isteach iontu.

**Caibidil V – Cumhachtaí agus bearta maidir le faireachas margaidh**

Sa Rialachán foráiltear do shraith cumhachtaí d'údaráis faireachais margaidh, a shonraítear d'fhonn a áirithiú go bhforfheidhmítear reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais i leith táirgí go héifeachtach thar theorainneacha. I measc na gcumhachtaí seo tá an chumhacht rochtain a fháil ar shonraí agus ar dhoiciméid a bhaineann le cás neamhchomhlíonta, iallach a chur ar oibreoirí eacnamaíocha agus ar eintitis phoiblí an fhaisnéis uile a bhaineann le cás neamhchomhlíonta a chur ar fáil; cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh; ceannach tástála agus rúnsiopadóireacht a dhéanamh; bearta sealadacha a ghlacadh; imscrúduithe nó nósanna imeachta a thosú a bhfuil mar aidhm leo deireadh a chur leis an neamhchomhlíonadh; cosc a chur ar sholáthar táirgí, nó iad a tharraingt amach agus a aistarraingt agus a dhíothú; pionóis a

ghearradh agus aisghabháil brabúis a ordú a fuarthas de barr an neamhchomhlíonta; agus cinntí a fhoilsiú, lena n-áirítear aitheantas an oibreora eacnamaíoch atá i gceist.

Agus na cumhachtaí seo á gcur i bhfeidhm, beidh an deis fós ag na Ballstáit a chinneadh an gcuirfidh na húdaráis inniúla na cumhachtaí íosta i bhfeidhm go díreach faoina n-údarás féin nó an gcuirfear na cumhachtaí seo i bhfeidhm trí iarratas chuig na cúirteanna, de réir dlí náisiúnta.

Sonraítear bearta faireachais margaidh sa Rialachán freisin agus leagtar amach na nósanna imeachta agus na prionsabail nach mór cloí leo. Maidir le táirgí a bhfuil riosca tromchúiseach ag baint leo a dteastaíonn idirghabháil mhear ina leith, nascann an Chaibidil seo le Treoir 2001/95/CE agus le Córas Mear-Rabhaidh an Aontais a bunaíodh faoin Treoir sin.

Tugtar isteach leis an Rialachán freisin an fhéidearthacht saoráidí tástála de chuid an Aontais a ainmniú agus sonraítear a gcuid cúraimí.

I dteannta an phrionsabail an faireachas margaidh a mhaoiniú, sa Chaibidil seo foráiltear maidir le húdaráis faireachais margaidh a gcostas a ghnóthú trí bhíthin táille riaracháin a ghearradh ar oibreoirí eacnamaíocha as an neamhchomhlíonadh.

**Caibidil VI – Comhar agus nós imeachta le haghaidh cúnamh frithpháirteach**

Tá dhá fhoirm cúnaimh fhrithpháirtigh ann:

- iarratais ar fhaisnéis, lenar féidir le húdaráis faireachais margaidh i mBallstát amháin faisnéis agus fianaise a fháil ó Bhallstát eile; agus
- iarratais ar bhearta forfheidhmiúcháin lenar féidir le húdaráis faireachais margaidh iarradh ar a gcomhúdaráis i mBallstát eile bearta forfheidhmiúcháin a dhéanamh.

Leagtar an nós imeachta amach maidir le hiarratais ar chúnamh frithpháirteach sa Rialachán. Caithfear na hiarratais seo a sheoladh chuig na hoifigí idirchaidrimh aonair i mBallstát an údaráis is iarratasóir agus i mBallstát an údaráis iarrtha, ag baint úsáid as foirmeacha caighdeánacha trí mheán córais faisnéise agus cumarsáide. Leis an Rialachán foráiltear gur féidir fianaise agus torthaí imscrúduithe a fhaightear i mBallstát amháin a úsáid i mBallstát eile.

Is é an bunphrionsabal é, má mheastar go bhfuil táirge neamhchomhlíontach de réir cinneadh údarás faireachais margaidh i mBallstát amháin, go nglacann údaráis faireachais margaidh i mBallstát eile leis go bhfuil sé neamhchomhlíontach, ach amháin má tá a mhalairt de fhanaise ag an oibreoir eacnamaíoch. Is é is aidhm d'ionstraimí an chúnaimh fhrithpháirtigh dul i ngleic le cásanna neamhchomhlíonta i gcomhthéacs trasteorann, agus bearta a cheadú chun deireadh a chur leis an neamhchomhlíonadh nó chun an táirge a chosc i ngach uile Bhallstát. Leis an Rialachán beidh sé níos fusa fianaise agus torthaí imscrúduithe, a fuarthas trí chumhachtaí íosta na n-údarás faireachais margaidh, a úsáid thar theorainneacha.

De réir an Rialacháin, caithfidh an t-údarás iarrtha freagra a thabhairt ar iarratas ar chúnamh frithpháirteach taobh istigh den teorainn ama a leagtar amach sna bearta cur chun feidhme.

Leis an Rialachán áirithítear go gcosnaítear rúin ghairmiúla agus tráchtála trí fhoráil a dhéanamh nach n-úsáidfear faisnéis a chuirfear in iúl d'údaráis faireachais margaidh ach le comhlíonadh reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais a áirithiú.

**Caibidil VII – Táirgí atá ag teacht isteach i margadh an Aontais**

Tá foráil sa Rialachán maidir le creat treisithe do rialuithe ar tháirgí atá ag teacht isteach i margadh an Aontais. Glactar leis gurb é an modh is éifeachtaí le seachaint go gcuirfí táirgí nach bhfuil sábháilte nó atá neamhchomhlíontach ar mhargadh an Aontais ná seiceálacha

iomchuí a dhéanamh orthu sula scaoiltear i saorchúrsaíocht iad. Déanann údaráis custaim rialuithe bunaithe ar anailís riosca.

Neartaítear an malartú faisnéise idir údaráis faireachais margaidh agus údaráis custaim freisin, go háirithe trí nósanna imeachta chun táirgí a scaoileadh agus chun a scaoileadh i saorchúrsaíochta a chur ar fionraí agus a dhiúltú. Féadfar faisnéis faoi tháirgí agus faoi oibreoirí eacnamaíocha a iarradh ar údaráis faireachais margaidh i gcás ina braithfear riosca níos airde de neamhchomhlíonadh. Tá ar údaráis custaim na húdaráis faireachais margaidh a chur ar an eolas gan mhoill faoi scaoileadh táirgí i saorchúrsaíocht agus faoi thorthaí rialuithe má tá an fhaisnéis sin ábhartha maidir le forfheidhmiú reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais.

Is féidir an scaoileadh i saorchúrsaíocht a chur ar fionraí:

- mura bhfuil na doiciméid riachtanacha ag gabháil leis an táirge, mura bhfuil marc nó lipéad de réir ceanglas, mura bhfuil comhartha CE nó comhartha eile air a cheanglaítear de réir reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais;
- mura féidir aon duine a shainaithint atá freagrach as faisnéis faoi chomhlíonadh atá bunaithe san Aontas; nó
- má tá údar ann a chreidiúint nach bhfuil an táirge curtha ar an margadh i gcomhréir le ceanglais a leagtar amach i reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais.

Foráiltear sa Rialachán freisin go mbeidh buntáiste ag táirgí ar dhearbhaigh oibreoirí eacnamaíocha údaraithe a bhfuil stádas speisialta acu de réir Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 le haghaidh scaoileadh i saorchúrsaíocht iad. Leagtar síos coinníollacha freisin maidir leis an mbuntáiste seo a chur ar fionraí dá dtiocfaí ar neamhchomhlíonadh le linn na rialuithe. Leagfar síos rialacha nós imeachta maidir le faisnéis a mhalartú faoi oibreoirí eacnamaíocha údaraithe, idir údaráis faireachais margaidh agus údaráis custaim, agus bearta á gcur chun feidhme.

**Caibidil VIII – Forfheidhmiú comhordaithe agus comhar idirnáisiúnta**

Leis an Rialachán cuirtear ar bun Líonra an Aontais um Chomhlíonadh Táirgí ('Líonra') taobh istigh den Choimisiún. Tá an Líonra comhdhéanta de bhord, de ghrúpaí comhordaithe riaracháin agus de rúnaíocht; sonraítear a chuid cúraimí sa Rialachán.

Is é ról an Líonra cúraimí forfheidhmiúcháin a chomhordú, agus dá bharr sin neartófar comhar faireachais margaidh ar leibhéal AE. Thairis sin, beidh an Líonra i gceannas ar chóras faisnéise agus cumarsáide a choimeád chun faisnéis a bhailiú agus a stóráil faoi fhorfheidhmiú reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais i leith táirgí. Tá an córas ar fáil don Choimisiún agus d'údaráis faireachais margaidh sna Ballstáit agus beidh comhéadan poiblí aige chun a bheith i gcomhréir leis an oibleagáid an pobal i gcoitinne a chur ar an eolas agus trédhearcacht a áirithiú.

Sa Rialachán leagtar amach an creat um chomhar idirnáisiúnta le tríú tíortha nó le heagraíochtaí idirnáisiúnta le háirithiú go bhforfheidhmítear reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais i leith táirgí. Tá foráil ann freisin maidir le córas rialuithe réamhonnmhairiúcháin a bhaineann le táirgí a dhéanfaidh tríú tír ar tháirgí sula n-onnmhaireofar chuig an Aontas iad. Leagfar síos cur chun feidhme an chórais seo trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme.

**Caibidil IX – Forálacha airgeadais**

Tá foráil sa Rialachán go maoineoidh an Coimisiún gníomhaíochtaí a bhaineann le gach ábhar atá faoi chuimsiú an bheartais ghinearálta faireachais margaidh don Aontas.

Tá clásail ghinearálta sa Rialachán maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint.

**Caibidil X – Forálacha críochnaitheacha**

Foráiltear sa Rialachán nach mbeidh an reachtaíocht comhchuibhithe de chuid an Aontais a liostaítear san Iarscríbhinn, nach mbeidh sí faoi réir Airteagal 15 go hAirteagal 29 de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008.

Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo 23 ionstraim dlí nach mór a leasú trí thagairtí d'Airteagal 15 go hAirteagal 29 de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 a scriosadh. Leis an Rialachán leasaítear Treoir 2004/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle freisin[22].

**Caibidil XI – Pionóis, meastóireacht, nós imeachta coiste agus teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Cé go n-aithnítear gur inniúlacht náisiúnta é pionóis a leagan síos, leagtar amach sa Rialachán seo treoirphrionsabal maidir le pionóis.

Leagtar amach sa Rialachán forálacha caighdeánacha freisin maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a mheasúnú agus maidir leis an nós imeachta coiste chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh.

**Iarscríbhinn**

Liostaítear san Iarscríbhinn ionstraimí comhchuibhithe dlí an Aontais i leith táirgí, d'fhonn raon feidhme chur i bhfeidhm an Rialacháin a shainiú.

22 Treoir 2004/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 maidir le hastaíochtaí de chomhdhúile soghalaithe orgánacha a theorannú, ar astaíochtaí iad a éiríonn as úsáid tuaslagóirí orgánacha i bpéinteanna agus i vearnaisí áirithe agus i dtáirgí ath-bhailchríochnaithe feithiclí (IO L 143, 30.2004, lch. 87).

2017/0353 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leagtar síos rialacha agus nósanna imeachta maidir le comhlíonadh agus forfheidhmiú reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais i leith táirgí agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 305/2011, (AE) 528/2012, (AE) 2016/424, (AE) 2016/425, (AE) 2016/426 agus (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Treoracha 2004/42/CE, 2009/48/CE, 2010/35/AE, 2013/29/AE, 2013/53/AE, 2014/28/AE, 2014/29/AE, 2014/30/AE, 2014/31/AE, 2014/32/AE, 2014/33/AE, 2014/34/AE, 2014/35/AE, 2014/53/AE, 2014/68/AE agus 2014/90/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 33, 114 agus Airteagal 207 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[23],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Chun saorghluaiseacht táirgí laistigh den Aontas a ráthú, is gá a áirithiú go gcomhlíonann táirgí ceanglais lena gcuirtear ardleibhéal cosanta ar fáil do leasanna an phobail amhail an tsláinte agus an tsábháilteacht i gcoitinne, an tsláinte agus an tsábháilteacht san ionad oibre, cosaint tomhaltóirí, cosaint an chomhshaoil agus an tslándáil phoiblí. Tá forfheidhmiú láidir na gceanglas sin bunriachtanach chun na leasanna sin a chosaint agus chun na dálaí a chruthú inar féidir borradh a theacht faoin iomaíocht chóir i margadh earraí an Aontais. Is gá, dá bhrí sin, an forfheidhmiú seo a áirithiú sa mhargadh inmheánach trí chéile, lena n-áirítear maidir le táirgí atá ag teacht isteach san Aontas ó thríú tíortha.

(2) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal ‘An Margadh Aonair a Uasghrádú: tuilleadh deiseanna do dhaoine agus do ghnólachtaí’[24] aithníodh mar thosaíocht an Margadh Aonair d'earraí a neartú trí tuilleadh iarrachta a dhéanamh le cosc a chur le táirgí neamhchomhlíontacha a chur ar mhargadh an Aontais. Ba cheart é seo a bhaint amach trí fhaireachas margaidh a neartú, na dreasachtaí cearta a thabhairt d'oibreoirí eacnamaíocha, na rialuithe comhlíonta a dhéanamh níos déine agus comhar trasteorann níos dlúithe idir údaráis forfheidhmiúcháin a chur chun cinn, lena n-áirítear comhar le húdaráis custaim.

23 IO C , , lch. .
24 COM(2015) 550 final an 28 Deireadh Fómhair 2015.

(3) Ba cheart an creat faireachais margaidh a neartú, d'fhonn comhlíonadh agus forfheidhmiú reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais i leith táirgí a fheabhsú a thuilleadh.

(4) I dTreoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[25] leagtar síos na ceanglais sábháilteachta ginearálta atá ar gach táirge tomhaltais agus foráiltear maidir le hoibleagáidí agus cumhachtaí sonracha de chuid na mBallstát maidir le táirgí contúirteacha mar aon le malartú faisnéise chuige sin trí Chóras Mear-Rabhaidh an Aontais um tháirgí neamhbhia contúirteacha (RAPEX). Ba cheart an deis a bheith ag na húdaráis faireachais margaidh na bearta is sonraí atá ar fáil dóibh faoin Treoir sin a ghlacadh. Chun leibhéal níos airde sábháilteachta a bhaint amach do tháirgí tomhaltais, ba cheart cur leis na sásraí um malartú faisnéise agus um idirghabháil mhear dá bhforáiltear i dTreoir 2001/95/CE agus a neartaítear i Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[26] chun iad a dhéanamh níos éifeachtaí.

(5) Leis an Rialachán seo ba cheart táirgí a chumhdach atá faoi réir na reachtaíochta comhchuibhithe de chuid an Aontais a liostaítear san Iarscríbhinn. Leis an reachtaíocht a liostaítear san Iarscríbhinn ba cheart an reachtaíocht comhchuibhithe uile de chuid an Aontais a chumhdach a bhaineann le táirgí monaraithe seachas bia, beatha, táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus lena n-úsáid sa tréidliacht, plandaí beo agus ainmhithe beo, táirgí de thionscnamh an duine agus táirgí plandaí agus ainmhithe a bhaineann go díreach lena n-atáirgeadh amach anseo. Áiritheoidh seo creat aonfhoirmeach d'fhaireachas margaidh ar na táirgí sin ag leibhéal an Aontais. Tá roinnt ionstraimí reachtaíochta comhchuibhithe de chuid an Aontais i leith táirgí atá le leasú dá thoradh sin, go háirithe chun tagairtí d'fhorálacha áirithe i Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 a bhaint. Má ghlactar le reachtaíocht comhchuibhithe nua de chuid an Aontais amach anseo, beidh foráil le déanamh sa reachtaíocht sin maidir le feidhm a bheith ag an rialachán seo maidir leis an reachtaíocht sin.

(6) Chun an creat reachtach foriomlán a chuíchóiriú agus a shimpliú, agus cuspóir na Rialála Níos Fearr á shaothrú ag an am céanna, ba cheart breathnú arís ar na rialacha is infheidhme maidir le rialuithe ar tháirgí atá ag teacht isteach i margadh an Aontais agus iad a chomhtháthú i gcreat reachtach aonair le haghaidh rialuithe ar tháirgí ag na teorainneacha seachtracha.

(7) Braitheann sábháilteacht na dtomhaltóirí go mór ar fhorfheidhmiú gníomhach na reachtaíochta comhchuibhithe de chuid an Aontais i leith táirgí lena bhforáiltear maidir le ceanglais sábháilteachta. Dá bhrí sin, tá sé riachtanach bearta forfheidhmiúcháin a neartú. Ba cheart na bearta seo a fheabhsú go leanúnach agus ba cheart iad a dhéanamh níos éifeachtaí i gcónaí chun tabhairt faoi dhúshláin reatha an mhargaidh dhomhanda agus an tslabhra soláthair a bhfuil ag méadú ar a gcastacht.

(8) Leis an gcreat a bhunaítear leis an Rialachán seo ba cheart comhlánú agus neartú a dhéanamh ar na forálacha atá i reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais cheana maidir le soláthar faisnéise faoi chomhlíonadh táirgí agus an creat um chomhar le hoibreoirí eacnamaíocha, faireachas margaidh ar tháirgí agus rialuithe ar na táirgí sin atá ag teacht isteach san Aontas. I gcomhréir leis an bprionsabal *lex specialis*, áfach, níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ach amháin a mhéid nach ann d'aon fhorálacha sonracha a bhfuil an cuspóir céanna nó an éifeacht chéanna acu, nó ar den

[25] Treoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Nollaig 2001 maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí (IO L 11, 15.1.2002, lch. 4).

[26] Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 (IO L 218, 13.8.2008, lch. 30).

chineál céanna iad, i rialacha eile atá ann nó a bheidh ann amach anseo de chuid reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais. Níor cheart, dá bhrí sin, feidhm a bheith ag forálacha comhfhreagracha an Rialacháin seo sna réimsí a chumhdaítear le forálacha sonracha den sórt sin, cuir i gcás iad siúd a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 273/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le réamhtheachtaithe drugaí[27], i Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosmaideacha[28], i Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le feistí leighis[29] agus Rialachán (AE) 2017/746 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le feistí leighis diagnóiseacha in vitro[30].

(9) Ba cheart an fhreagracht as reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais a fhorfheidhmiú a bheith ar na Ballstáit agus ba cheart ceangal a bheith ar a n-údaráis faireachais margaidh a áirithiú go gcomhlíontar an reachtaíocht go hiomlán. Ba cheart do na Ballstáit, mar sin, cineálacha cur chuige sistéamacha a chur ar bun le héifeachtacht an fhaireachais margaidh agus gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin eile a áirithiú.

(10) Ba cheart sainmhínithe áirithe a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 faoi láthair a ailíniú le sainmhínithe a leagtar amach i ngníomhartha eile de chuid an Aontais agus, i gcás inarb iomchuí, ba cheart iad a beith ina léiriú ar ollstruchtúr na slabhraí soláthair nua-aimseartha.

(11) Ba cheart a bheith ag súil leis go n-iompróidh na hoibreoirí eacnamaíocha feadh an tslabhra soláthair ar fad iad féin go freagrach agus i lán-chomhréir leis na ceanglais dlí is infheidhme agus iad ag cur táirgí ar an margadh nó á gcur ar fáil ar an margadh, chun comhlíonadh reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais i leith táirgí a áirithiú. Ba cheart an Rialachán seo a bheith gan dochar do na hoibleagáidí a chomhfhreagraíonn do ról gach oibreora eacnamaíoch i bpróiseas an tsoláthair agus an dáilte de bhun forálacha sonracha i reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais, agus ba cheart an fhreagracht deiridh a bheith ar an monaróir fós go gcomhlíonann an táirge na ceanglais atá i reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais.

(12) Tá a lán oibreoirí eacnamaíocha éagsúla ann i slabhraí soláthair an lae inniu ar cheart dóibh go léir a bheith faoi réir fhorfheidhmiú reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais, agus a ról faoi seach sa slabhra soláthair agus an méid a chuireann siad le táirgí a chur ar fáil do mhargadh an Aontais á chur san áireamh go cuí. Dá bhrí sin, is gá an Rialachán seo a chur i bhfeidhm maidir le hoibreoirí eacnamaíocha a bhfuil baint dhíreach acu le Rialachán (CE) Uimh. 273/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[31], Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[32], Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón

---

27 Rialachán (AE) Uimh. 1258/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 273/2004 maidir le réamhtheachtaithe drugaí (IO L 47, 18.2.2004, lch. 1).

28 Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le táirgí cosmaideacha (IO L 342, 22.12.2009, lch. 59).

29 Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis, lena leasaítear Treoir 2001/83/CE, Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 agus Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 90/385/CEE ón gComhairle agus Treoir 93/42/CEE ón gComhairle (IO L 117, 5.5.2017, lch. 1).

30 Rialachán (AE) 2017/746 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis diagnóiseacha in vitro agus lena n-aisghairtear Treoir 98/79/CE agus Cinneadh 2010/227/AE ón gCoimisiún (IO L 117, 5.5.2017, lch. 176).

31 Rialachán (CE) Uimh. 273/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 maidir le réamhtheachtaithe drugaí (IO L 47, 18.2.2004, lch. 1).

32 Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoir 91/155/CEE ón gCoimisiún, Treoir 93/67/CEE ón gCoimisiún, Treoir 93/105/CE ón gCoimisiún agus Treoir 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1).

gComhairle[33], Rialachán (CE) Uimh. 1222/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[34], Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009, Rialachán (AE) 2016/424 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[35], Rialachán (AE) 2016/425 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[36], Rialachán (AE) 2016/426 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[37] agus Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[38], Rialachán (AE) 2017/745 agus Rialachán (AE) 2017/746, agus le Treoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[39], Treoir 2006/66/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[40], Treoir 2009/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[41], Treoir 2010/35/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[42], Treoir 2013/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[43], Treoir 2013/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[44], Treoir 2014/28/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[45], Treoir 2014/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[46], Treoir 2014/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[47], Treoir 2014/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[48], Treoir 2014/32/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[49], Treoir 2014/33/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[50], Treoir 2014/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[51], Treoir 2014/35/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón

---

33 Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1).

34 Rialachán (CE) Uimh. 1222/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le lipéadú bonn i leith éifeachtúlachta breosla agus paraiméadar riachtanach eile (IO L 342, 22.12.2009, lch. 46).

35 Rialachán (AE) 2016/424 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le suiteálacha cábla-bhealaigh agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/9/CE (IO L 81, 31.3.2016, lch. 1).

36 Rialachán (AE) 2016/425 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le trealamh cosanta pearsanta agus lena n-aisghairtear Treoir 89/686/CEE ón gComhairle (IO L 81, 31.3.2016, lch. 51).

37 Rialachán (AE) 2016/426 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le fearais a dhónn breoslaí gásacha agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/142/CE (IO L 81, 31.3.2016, lch. 99).

38 Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2017 lena leagtar amach creat i gcomhair lipéadú fuinnimh agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/30/AE (IO L 198, 28.7.2017, lch. 1).

39 Treoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hinnealra, agus lena leasaítear Treoir 95/16/CE (athmhúnlú) (IO L 157, 9.6.2006, lch. 24).

40 Treoir 2006/66/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Meán Fómhair 2006 maidir le ceallraí agus taisc-cheallraí agus ceallraí agus taisc-cheallraí dramhaíola agus lena n-aisghairtear Treoir 91/157/CEE (IO L 266, 26.9.2006, lch. 1).

41 Treoir 2009/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 maidir le sábháilteacht bréagán (IO L 170, 30.6.2009, lgh. 1–37);

42 Treoir 2010/35/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meitheamh 2010 maidir le brú-threalamh iompartha agus lena n-aisghairtear Treoracha 76/767/CEE, 84/525/CEE, 84/526/CEE, 84/527/CEE agus 1999/36 ón gComhairle (IO L 165, 30.6.2010, lgh. 1-18).

43 Treoir 2013/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir le comhchuibhiú ar dhlíthe na mBallstát a bhaineann le hearraí piriteicniúla a chur ar fáil ar an margadh (athmhúnlú) (IO L 178, 28.6.2013, lch. 27).

44 Treoir 2013/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 maidir le hárthaí siamsaíochta agus árthaí pearsanta uisce agus lena n-aisghairtear Treoir 94/25/CE (IO L 354, 28.12.2013, lch. 90).

45 Treoir 2014/28/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuibhiú ar dhlíthe na mBallstát a bhaineann le pléascáin le haghaidh úsáidí sibhialta a chur ar fáil ar an margadh agus a mhaoirsiú (athmhúnlú) (IO L 96, 29.3.2014, lch. 1).

46 Treoir 2014/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuibhiú ar dhlíthe na mBallstát a bhaineann le hárthaí brú simplí a chur ar fáil ar an margadh (IO L 96, 29.3.2014, lch. 45).

47 Treoir 2014/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le comhoiriúnacht leictreamaighnéadach (athmhúnlú) (IO L 96, 29.3.2014, lch. 79).

48 Treoir 2014/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le huirlisí neamh-uathoibríocha meáite a chur ar fáil ar an margadh (IO L 96, 29.3.2014, lch. 107).

49 Treoir 2014/32/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le huirlisí tomhais a chur ar fáil ar an margadh (athmhúnlú) (IO L 96, 29.3.2014, lch. 149).

50 Treoir 2014/33/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát i dtaca le hardaitheoirí agus le comhpháirteanna sábháilteachta. (IO L 96, 29.3.2014, lch. 251).

51 Treoir 2014/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh agus córais chosanta atá ceaptha chun úsáid in atmaisféir a d'fhéadfadh bheith pléascach (athmhúnlú) (IO L 96, 29.3.2014, lch. 309).

gComhairle[52], Treoir 2014/68/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[53], agus Treoir 2014/90/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[54].

(13) Ina theannta sin, tá an ríomhthráchtáil tagtha chun cinn, cuid mhór, mar gheall ar iomadú sholáthraithe seirbhíse na sochaí faisnéise, trí ardáin agus ar íocaíocht de ghnáth, a thairgeann seirbhísí idirghabhálacha trí inneachar tríú páirtí a stóráil, ach gan aon smacht a bheith acu ar an inneachar sin, sa dóigh nach bhfuil siad ag gníomhú thar ceann an oibreora eacnamaíoch. Má bhaintear inneachair a bhaineann le táirgí neamhchomhlíontacha nó, mura féidir sin, má chuirtear bac ar rochtain ar tháirgí neamhchomhlíontacha a thairgtear trína seirbhísí, ba cheart sin a bheith gan dochar do na rialacha a leagtar síos i dTreoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[55]. Go háirithe, níor cheart aon oibleagáid ghinearálta a chur ar sholáthraithe seirbhíse faireachán a dhéanamh ar an bhfaisnéis a tharchuireann siad nó a stórálann siad, ná níor cheart oibleagáid ghinearálta a chur orthu fíricí nó tosca a lorg go gníomhach a léireodh gníomhaíocht mhídhleathach. Thairis sin, níor cheart soláthraithe seirbhíse óstála a chur faoi dhliteanas fad is nach bhfuil eolas iarbhír acu ar ghníomhaíocht mhídhleathach nó ar fhaisnéis mhídhleathach agus nach bhfuil siad ar an eolas faoi na fíricí nó faoi na tosca a léiríonn an ghníomhaíocht mhídhleathach nó an fhaisnéis mhídhleathach.

(14) Ba cheart a áirithiú le margadh aonair níos córa dálaí cothroma iomaíochta do na oibreoirí eacnamaíocha uile agus cosaint ar iomaíocht éagórach. Chun na críche sin, is gá forfheidhmiú neartaithe maidir le reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais i leith táirgí. Tá an comhar maith idir monaróirí agus na húdaráis faireachais margaidh ina eilimint ríthábhachtach a fhágann gur féidir idirghabháil agus gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh láithreach i dtaobh an táirge. Tá sé tábhachtach duine teagmhála a bheith bunaithe san Aontas ionas go bhfuil duine ann a bhféadann na húdaráis faireachais margaidh ceisteanna a chur air maidir le táirge reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais a chomhlíonadh. Is é ba cheart a bheith sa duine atá freagrach as an bhfaisnéis sin faoi chomhlíonadh a sholáthar, an monaróir, nó an t-allmhaireoir, nó duine eile arna ainmniú ag an monaróir chuige sin, oibreoir eacnamaíoch eile mar shampla. Tá ról an duine bunaithe san Aontas atá freagrach as faisnéis faoi chomhlíonadh bunriachtanach chun teagmhálaí atá bunaithe san Aontas a chur ar fáil d'údaráis faireachais margaidh, agus chun tabhairt faoi shainchúraimí go prapúil lena áirithiú go gcomhlíonann na táirgí ceanglais reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais, ar mhaithe le tomhaltóirí, le hoibrithe agus le gnólachtaí taobh istigh den Aontas. Na forálacha den Rialachán seo lean gceanglaítear duine bunaithe san Aontas a bheith ann a bheidh freagrach as faisnéis faoi chomhlíonadh, níor cheart feidhm a bheith acu i gcás ina mbainfí an toradh céanna amach trí cheanglais shonracha a leagtar amach in ionstraimí áirithe dlí maidir le táirgí, mar atá Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009, Airteagal 15 de Rialachán (AE) 2017/745 agus Airteagal 15 de Rialachán 2017/746.

(15) Ba cheart do na Ballstáit cúnamh a thabhairt d'oibreoirí eacnamaíocha le faisnéis faoin reachtaíocht comhchuibhithe de chuid an Aontais atá infheidhme trí na Pointí

52 Treoir 2014/35/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh leictreach a chur ar fáil ar an margadh, ar trealamh é a dheartar lena úsáid laistigh de theorainneacha áirithe voltais (IO L 96, 29.3.2014, lch. 357).

53 Treoir 2014/68/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le brú-threalamh a chur ar fáil ar an margadh (IO L 189, 27.6.2014, lch. 164).

54 Treoir 2014/90/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le trealamh muirí agus lena n-aisghairtear Treoir 96/98/CE ón gComhairle (IO L 257, 28.8.2014, lch. 146).

55 Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gnéithe áirithe dlí de sheirbhísí na sochaí faisnéise, go háirithe an tráchtáil leictreonach, sa Mhargadh Inmheánach (Treoir um thráchtáil leictreonach) (IO L 178, 17.07.2000, lch. 1).

Teagmhála do Tháirgí a bhunaítear faoi Rialachán (AE) [*Tagairt do Rialachán nua um aitheantas frithpháirteach le cur isteach*][56], nó le treoir maidir leis an reachtaíocht comhchuibhithe de chuid an Aontais atá infheidhme, ón údarás faireachais margaidh faoi chuimsiú socruithe comhpháirtíochta um chomhlíonadh. Ba cheart na húdaráis faireachais margaidh a bheith in ann tógáil ar an gcomhar atá ann cheana le páirtithe leasmhara agus ba cheart cead a bheith acu meabhráin tuisceana a thabhairt i gcrích le páirtithe leasmhara, d'fhonn an comhlíonadh a chur chun cinn nó an neamhchomhlíonadh a aithint maidir le catagóirí táirgí laistigh de limistéar geografach.

(16) Ba cheart do na Ballstáit a n-údaráis faireachais margaidh féin a ainmniú. Chun cúnamh riaracháin agus comhar a éascú, ba cheart do na Ballstáit oifig idirchaidrimh aonair a ainmniú. Ba cheart d'oifigí idirchaidrimh comhordú gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin agus faireachais margaidh a áirithiú, mar aon le cumarsáid le faireachas margaidh na mBallstát eile agus leis an gCoimisiún.

(17) Is gá Líonra an Aontais um Chomhlíonadh Táirgí a bhunú, faoi choimirce an Choimisiún, a mbeidh sé mar aidhm aige cur chun feidhme ghníomhaíochtaí comhpháirteacha forfheidhmiúcháin na mBallstát, amhail imscrúduithe comhpháirteacha, a chomhordú agus a éascú. Leis an struchtúr tacaíochta riaracháin sin, ba cheart a bheith in ann acmhainní a roinnt agus córas cumarsáide agus faisnéise a choimeád idir na Ballstáit agus an Coimisiún, sa dóigh go neartófar forfheidhmiú reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais i leith táirgí agus díspreagfar sáruithe.

(18) Ba cheart gníomhaíochtaí faireachais margaidh a bheith críochnúil agus éifeachtach, lena áirithiú go gcuirtear reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais i leith táirgí i bhfeidhm i gceart. Ós rud é go bhféadfadh rialuithe a bheith ina n-ualach ar oibreoirí eacnamaíocha, ba cheart do na húdaráis faireachais margaidh gníomhaíochtaí cigireachta a eagrú agus a dhéanamh, ag cur a leasanna siúd san áireamh agus an t-ualach réamhráite a theorannú don mhéid is gá chun rialuithe éifeachtúla éifeachtacha a dhéanamh. Thairis sin, ba cheart d'údaráis inniúla an Bhallstáit na gníomhaíochtaí faireachais margaidh a dhéanamh leis an leibhéal céanna cúraim is cuma an mbaineann neamhchomhlíonadh an táirge ar leith le críoch an Bhallstáit sin nó an dócha go mbeidh tionchar aige ar mhargadh Ballstáit eile.

(19) Chun a áirithiú go bhforfheidhmeofar i gceart reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais i leith táirgí, ba cheart sraith chomhchoiteann cumhachtaí imscrúdaitheacha agus forfheidhmiúcháin a bheith ag na húdaráis faireachais margaidh, a fhágfaidh go mbeifear in ann tuilleadh comhair a dhéanamh idir údaráis faireachais margaidh agus gur éifeachtaí an díspreagadh maidir le hoibreoirí eacnamaíocha a sháraíonn reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais dá dtoil féin. Ba cheart na cumhachtaí sin a bheith láidir go leor le dul i ngleic leis na dúshláin forfheidhmiúcháin a bhaineann le reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais, mar aon le dúshláin na ríomhthráchtála agus na timpeallachta digití agus le cosc a chur ar oibreoirí eacnamaíocha leas a bhaint as bearnaí i gcóras an fhorfheidhmithe trí athlonnú i mBallstáit nach bhfuil sé d'acmhainn ag a n-údaráis faireachais margaidh dul i ngleic le cleachtaí neamhdhleathacha. Go háirithe, ba cheart a áirithiú leis na cumhachtaí gur féidir faisnéis agus fianaise a mhalartú idir na húdaráis inniúla chun go bhféadfar forfheidhmiú a dhéanamh mar an gcéanna i ngach uile Bhallstát.

(20) Ba cheart an Rialachán seo a bheith gan dochar do shaoirse na mBallstát an córas forfheidhmiúcháin a roghnú a mheasann siad is iomchuí. Ba cheart na Ballstáit a

56 Rialachán (AE) […] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an … (IO L, , lch. )

bheith saor rogha a dhéanamh cé acu a fhéadfaidh a n-údaráis faireachais margaidh imscrúduithe agus forfheidhmiú a dhéanamh go díreach faoina n-údarás féin nó trí iarratas a dhéanamh ar na cúirteanna inniúla.

(21) Ba cheart na húdaráis faireachais margaidh a bheith in ann tús a chur le himscrúduithe ar a dtionscnamh féin má fhaigheann siad amach gur cuireadh táirgí neamhchomhlíonacha ar an margadh.

(22) Ba cheart rochtain a bheith ag na húdaráis faireachais margaidh ar an bhfianaise, ar an sonraí agus ar an bhfaisnéis uile is gá dá mbaineann leis an ábhar atá á imscrúdú chun a dhéanamh amach ar sáraíodh an reachtaíocht comhchuibhithe is infheidhme de chuid an Aontais, agus go háirithe chun an t-oibreoir eacnamaíoch atá freagrach a shainaithint, is cuma cé aige a bhfuil an fhianaise, an fhaisnéis nó na sonraí atá i gceist agus is cuma cá bhfuil siad agus cén formáid ina bhfuil siad. Ba cheart na húdaráis faireachais margaidh a bheith in ann iarraidh ar thríú páirtithe sa slabhra breisluacha digiteach an fhianaise, na sonraí agus an fhaisnéis uile is gá a sholáthar.

(23) Ba cheart na húdaráis faireachais margaidh a bheith in ann na cigireachtaí ar an láthair is gá a dhéanamh, agus ba cheart an chumhacht a bheith acu dul isteach in aon áitreabh, ar aon talamh nó ar aon mhodh iompair a úsáideann an t-oibreoir eacnamaíoch chun críche a ghníomhaíochta tráchtála, a ghnó, a cheirde nó a ghairme.

(24) Ba cheart na húdaráis faireachais margaidh a bheith in ann a cheangal ar aon ionadaí nó ar aon bhall foirne de chuid an oibreora eacnamaíoch lena mbaineann mínithe a thabhairt nó fíricí, faisnéis nó doiciméid a sholáthar a bhaineann le hábhar na cigireachta ar an láthair, agus na freagraí a thugann an t-ionadaí sin nó an ball foirne sin a thaifeadadh.

(25) Ba cheart na húdaráis faireachais margaidh a bheith in ann a sheiceáil an gcomhlíonann táirgí atá le cur ar fáil ar an margadh reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais agus fianaise de neamhchomhlíonadh a fháil. Ba cheart, dá bhrí sin, an chumhacht a bheith acu ceannach tástála a dhéanamh agus, mura féidir an fhianaise a fháil ar bhealaí eile, táirgí a cheannach faoi chéannacht cheilte.

(26) Sa timpeallacht dhigiteach go háirithe, ba cheart na húdaráis faireachais margaidh a bheith in ann deireadh a chur le neamhchomhlíonadh go gasta agus go héifeachtach, go háirithe i gcás ina gceilfidh an t-oibreoir eacnamaíoch a dhíolann an táirge a aitheantas nó ina n-athlonnóidh sé laistigh den Aontas nó chuig tríú tír chun an forfheidhmiú a sheachaint. I gcásanna ina bhfuil riosca ann go ndéanfar díobháil thromchúiseach dholeigheasta d'úsáideoirí deiridh de dheasca an neamhchomhlíonta, ba cheart na húdaráis faireachais margaidh a bheith in ann bearta sealadacha a dhéanamh, mura bhfuil bealach eile chun an díobháil sin a sheachaint nó a mhaolú, lena n-áirítear, más gá, suíomh gréasáin, seirbhís nó cuntas a chur ar fionraí, nó ainm fearainn lán-cháilithe a chur ar choinneáil go ceann tréimhse shonrach ama, i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i dTreoir 2000/31/CE. Thairis sin, ba cheart an chumhacht a bheith ag na húdaráis faireachais margaidh suíomh gréasáin, seirbhís nó cuntas nó cuid de a dhúnadh nó ceangal a chur ar sholáthraí seirbhíse tríú páirtí é a dhúnadh, nó ainm fearainn lán-cháilithe a scriosadh.

(27) Oibríonn na húdaráis faireachais margaidh ar mhaithe le hoibreoirí eacnamaíocha, le húsáideoirí deiridh, agus leis an bpobal i gcoitinne, lena áirithiú go gcaomhnaítear agus go gcosnaítear i dtólamh, le bearta cuí forfheidhmiúcháin, na leasanna poiblí a bunaíodh le reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais i leith táirgí, agus go n-áirithítear comhlíonadh na reachtaíochta sin feadh an tslabhra soláthair trí rialuithe cuí. Dá bharr

sin, ba cheart do na húdaráis faireachais margaidh cuntas a thabhairt d'oibreoirí eacnamaíocha, d'úsáideoirí deiridh agus don phobal i gcoitinne maidir le héifeachtúlacht agus le héifeachtacht na ngníomhaíochtaí a dhéanann siad. Ba cheart dóibh rochtain a sholáthar ar fhaisnéis a bhaineann le heagrú agus le feidhmiú a gcuid gníomhaíochtaí, lena n-áirítear rialuithe, agus faisnéis a fhoilsiú go rialta faoi ghníomhaíochtaí a rinneadh agus faoi thorthaí na ngníomhaíochtaí sin. Ba cheart freisin, faoi réir coinníollacha áirithe, iad a bheith i dteideal faisnéis a fhoilsiú nó a chur ar fáil faoi theist oibreoirí eacnamaíocha aonair maidir le comhlíonadh, bunaithe ar thoradh rialuithe faireachais margaidh.

(28) Ba cheart d'oibreoirí eacnamaíocha comhoibriú go hiomlán leis na húdaráis faireachais margaidh agus le húdaráis inniúla eile chun feidhmiú rianúil na ngníomhaíochtaí faireachais margaidh a áirithiú agus chun gur féidir na húdaráis a gcúraimí a dhéanamh.

(29) Ba cheart an Rialachán seo a bheith gan dochar d'fheidhmiú RAPEX i gcomhréir le Treoir 2001/95/CE agus le Rialachán (CE) Uimh. 765/2008.

(30) Ba cheart an Rialachán seo a bheith gan dochar do nós imeachta an chlásail cosanta dá bhforáiltear i reachtaíocht comhchuibhithe earnála an Aontais, de bhun Airteagal 114(10) den Chonradh. D'fhonn leibhéal coibhéiseach cosanta a áirithiú ar fud an Aontais, ba cheart Ballstáit a údarú bearta sriantacha a dhéanamh maidir le táirgí ar baol iad don tsláinte nó don tsábháilteacht, nó do ghnéithe eile de chosaint leas a phobail. Ba cheart ceangal a bheith orthu fógra a thabhairt faoi na bearta sin do na Ballstáit eile agus don Choimisiún, chun go bhféadfadh an Coimisiún seasamh a ghlacadh ar na bearta náisiúnta a chuireann srian le saorghluaiseachta táirgí d'fhonn feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú.

(31) Ba cheart an fhaisnéis a mhalartaítear idir údaráis faireachais margaidh, agus úsáid fianaise agus torthaí imscrúduithe, a bheith faoi réir na ráthaíochtaí is déine maidir le rúndacht agus rúndacht ghairmiúil agus tráchtála. Ba cheart faisnéis a láimhseáil de réir an dlí náisiúnta is infheidhme, chun a áirthiú nach gcuirtear imscrúduithe i mbaol agus nach ndéantar dochar do chlú an oibreora eacnamaíoch.

(32) Más gá, chun críocha an Rialacháin seo, sonraí pearsanta a phróiseáil, ba cheart é sin a dhéanamh de réir dhlí an Aontais um chosaint sonraí pearsanta. Tá aon phróiseáil sonraí pearsanta faoin Rialachán seo faoi réir Rialacháin (AE) Uimh. 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[57] agus Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[58], de réir mar a bheidh.

(33) Le hiontaofacht agus comhréireacht na tástála ar fud an Aontais a áirithiú i gcomhthéacs an fhaireachais margaidh, ba cheart don Choimisiún saoráidí tástála an Aontais a ainmniú. Thairis sin, ba cheart córas faisnéise níos cuimsithí a fhorbairt le torthaí tástála a roinnt taobh istigh den Aontas chun dúbailt nach bhfuil gá léi a sheachaint agus comhsheasmhacht níos mó a áirithiú ag leibhéal an Aontais.

(34) Na saotharlanna a ainmneoidh an Coimisiún ina saoráidí tástála de chuid an Aontais, ba cheart an saineolas, an trealamh, an bonneagar agus an fhoireann a bheith acu chun cúraimí a dhéanamh ar an gcaighdeán is airde. Le torthaí maithe iontaofa a áirithiú, ba

[57] Rialachán (CE) Uimh. 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

[58] Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 8, 12.1.2001, lch. 1).

cheart saoráidí tástála an Aontais a bheith creidiúnaithe de réir chaighdeáin chomhchuibhithe ábhartha an Aontais. Ba cheart an creidiúnú a bheith tugtha ag comhlacht creidiúnaithe náisiúnta a oibríonn i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 765/2008.

(35) Ba cheart ceangal a bheith ar na Ballstáit a áirithiú go bhfuil acmhainní airgeadais leordhóthanacha i gcónaí ar fáil chun foireann agus trealamh a sholáthar go cuí do na húdaráis faireachais margaidh. An ghníomhaíocht faireachais margaidh atá éifeachtúil, tá sí dian ar acmhainní, agus ba cheart acmhainní cobhsaí a chur ar fáil, ag leibhéal atá cuí do riachtanais an fhorfheidhmithe ag aon am ar leith. Dá bhrí sin, ba cheart cur leis an maoiniú poiblí trí bhíthin táillí a bhailiú le híoc as na costais a thabhaítear agus gníomhaíochtaí faireachais margaidh á ndéanamh maidir le táirgí a bhfuarthas amach go raibh siad neamhchomhlíontach, agus teist an oibreora eacnamaíoch maidir le comhlíonadh á cur san áireamh go cuí.

(36) Ba cheart trédhearcacht iomlán a bheith ag baint le maoiniú gníomhaíochtaí faireachais margaidh trí tháillí arna mbailiú ó oibreoirí eacnamaíocha, ionas go mbeidh saoránaigh agus gnólachtaí in ann an modh agus na sonraí a úsáideadh le táillí a leagan síos a thuiscint agus ionas gur féidir iad a chur ar an eolas faoi úsáid ioncaim ó tháillí.

(37) Is iomchuí go n-ainmneoidh na Ballstáit na húdaráis a bheidh freagrach as an reachtaíocht custaim a chur i bhfeidhm agus aon údaráis eile a bheidh, de réir dlí náisiúnta, i gceannas rialuithe ar tháirgí atá ag teacht isteach i margadh an Aontais;

(38) Ba mhodh éifeachtach é le seachaint go gcuirfí táirgí neamhshábháilte nó neamhchomhlíontacha ar mhargadh an Aontais na táirgí sin a bhrath sula scaoilfí i saorchúrsaíocht iad. Tá forléargas iomlán ag údaráis custaim, ós iad na húdaráis atá i gceannas ar rialú na dtáirgí atá ag teacht isteach i gcríoch chustaim an Aontais iad, ar shreafaí trádála thar na teorainneacha seachtracha, agus dá bhrí sin ba cheart a cheangal orthu rialuithe iomchuí a dhéanamh ar bhonn measúnú riosca, chun an margadh a dhéanamh níos sábháilte. Ní féidir forfheidhmiú aonfhoirmeach a bhaint amach maidir le reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais i leith táirgí ach amháin trí chomhar córasach agus trí mhalartú faisnéise idir údaráis faireachais margaidh agus údaráis custaim. An fhaisnéis uile is gá maidir le táirgí neamhchomhlíontacha nó faisnéis faoi oibreoirí eacnamaíocha ar aithníodh riosca níos airde neamhchomhlíonta ina leith, ba cheart na húdaráis sin an fhaisnéis sin a fháil i bhfad roimh ré ó na húdaráis faireachais margaidh. Dá réir sin, ba cheart do na húdaráis custaim na húdaráis faireachais margaidh a chur ar an eolas go prapúil faoi scaoileadh táirgí i saorchúrsaíocht agus faoi thorthaí rialuithe sa chás go bhfuil an fhaisnéis sin ábhartha maidir le forfheidhmiú reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais i leith táirgí. Thairis sin, i gcás ina bhfaighidh an Coimisiún amach go bhfuil riosca tromchúiseach ag baint le táirge allmhairithe, ba cheart dó na Ballstáit a chur ar an eolas faoi na rioscaí sin chun a áirithiú go ndéanfar rialuithe comhordaithe agus níos éifeachtaí ar chomhlíonadh agus ar fhorfheidhmiú ag na chéad phointí iontrála san Aontas.

(39) Chun tacaíocht a thabhairt d'údaráis custaim agus faireachais margaidh agus iad i mbun cúraimí a bhaineann le rialuithe ar tháirgí atá ag teacht isteach i gcríoch chustaim an Aontais, ba cheart láimhseáil níos fabhraí a dheonú maidir le táirgí atá dearbhaithe ag oibreoir eacnamaíoch údaraithe, mar a shainmhínítear sin in Airteagal 38(2) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, le haghaidh scaoileadh i saorchúrsaíocht, go dtí go mbunófar nós imeachta maidir le malartú faisnéise faoi stádas na n-oibreoirí eacnamaíocha údaraithe agus faoin teist atá orthu maidir le

comhlíonadh i ndáil le sábháilteacht táirgí. Le cur chuige den sórt sin, bheadh rialú níos spriocdhírithe ann, ar bhonn riosca, ar tháirgí a scaoiltear i saorchúrsaíocht.

(40) Ba cheart an Coimisiún a bheith in ann faisnéis faoi fhaireachas margaidh a mhalartú le húdaráis rialála tríú tíortha nó le heagraíochtaí idirnáisiúnta, d'fhonn an comhlíonadh a áirithiú sula n-onnmhaireoidh siad táirgí go margadh an Aontais.

(41) Sa chomhthéacs sin, is gá an Córas Faisnéise agus Cumarsáide le haghaidh Faireachas Margaidh (ICSMS) atá ann cheana a choimeád agus a fhorbairt a thuilleadh. Chun faisnéis a bhailiú faoi fhorfheidhmiú reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais i leith táirgí, ba cheart ICSMS a uasghrádú agus rochtain a bheith ag an gCoimisiún, ag na hoifigí idirchaidrimh aonair, agus ag na húdaráis faireachais margaidh air, agus ag an bpobal i gcoitinne chomh maith trí chomhéadan poiblí. Thairis sin, ba cheart comhéadan leictreonach a fhorbairt chun go bhféadfar faisnéis a mhalartú go héifeachtach idir córais náisiúnta custaim agus údaráis faireachais margaidh.

(42) Ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an Rialachán seo os coinne na gcuspóirí atá á saothrú ann. De bhun phointe 22 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[59], ba cheart an mheastóireacht, a bheidh bunaithe ar éifeachtúlacht, ar éifeachtacht, ar chomhleanúnachas agus ar bhreisluach, ba cheart í a bheith ina bunús do mheasúnuithe tionchair ar roghanna maidir le tuilleadh gníomhaíochta.

(43) Ba cheart leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhearta comhréireacha feadh an timthrialla caiteachais, lena n-áirítear neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath agus a fhiosrú, cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a ghnóthú agus, i gcás inarb iomchuí, pionós airgeadais agus riaracháin a ghearradh.

(44) Tá éagsúlacht na smachtbhannaí ar fud an Aontais ar na príomhchúiseanna le díspreagadh neamhleor agus le cosaint mhíchothrom. Is le dlínse náisiúnta a bhaineann rialacha faoi smachtbhannaí a bhunú, lena n-áirítear pionóis airgid, agus dá bhrí sin ba cheart iad a chinneadh sa dlí náisiúnta iad. Mar sin féin, ba cheart critéir agus treoirphrionsabail chomhchoiteanna a bhunú maidir le leibhéal na bpionós a leagan amach chun díspreagadh aonfhoirmeach éifeachtach a bhaint amach ar fud an Aontais. Is den riachtanas é sraith critéar a cheapadh maidir le leibhéil pionóis a leagan amach ar fud an Aontais a bheidh éifeachtach comhréireach athchomhairleach, go háirithe maidir le hiompraíocht na n-oibreoirí eacnamaíocha san am a chuaigh thart, maidir lena gcomhoibriú le linn imscrúduithe na n-údarás faireachais margaidh, agus maidir le leibhéal na díobhála, chun cosc a chur ar laigí a bheadh ina spreagadh le siopadóireacht fóram.

(45) Chun dálaí aonfhoirmeacha a áirithiú chun an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún maidir leis na nósanna imeachta um shaoráidí tástála an Aontais a ainmniú, maidir leis an nós imeachta um iarratais ar fhaisnéis agus um iarratais ar bhearta forfheidhmiúcháin, maidir le sonraí staidrimh a chumhdaíonn rialuithe arna ndéanamh ag na húdaráis custaim i leith táirgí atá faoi réir reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais, maidir leis na sonraí atá le malartú agus an nós imeachta atá le leanúint i ndáil le malartú faisnéise idir údaráis custaim agus údaráis faireachais margaidh faoi stádas oibreoirí eacnamaíocha údaraithe, maidir le mionsonraí i dtaobh socruithe cur chun feidhme don chóras faisnéise agus cumarsáide agus sonraí a bhaineann le táirgí a chur faoin nós imeachta custaim 'scaoileadh i saorchúrsaíocht' arna dtarchur ag na húdaráis custaim,

[59] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

agus maidir le cur chun feidhme chóras na rialuithe réamhonnmhairiúcháin a bhaineann le táirgí, lena n-áirítear múnla do na deimhnithe comhlíonta nó fíoraithe atá le húsáid. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[60].

(46) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, mar atá a áirithiú go gcomhlíonfaidh táirgí a chuirfear ar an margadh reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais, a ghnóthú go leordhóthanach i bhfianaise an méid mhóir comhair, idirghníomhaithe agus gníomhaíochta comhsheasmhaí atá riachtanach idir na húdaráis inniúla sna Ballstáit uile, agus de bharr fhairsinge agus éifeachtaí na gníomhaíochta, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(47) Urramaítear leis an Rialachán seo na cearta bunúsacha agus cloíonn sé leis na prionsabail a aithnítear go háirithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Dá réir sin, ní mór an Rialachán seo a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm de réir na gceart agus na bprionsabal sin. Go háirithe, lorgaíonn an Rialachán seo urramú iomlán a áirithiú ar chosaint an tomhaltóra, ar an tsaoirse gnó a sheoladh, ar an tsaoirse tuairimíochta agus rochtain ar fhaisnéis, ar an gceart chun maoine agus ar chosaint sonraí pearsanta.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

# Caibidil I

# Forálacha Ginearálta

*Airteagal 1*

**Ábhar**

Leis an Rialachán seo leagtar síos na rialacha agus na nósanna imeachta maidir le faisnéis faoi chomhlíonadh a sholáthar faoi tháirgí áirithe atá faoi réir gníomhartha de chuid an Aontais a dhéanann comhchuibhiú ar na dálaí chun na táirgí sin a mhargú. Leagtar amach leis creat le haghaidh comhar le hoibreoirí eacnamaíocha maidir leis na táirgí sin.

Ina theannta sin, cuirtear creat ar fáil leis le haghaidh faireachas margaidh ar na táirgí sin chun a áirithiú go gcomhlíonann na táirgí sin ceanglais lena gcuirtear ardleibhéal cosanta ar fáil do leasanna an phobail, amhail sláinte agus sábháilteacht i gcoitinne, sláinte agus sábháilteacht san ionad oibre, cosaint tomhaltóirí, caomhnú an chomhshaoil agus slándáil.

Ina theannta sin, soláthraítear leis an Rialachán seo creat le haghaidh rialuithe ar tháirgí den sórt sin atá ag isteach i margadh an Aontais.

*Airteagal 2*

**Raon feidhme**

60 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

1. Baineann an Rialachán seo leis na táirgí uile atá faoi réir na reachtaíochta comhchuibhithe de chuid an Aontais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo (‘Reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais’).

2. Beidh feidhm ag gach ceann d'fhorálacha an Rialacháin seo a mhéid nach mbeidh aon fhorálacha sonracha a bhfuil an cuspóir céanna acu i reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais, lena rialaítear ar mhodh níos sonraí gnéithe ar leith den fhaireachas margaidh agus den fhorfheidhmiú.

3. Ní chuirfidh cur i bhfeidhm an Rialacháin seo cosc ar na húdaráis faireachais margaidh bearta níos sonraithe a dhéanamh dá bhforáiltear i dTreoir 2001/95/CE.

4. Tá an Rialachán seo gan dochar d’Airteagal 12, 13, 14 agus 15 de Threoir 2000/31/CE.

*Airteagal 3*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn “cuir ar fáil ar an margadh” táirge a sholáthar lena dháileadh, lena thomhailt nó lena úsáid ar mhargadh an Aontais le linn gníomhaíocht tráchtála, bíodh sin ar íocaíocht nó saor in aisce;

(2) ciallaíonn “cuir ar an margadh” táirge a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais den chéad uair;

(3) ciallaíonn ‘faireachas margaidh’ na gníomhaíochtaí a dhéanann na húdaráis faireachais margaidh agus na bearta a dhéanann siad lena áirithiú go gcomhlíonann táirgí na ceanglais faoi reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais agus nach baol iad na táirgí don tsláinte, don tsábháilteacht ná d'aon ghné eile de chosaint leas an phobail;

(4) ciallaíonn ‘údarás faireachais margaidh’ údarás atá ainmnithe ag Ballstát faoi Airteagal 11 ina údarás faireachais margaidh i gcríoch an Bhallstáit sin;

(5) ciallaíonn ‘údarás is iarratasóir’ an t-údarás faireachais margaidh a dhéanfaidh an t-iarratas ar chúnamh frithpháirteach;

(6) ciallaíonn ‘údarás iarrtha’ an t-údarás faireachais margaidh a gheobhaidh iarratas ar chúnamh frithpháirteach;

(7) ciallaíonn ‘neamhchomhlíonadh’ aon mhainneachtain i gcomhlíonadh aon cheanglais faoin reachtaíocht comhchuibhithe de chuid an Aontais is infheidhme maidir leis an táirge atá i gceist.

(8) ciallaíonn “monaróir” aon duine nádúrtha nó dlítheanach a mhonaraíonn táirge nó a dhéanann táirge den sórt sin a dhearadh nó a mhonarú, agus a mhargaíonn an táirge sin, faoina ainm nó faoina thrádmharc;

(9) ciallaíonn “allmhaireoir” aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe san Aontas agus a chuireann táirge ar mhargadh an Aontais ó thríú tír;

(10) ciallaíonn “dáileoir” aon duine nádúrtha nó dlítheanach sa slabhra soláthair, seachas an monaróir nó an t-allmhaireoir, ar duine é a chuireann táirge áirithe ar fáil ar an margadh;

(11) ciallaíonn ‘ionadaí údaraithe’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe san Aontas a bhfuil sainordú i scríbhinn faighte aige ó mhonaróir chun gníomhú thar a cheann i ndáil le cúraimí atá sonraithe maidir le hoibleagáidí an mhonaróra de réir na reachtaíochta comhchuibhithe de chuid an Aontais is ábhartha;

(12) ciallaíonn ‘oibreoir eacnamaíoch’ an monaróir, an t-ionadaí údaraithe, an t-allmhaireoir nó an dáileoir, lena n-áirítear:

(a) aon cheann de na hoibreoirí eacnamaíocha dá dtagraítear i dTreoracha 2006/66/CE, 2009/48/CE, 2010/35/AE, 2013/29/AE, 2013/53/AE, 2014/28/AE, 2014/29/AE, 2014/30/AE, 2014/31/AE, 2014/32/AE, 2014/33/AE, 2014/34/AE, 2014/35/AE, 2014/53/AE, 2014/68/AE, 2014/90/AE, i Rialacháin (AE) 305/2011, (AE) 2016/424, (AE) 2016/425, (AE) 2016/426, (AE) 2017/745 agus (AE) 2017/746;

(b) na hoibreoirí mar a shainmhínítear iad i Rialachán (CE) Uimh. 273/2004;

(c) táirgeoir earra agus an t-úsáideoir iartheachtach mar a shainmhínítear iad i ngach cás i Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 agus i Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008;

(d) an t-allmhaireoir príobháideach mar a shainmhínítear é i dTreoir 2013/53/AE;

(e) an suiteálaí mar a shainmhínítear é i dTreoir 2006/42/CE agus i dTreoir 2014/33/AE;

(f) an soláthróir agus an dáileoir mar a shainmhínítear iad i Rialachán (CE) Uimh. 1222/2009;

(g) an déileálaí mar a shainmhínítear é i Rialachán (AE) 2017/1369;

(h) aon duine nádúrtha nó dlítheanach eile atá bunaithe san Aontas, agus nach dáileoir é, a choinníonn táirgí i dtrádstórais, a phacáistíonn iad agus a sheolann iad chuig margadh an Aontais nó laistigh de mhargadh an Aontais;

(13) ciallaíonn ‘gníomhaíocht cheartaitheach’ aon ghníomhaíocht a dhéanfaidh oibreoir eacnamaíoch chun deireadh a chur le aon neamhchomhlíonadh, lena n-áirítear gníomhaíocht chun cur ar fáil táirge ar an margadh a shrianadh nó chun táirge atá ar an margadh a scriosadh;

(14) ciallaíonn ‘beart sealadach’ aon bheart sealadach a dhéanfaidh údarás faireachais margaidh a bhfuil sé mar aidhm aige cur ar fáil táirge ar an margadh a chur ar fionraí nó a shrianadh go dtí go ndéanfar measúnú críochnaitheach ar an neamhchomhlíonadh, gan dochar d'aon chinneadh ina dhiaidh sin;

(15) ciallaíonn ‘riosca tromchúiseach’ aon riosca tromchúiseach, lena n-áirítear riosca tromchúiseach nach bhfuil éifeachtaí aige láithreach, a bhfuil idirghabháil mhear na n-údarás faireachais margaidh de dhíth ina leith;

(16) ciallaíonn ‘úsáideoir deiridh’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach, atá ina chónaí nó bunaithe san Aontas, ar cuireadh táirge ar fáil dó i gcáil tomhaltóra, taobh amuigh d'aon ghníomhaíocht tráchtála, gnó, ceird nó gairm, nó i gcáil úsáideoir deiridh gairmiúil i rith a chuid gníomhaíochtaí tionsclaíocha nó gairmiúla;

(17) ciallaíonn “aisghlaoch” aon bheart a bhfuil sé d’aidhm aige táirge a cuireadh ar fáil cheana féin don úsáideoir deiridh a fháil ar ais;

(18) ciallaíonn “tarraingt siar” aon bheart a bhfuil sé d’aidhm aige cosc a chur ar tháirge sa slabhra soláthair a chur ar fáil ar an margadh;

(19) ciallaíonn 'údaráis custaim' údaráis custaim mar a shainmhínítear iad in Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) 952/2013;

(20) ciallaíonn 'scaoileadh i saorchúrsaíocht' an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 201 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;

(21) ciallaíonn 'táirgí atá ag teacht isteach i margadh an Aontais' táirgí ó thríú tíortha atá beartaithe a chur ar mhargadh an Aontais nó atá beartaithe d'úsáid phríobháideach nó do thomhailt phríobháideach laistigh de chríoch custaim an Aontais agus atá curtha faoin nós imeachta custaim 'scaoileadh i saorchúrsaíocht';

(22) ciallaíonn 'oibreoir eacnamaíoch údaraithe' oibreoir eacnamaíoch a bhfuil an stádas aige a dheonaítear de bhun Airteagal 38(1) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

# Caibidil II

# Faisnéis faoi chomhlíonadh

*Airteagal 4*

**Duine atá freagrach as faisnéis faoi chomhlíonadh**

1. Ní fhéadtar táirge a chur ar fáil ar an margadh ach amháin má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

   (a) tá an monaróir bunaithe san Aontas nó tá ceann amháin ar a laghad díobh seo a leanas ann maidir leis an táirge:

      (i) allmhaireoir;

      (ii) duine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe san Aontas a bhfuil sainordú scríofa aige ón monaróir arna ainmniú mar dhuine atá freagrach as na cúraimí a chur i gcrích a liostaítear i mír 3 agus ina gceanglaítear air na cúraimí sin a chur i gcrích thar cheann an mhonaróra;

   (b) aitheantas agus sonraí teagmhála an mhonaróra, an allmhaireora nó duine eile a chomhlíonann ceanglais phointe (a) a bheith ar fáil go poiblí i gcomhréir le mír 4 agus a bheith léirithe nó inaitheanta i gcomhréir le mír 5.

2. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn 'an duine atá freagrach as faisnéis faoi chomhlíonadh' an duine, is cuma cé acu an monaróir, an t-allmhaireoir nó duine eile atá ann, a chomhlíonann ceanglais mhír 1(a) maidir leis an táirge nó, má tá níos mó ná duine amháin den sórt sin ann, aon duine acu.

3. Déanfaidh an duine atá freagrach as faisnéis faoi chomhlíonadh na cúraimí seo a leanas:

   (a) má tá, sa reachtaíocht comhchuibhithe de chuid an Aontais is infheidhme maidir leis an táirge, foráil maidir le dearbhú comhréireachta de chuid AE agus doiciméadacht theicniúil, an dearbhú agus an doiciméadacht theicniúil a choimeád ar fáil do na húdaráis faireachais margaidh ar feadh na tréimhse a cheanglaítear sa reachtaíocht sin;

   (b) tar éis dó iarratas réasúnaithe a fháil ó údarás faireachais margaidh, an fhaisnéis agus an doiciméadacht ar fad is gá a chur ar fáil don údarás sin chun

comhréireacht an táirge a léiriú i dteanga oifigiúil de chuid an Aontais a chinnfidh an Ballstát lena mbaineann;

(c) comhoibriú leis na húdaráis faireachais margaidh, arna iarraidh sin dóibh, maidir le haon ghníomhaíocht a dhéanfar chun deireadh a chur leis na rioscaí a bhaineann leis an táirge nó, mura féidir sin, chun iad a mhaolú.

4. Déanfaidh monaróirí aitheantas agus sonraí teagmhála an duine atá freagrach as faisnéis faoi chomhlíonadh i leith an táirge a chur ar fail go poiblí ar a suíomh gréasáin nó, mura bhfuil suíomh gréasáin acu, ar aon bhealach eile a fhágfaidh gur féidir leis an bpobal i gcoitinne san Aontas rochtain a fháil ar an bhfaisnéis saor in aisce.

5. Aitheantas agus sonraí teagmhála an duine atá freagrach as faisnéis faoi chomhlíonadh i dtaca leis an táirge, léireofar ar an táirge, ar a phacáistíocht, nó ar an mbeartán nó ar dhoiciméad a ghabhann leis an táirge iad, nó beidh siad inaitheanta le faisnéis a léireofar ar na nithe sin.

6. Chun críche míre 1:

(a) féadann monaróirí duine a ainmniú faoi mhír 1(a)(ii) cibé acu atá nó nach bhfuil ceart acu nó oibleagáid orthu ionadaí údaraithe a cheapadh faoin reachtaíocht comhchuibhithe de chuid an Aontais is infheidhme maidir leis an táirge;

(b) i gcás ina bhfuil ceart den sórt sin ag an monaróir, nó oibleagáid den sórt sin air, faoi reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais, is féidir ceapadh ionadaí údaraithe faoin reachtaíocht sin a áireamh mar ainmniú chun críocha mhír 1(a)(ii) ar choinníoll go gcomhlíonann an ceapachán ceanglais na míre sin.

7. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le táirge atá faoi réir Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009, Rialachán (CE) 2017/745, Rialachán 2017/746 nó Rialachán 2017/1369.

*Airteagal 5*

**Dearbhú comhréireachta**

I gcás ina bhforáiltear i reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais maidir le dearbhú comhréireachta de chuid AE a dhréachtú, cuirfidh monaróirí an dearbhú ar fail go poiblí ar a suíomh gréasáin nó, mura bhfuil suíomh gréasáin acu, ar aon bhealach eile a fhágfaidh gur féidir leis an bpobal i gcoitinne san Aontas rochtain a fháil ar an dearbhú saor in aisce.

# Caibidil III

# Cúnamh agus comhoibriú le hoibreoirí eacnamaíocha

*Airteagal 6*

**Faisnéis d'oibreoirí eacnamaíocha**

Déanfaidh na Pointí Teagmhála do Tháirgí dá dtagraítear i [*Rialachán (CE) Uimh. 764/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle / Rialachán (AE)…. ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*] faisnéis i ndáil leis an reachtaíocht comhchuibhithe de chuid an Aontais

is infheidhme maidir le táirge a chur ar fáil d'oibreoirí eacnamaíocha, arna iarraidh sin dóibh agus saor in aisce.

*Airteagal 7*

**Socruithe comhpháirtíochta um chomhlíonadh**

1. Is féidir le húdarás faireachais margaidh comhaontú comhpháirtíochta a dhéanamh le hoibreoir eacnamaíoch atá bunaithe ina chríoch faoina n-aontóidh an t-údarás comhairle agus treoir a thabhairt don oibreoir eacnamaíoch i ndáil leis an reachtaíocht comhchuibhithe de chuid an Aontais is infheidhme maidir leis na táirgí a bhfuil an t-oibreoir eacnamaíoch freagrach astu.

   Ní chumhdófar leis an socrú soláthar gníomhaíochtaí measúnaithe comhréireachta atá faoi chúram comhlachtaí dá dtugtar fógra faoi reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais.

2. Má dhéanann údarás faireachais margaidh socrú comhpháirtíochta faoi mhír 1, iontrálfaidh sé an fíoras sin sa chóras dá dtagraítear in Airteagal 34, maille le sonraí faoi raon feidhme an tsocraithe, agus ainmneacha agus seoltaí an údaráis féin agus an oibreora eacnamaíoch.

3. Má dhéanann údarás faireachais margaidh socrú comhpháirtíochta faoi mhír 1, cuirfidh údaráis faireachais margaidh eile an t-údarás sin ar an eolas faoi aon bheart sealadach a dhéanfaidh siad i gcoinne an oibreora eacnamaíoch, agus aon ghníomhaíocht cheartaitheach a dhéanfaidh an t-oibreoir eacnamaíoch, i ndáil le comhlíonadh na reachtaíochta comhchuibhithe de chuid an Aontais is infheidhme.

4. Feadfaidh an t-údarás faireachais margaidh a dhéanfaidh socrú comhpháirtíochta faoi mhír 1 táillí a ghearradh ar an oibreoir eacnamaíoch, arb ionann iad agus na costais a thabhaigh an t-údarás go réasúnta agus a fheidhmeanna faoi mhír 1 agus faoi mhír 2 a ndéanamh aige.

*Airteagal 8*

**Meabhráin tuisceana le geallsealbhóirí**

1. Is féidir le húdaráis faireachais margaidh meabhráin tuisceana a dhéanamh le gnólachtaí nó le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar ghnólachtaí nó ar úsáideoirí deiridh maidir le feidhmiú, nó maoiniú, comhghníomhaíochtaí atá dírithe ar neamh-chomhlíonadh a shainaithint nó ar chomhlíonadh a chur chun cinn i limistéir gheografacha shonracha nó i dtaca le catagóirí táirgí sonracha.

   Déanfaidh an t-údarás faireachais margaidh atá i gceist an meabhrán a chur ar fáil don phobal i gcoitinne, agus iontrálfaidh sé sa chóras dá tagraítear in Airteagal 34 é.

2. Aon fhaisnéis a thiocfaidh as gníomhaíochtaí arna ndéanamh nó arna maoiniú ag páirtithe eile i meabhrán tuisceana atá déanta aige faoi mhír 1, féadfaidh údarás faireachais margaidh úsáid a bhaint aisti in aon imscrúdú a dhéanfaidh sé ar neamh-chomhlíonadh, má rinneadh an ghníomhaíocht atá i gceist go neamhspleách neamhchlaonta neamhfhabhrach, agus sa chás sin amháin.

3. Aon mhalartú faisnéise idir údaráis faireachais margaidh agus gnólachtaí nó eagraíochtaí dá dtagraítear i mír 1 chun meabhrán tuisceana a rinne siad faoin mír sin a ullmhú nó a chur chun feidhme, measfar nach sáraíonn an malartú sin ceanglais na rúndachta gairmiúla.

*Airteagal 9*

**Bearta deonacha a fhoilsiú**

1. Déanfaidh an Coimisiún tairseach ar líne a fhorbairt agus a chothabháil ar ar féidir le hoibreoirí eacnamaíocha faisnéis a fhoilsiú faoi bhearta a rinne siad go deonach i ndáil le táirge mar a shainmhínítear sin i dTreoir 2001/95/CE nó i ndáil le táirge a chuir siad ar fáil ar an margadh, i gcás inar fairsinge na rioscaí a bhaineann leis an táirge ná críoch aon Bhallstáit amháin.

   Beidh úsáideoirí deiridh agus údaráis faireachais margaidh in ann rochtain a fháil ar an tairseach ar líne.

2. Má chinneann oibreoir eacnamaíoch faisnéis a fhoilsiú ar an tairseach dá dtagraítear i mír 1, áiritheoidh sé gur féidir an táirge a shainaithint go beacht leis an bhfaisnéis arna foilsiú, agus go míneofar na rioscaí sa chaoi gur féidir le húsáideoirí deiridh a mheas cén ghníomhaíocht ba cheart dóibh a dhéanamh i bhfianaise na rioscaí. An fhaisnéis a fhoilseofar, soláthrófar í i dteangacha oifigiúla uile na mBallstát ina gcuirtear na táirgí ar fáil ar an margadh, agus is é an t-oibreoir eacnamaíoch a bheidh freagrach as soláthar agus cruinneas na faisnéise sin.

3. Tá an foilsiú dá dtagraítear i mír 1 gan dochar d'aon oibleagáidí atá ar oibreoirí eacnamaíocha faoin reachtaíocht comhchuibhithe de chuid an Aontais is infheidhme ná faoi Threoir 2001/95/CE.

# Caibidil IV

# Eagrú agus prionsabail ghinearálta an fhaireachais margaidh

*Airteagal 10*

**Oibleagáidí na n-údarás faireachais margaidh maidir le heagrú**

1. Cuirfidh na húdaráis faireachais margaidh cumarsáid iomchuí agus sásraí comhordaithe iomchuí ar bun le húdaráis faireachais margaidh eile.

2. Bunóidh na húdaráis faireachais margaidh na nósanna imeachta seo a leanas i ndáil le táirgí atá faoi réir na reachtaíochta comhchuibhithe de chuid an Aontais a leagtar amach san Iarscríbhinn:

   (a) nósanna imeachta le haghaidh obair leantach a dhéanamh ar ghearáin nó ar thuairiscí i leith saincheisteanna a bhaineann le rioscaí;

   (b) nósanna imeachta le haghaidh faireachán a dhéanamh ar aon tionóiscí nó ar aon díobháil do shláinte nó do shábháilteacht na n-úsáideoirí deiridh a bhfuil amhras ann gurbh iad na táirgí sin ba chúis leo;

   (c) nósanna imeachta le haghaidh a fhíorú go ndearnadh na hoibreoirí eacnamaíocha an ghníomhaíocht cheartaitheach a bhí le déanamh acu;

   (d) nósanna imeachta le haghaidh bailiú agus iniúchadh eolais eolaíoch agus theicniúil maidir le saincheisteanna sábháilteachta.

*Airteagal 11*

**Údaráis faireachais margaidh agus oifigí idirchaidrimh aonair**

1. Ainmneoidh gach Ballstát údarás faireachais margaidh amháin nó níos mó ina chríoch féin. Cuirfidh sé an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas, trí mheán an Líonra a bhunaítear faoi Airteagal 31, faoi na húdaráis faireachais margaidh arna n-ainmniú aige agus faoi limistéir inniúlachta gach ceann de na húdaráis sin, ag baint úsáid as an gcóras faisnéise agus cumarsáide dá dtagraítear in Airteagal 34.

2. Ainmneoidh gach Ballstát ceann amháin dá údaráis faireachais margaidh nó aon údarás inniúil eile mar oifig idirchaidrimh aonair.

3. Beidh oifig idirchaidrimh aonair an Bhallstáit freagrach as comhordú ghníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin agus faireachais margaidh na n-údarás faireachais margaidh arna n-ainmniú ag an mBallstát sin.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil ag a n-údaráis faireachais margaidh agus ag a n-oifig idirchaidrimh aonair na hacmhainní, lena n-áirítear acmhainní buiséadacha agus eile leordhóthanacha, an saineolas, na nósanna imeachta agus na socruithe eile is gá chun a ndualgas a dhéanamh go cuí.

5. I gcás inarb ann do níos mó ná údarás faireachais margaidh amháin ina gcríoch féin, áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil dualgais ar leith gach ceann de na húdaráis sin sainithe go soiléir agus go n-oibríonn na húdaráis sin i ndlúthchomhar le chéile ionas gur féidir leo a ndualgais a chomhlíonadh go héifeachtach.

*Airteagal 12*

**Gníomhaíochtaí na n-údarás faireachais margaidh**

1. Seolfaidh na húdaráis faireachais margaidh a ngníomhaíochtaí ar bhealach a áiritheoidh an méid seo a leanas:

(a) faireachas éifeachtach ar an margadh laistigh dá gcríoch i dtaca le haon táirgí atá faoi réir na reachtaíochta comhchuibhithe de chuid an Aontais a leagtar amach san Iarscríbhinn;

(b) go ndéanfaidh siad bearta sealadacha atá iomchuí agus comhréireach agus go ndéanfaidh na hoibreoirí eacnamaíocha gníomhaíocht cheartaitheach atá iomchuí agus comhréireach i ndáil le comhlíonadh na reachtaíochta sin agus an Rialacháin seo.

2. Déanfaidh na húdaráis faireachais margaidh rialuithe mar chuid dá ngníomhaíochtaí a leagtar amach i mír 1, de réir cur chuige atá bunaithe ar riosca, ag tabhairt san áireamh, ar a laghad, na dtosca seo a leanas:

(a) na rioscaí arna sainaithint a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

(i) an táirge, amhail líon na dtáirgí atá ar an margadh agus aon ghuaiseacha a bhaineann leis an táirge sin;

(ii) na gníomhaíochtaí agus na hoibríochtaí atá faoi rialú an oibreora eacnamaíoch;

(b) teist an oibreora eacnamaíoch maidir le neamh-chomhlíonadh, lena n-áirítear próifíliú riosca agus stádas an oibreora eacnamaíoch údaraithe;

(c) aon fhaisnéis breise lena bhféadfaí neamh-chomhlíonadh a léiriú i ndáil le táirge ar leith.

3. Áiritheoidh na húdaráis faireachais margaidh go dtarraingeofar siar nó go n-aisghairfear táirge ón margadh, nó go gcuirfear toirmeasc nó srian ar tháirge a chur ar fáil ar an margadh, más rud é, i gcás ina mbeadh an táirge á úsáid i gcomhréir leis an gcuspóir dá ceapadh é nó i ndálaí a mbeadh coinne leo go réasúnta agus é suiteáilte go cuí agus an chothabháil chuí déanta air, go sásófaí ceachtar de na coinníollacha seo a leanas:

(a) is baolach go gcuirfidh an táirge sláinte nó sábháilteacht na n-úsáideoirí deiridh i gcontúirt;

(b) ní chloíonn an táirge leis na ceanglais is infheidhme faoi reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais.

I gcás ina dtarraingeofar siar, ina n-aisghairfear, nó ina gcuirfear toirmeasc nó srian ar na táirgí, áiritheoidh an t-údarás faireachais margaidh go gcuirfear an Coimisiún, tríd an Líonra a bhunaítear faoi Airteagal 31, na Ballstáit eile agus na húsáideoirí deiridh ar an eolas dá réir sin.

4. Déanfaidh na húdaráis faireachais margaidh a gcuid gníomhaíochtaí le hardleibhéal trédhearcachta, agus cuirfidh siad ar fáil don phobal i gcoitinne aon fhaisnéis a mheasann siad a bheith ábhartha don phobal i gcoitinne. Áiritheoidh siad freisin go n-iontrálfar an fhaisnéis seo a leanas sa chóras dá dtagraítear in Airteagal 34:

(a) cineál, líon agus toradh na seiceálacha arna ndéanamh acu;

(b) cineál agus líon na neamh-chomhlíontaí arna mbrath acu;

(c) cineál na mbeart sealadach a rinne siad i gcoinne oibreoirí eacnamaíocha agus cineál na gníomhaíochta ceartaithí a rinne na hoibreoirí eacnamaíocha;

(d) mionsonraí na gcásanna neamh-chomhlíonta inar ghearr siad pionóis.

5. Feidhmeoidh na húdaráis faireachais margaidh a gcumhachtaí agus déanfaidh siad a ndualgais go neamhspleách, go neamhfhabhrach agus gan chlaontacht.

*Airteagal 13*

**Straitéisí náisiúnta faireachais margaidh**

1. Tarraingeoidh gach Ballstát suas straitéis náisiúnta faireachais margaidh gach 3 bliana ar a laghad. Cuirfear chun cinn leis an straitéis cur chuige comhsheasmhach cuimsitheach comhtháite maidir leis an faireachas margaidh agus maidir le forfheidhmiú reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais laistigh de chríoch an Bhallstáit agus cuimseofar inti gach earnáil agus gach céim den slabhra soláthair táirgí, lena n-áirítear allmhairí agus slabhraí soláthair dhigiteacha.

2. Áireofar leis an straitéis náisiúnta faireachais margaidh na heilimintí seo a leanas ar a laghad:

(a) measúnú ar mar a tharla ann do tháirgí neamh-chomhlíonta, go háirithe ag cur san áireamh na rialuithe bunaithe ar riosca dá dtagraítear in Airteagal 12(2) agus in Airteagal 26(3), agus ar threochtaí sa mhargadh a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar rátaí neamh-chomhlíonta sna catagóirí táirge;

(b) na réimsí a sainaithníodh mar thosaíochtaí maidir le forfheidhmiú reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais;

(c) na gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin atá beartaithe chun tarlú an neamh-chomhlíonta a laghdú sna réimsí sin a sainaithníodh mar thosaíochtaí, lena

n-áirítear, más ábhartha, na híosleibhéil rialaithe atá beartaithe do chatagóirí táirge lena mbaineann leibhéil neamh-chomhlíonta shuntasacha;

(d) measúnú ar fheidhmíocht éifeachtach agus ar chomhordú na ngníomhaíochtaí faireachais margaidh de bhun an Rialacháin seo, agus más infheidhme, riachtanais agus bearta fothaithe acmhainne a shainaithint;

(e) measúnú ar an gcomhoibriú le húdaráis faireachais margaidh i mBallstáit eile agus ar ghníomhaíochtaí comhpháirteacha, más infheidhme;

(f) clár faireacháin chun an dul chun cinn a thomhas maidir le cur chun feidhme na straitéise agus chun comhlíonadh an Rialacháin seo a fhíorú.

3. Cuirfidh na Ballstáit a straitéis náisiúnta faireachais margaidh in iúl tríd an gcóras dá dtagraítear faoi Airteagal 34.

# Caibidil V

# Cumhachtaí agus bearta faireachais margaidh

*Airteagal 14*

**Cumhachtaí agus dualgais na n-údarás faireachais margaidh**

1. Tabharfaidh na Ballstáit dá n-údaráis faireachais margaidh na cumhachtaí faireachais margaidh, imscrúdaithe agus forfheidhmiúcháin is gá le haghaidh chur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus le haghaidh chur i bhfeidhm na reachtaíochta comhchuibhithe de chuid an Aontais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis na Rialachán seo.

2. Nuair a thabharfaidh siad cumhachtaí faoi mhír 1, lena n-áirítear cumhacht a cheanglaítear de réir mhír 3, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh go mbeidh an chumhacht infheidhmithe ar cheann amháin de na bealaí seo a leanas de réir mar is iomchuí:

(a) go díreach ag na húdaráis faireachais margaidh lena n-údarás féin;

(b) trí dhul ar iontaoibh údarás poiblí eile;

(c) trí iarratas a dhéanamh le cúirteanna is inniúil chun an cinneadh is gá a dheonú chun feidhmiú na cumhachta sin a fhormheas.

3. Áireofar ar na cumhachtaí a thabharfar d’údaráis faireachais margaidh faoi mhír 1 na cumhachtaí seo a leanas ar a laghad:

(a) an chumhacht chun ceangal a chur ar oibreoirí eacnamaíocha an fhaisnéis is gá a sholáthar chun minicíocht na seiceálacha faoi Airteagal 15 a chinneadh, lena n-áirítear faisnéis faoi líon na dtáirgí atá ar an margadh agus gníomhaíochtaí na n-oibreoirí sin;

(b) an chumhacht chun iniúchtaí córais a dhéanamh ar eagraíochtaí na n-oibreoirí eacnamaíocha, lena n-áirítear iniúchtaí ar aon nósanna imeachta atá i bhfeidhm acu chun comhlíonadh an Rialacháin seo agus na reachtaíochta comhchuibhithe de chuid an Aontais is infheidhme a áirithiú;

(c) an chumhacht chun rochtain a fháil ar aon doiciméad, sonraí nó faisnéis ábhartha a bhaineann le cás neamh-chomhlíonta, in aon fhoirm nó in aon

fhormáid agus gan beann ar an meán stórála ná ar an áit ina bhfuil siad stóráilte;

(d) an chumhacht chun ceangal a chur ar aon údarás poiblí, ar aon chomhlacht nó ar aon ghníomhaireacht laistigh de Bhallstát an údaráis faireachais margaidh, nó ar aon duine nádúrtha nó dlítheanach, aon fhaisnéis, aon sonraí nó aon doiciméad a sholáthar, in aon fhoirm nó in aon fhormáid agus gan beann ar an meán stórála ná ar an áit ina bhfuil siad stóráilte, ionas go mbeidh an t-údarás faireachais margaidh in ann imscrúdú a dhéanamh ar tharla aon neamh-chomhlíonadh nó an bhfuil aon neamh-chomhlíonadh ag tarlú, agus chun mionsonraí an neamh-chomhlíonta sin a fháil amach, lena n-áirítear go háirithe faisnéis, sonraí nó doiciméid atá de dhíth chun sreafaí airgeadais agus sonraí a shainaithint agus a rianú, chun aitheantas agus sonraí teagmhála na ndaoine atá páirteach i sreafaí airgeadais agus sonraí a fháil amach, agus faisnéis faoi chuntais bhainc agus faoi úinéireacht suíomhanna gréasáin a fháil amach;

(e) an chumhacht chun aon cheann de na nithe seo a leanas a dhéanamh, nó chun iarraidh ar údarás poiblí eile aon cheann de na nithe seo a leanas a dhéanamh, chun críocha imscrúdú de chuid an údaráis faireachais margaidh nó ar iarratas ó údarás is iarratasóir:

   (1) chun cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh, lena n-áirítear cumhacht chun dul isteach ar aon áitreabh, ar aon talamh nó ar aon mhodh iompair a úsáideann an t-oibreoir eacnamaíoch i gceist chun críocha a ghníomhaíochta tráchtála, a ghnó, a cheirde nó a ghairme, chun cóipeanna d'fhaisnéis, de shonraí nó de dhoiciméid a iniúchadh, a ghabháil, a thógáil nó a fháil, gan beann ar an meán ina bhfuil siad stóráilte;

   (2) chun aon áitreabh a shéalú nó chun aon fhaisnéis, aon sonraí nó aon doiciméid de chuid an oibreora eacnamaíoch a ghabháil le linn na cigireachta ar feadh tréimhse riachtanach agus a mhéad agus is gá chun críocha an imscrúdaithe;

   (3) chun iarraidh ar aon ionadaí nó ar aon bhall foirne de chuid an oibreora eacnamaíoch míniú a thabhairt ar fhíricí, ar fhaisnéis nó ar dhoiciméid a bhaineann le hábhar na cigireachta agus chun a gcuid freagraí a thaifeadadh;

(f) an chumhacht chun samplaí de tháirgí a thógáil saor in aisce chun neamh-chomhlíonadh a bhrath agus chun fianaise a fháil;

(g) an chumhacht chun táirgí a cheannach mar cheannacháin tástála, lena n-áirítear faoi chéannacht cheilte, chun neamh-chomhlíonadh a bhrath agus chun fianaise a fháil;

(h) an chumhacht chun bearta sealadacha a dhéanamh, i gcás nach bhfuil aon mhodh éifeachtach eile ar fáil chun riosca tromchúiseach a chosc, lena n-áirítear go háirithe bearta sealadacha chun ceangal ar chur ar sholáthróirí seirbhíse óstála rochtain ar inneachar a bhaint, a dhíchumasú nó a shrianadh nó rochtain ar shuíomh gréasáin, ar sheirbhís nó ar chuntas a chur ar fionraí nó a shrianadh, nó chun ceangal a chur ar chlárlanna nó ar chláraitheoirí fearainn ainm fearainn láncháilithe a chur ar feitheamh ar feadh tréimhse ama shonrach;

(i) an chumhacht chun imscrúduithe nó imeachtaí a thosú ar a dtionscnamh féin chun deireadh a chur le cás neamh-chomhlíonta laistigh de chríoch an

Bhallstáit lena mbaineann, agus más iomchuí, chun faisnéis a fhoilsiú faoin imscrúdú tríd an gcóras dá dtagraítear in Airteagal 34;

(j) an chumhacht chun féachaint chun gealltanas a fháil ó oibreoir eacnamaíoch chun deireadh a chur le cás neamh-chomhlíonta;

(k) an chumhacht chun toirmeasc a chur ar tháirgí a chur ar fáil ar an margadh, nó chun táirgí a tharraingt siar, a aisghairm nó a scrios, i gcás ina mainneoidh na hoibreoirí eacnamaíocha an fhaisnéis arna hiarraidh ag an údarás faireachais margaidh a sholáthar chun comhlíonadh na dtáirgí sin a fhíorú agus fad a mhairfidh an mhainneachtain;

(l) an chumhacht chun pionóis a ghearradh ar oibreoir eacnamaíoch, lena n-áirítear fíneálacha nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla, as neamh-chomhlíonadh nó as mainneachtain cloí le haon chinneadh, aon ordú, aon bheart sealadach nó aon bheart eile a rinne an t-údarás faireachais margaidh;

(m) an chumhacht chun a ordú go n-íocfaí ar ais na brabúis a fuarthas mar thoradh ar chás neamh-chomhlíonta;

(n) an chumhacht chun aon chinntí deiridh, aon bhearta deiridh, aon ghealltanais arna dtabhairt ag an oibreoir eacnamaíoch nó aon chinntí a glacadh nó a rinneadh de bhun an Rialacháin seo a fhoilsiú, lena n-áirítear foilsiú aitheantas an oibreora eacnamaíoch a bhí freagrach as an neamh-chomhlíonadh.

4. Foilseoidh na húdaráis faireachais margaidh aon ghealltanais a thabharfaidh oibreoirí eacnamaíocha dóibh, mionsonraí aon ghníomhaíochta ceartaithí a rinne oibreoirí eacnamaíocha ina gcríoch, agus mionsonraí aon bheart sealadach a rinne an t-údarás faireachais margaidh ábhartha de bhun an Rialacháin seo.

5. Feidhmeoidh na húdaráis faireachais margaidh a gcuid cumhachtaí i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta.

*Airteagal 15*

**Bearta faireachais margaidh**

1. Déanfaidh na húdaráis faireachais margaidh seiceálacha iomchuí ar shaintréithe táirgí ar scála cuí, trí sheiceálacha doiciméadacha agus, más iomchuí, trí rialuithe fisiceacha agus saotharlainne ar bhonn sampla ionadaíoch.

Agus cinneadh á dhéanamh faoi na seiceálacha atá le déanamh agus faoina scála, cuirfidh na húdaráis faireachais margaidh san áireamh, go háirithe, prionsabail sheanbhunaithe an mheasúnaithe riosca agus gearáin.

I gcás ina soláthróidh oibreoirí eacnamaíocha tuarascálacha tástála nó deimhnithe lena bhfianaítear comhréireacht a dtáirgí le reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais arna n-eisiúint ag comhlacht creidiúnaithe um measúnú comhréireachta, tabharfaidh na húdaráis faireachais margaidh aird chuí ar na tuarascálacha nó ar an deimhnithe.

2. Déanfaidh na húdaráis faireachais margaidh bearta iomchuí, gan mhoill, chun úsáideoirí deiridh laistigh dá gcríocha a chur ar an eolas faoi na guaiseacha atá sainaitheanta acu i ndáil le haon táirge ionas go laghdófar an riosca gortaithe nó aon díobhála eile.

Comhoibreoidh na húdaráis le hoibreoirí eacnamaíocha maidir le bearta lena bhféadfaí rioscaí a chosc nó a laghdú arb iad táirgí a chuireann na hoibreoirí sin ar fáil is cúis leo.

3. I gcás ina gcinnfidh údaráis faireachais margaidh Ballstáit amháin táirge a tharraingt siar a mhonaraítear i mBallstát eile, cuirfidh siad an t-oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann ar an eolas gan mhoill.

*Airteagal 16*

**Úsáid faisnéise, rúndacht ghairmiúil agus thráchtála**

Urramóidh na húdaráis faireachais margaidh prionsabal na rúndachta nuair is gá chun rúin ghairmiúla agus tráchtála a chosaint nó chun sonraí pearsanta a chaomhnú de bhun na reachtaíochta náisiúnta, faoi réir an cheanglais faisnéis a phoibliú an oiread agus is féidir chun leasanna na n-úsáideoirí deiridh san Aontas a chosaint.

*Airteagal 17*

**Bearta sriantacha**

1. Aon bheart, cinneadh nó ordú a ghlacfaidh nó a dhéanfaidh údaráis faireachais margaidh de bhun reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais nó an Rialacháin seo chun toirmeasc nó srian a chur ar tháirgí a chur ar fáil ar an margadh, nó chun táirgí atá ar an margadh a tharraingt siar, a aisghairm nó a scriosadh, beidh sé comhréireach agus luafar ann na forais bheachta ar a bhfuil sé bunaithe.

2. Cuirfear aon bhearta, cinntí nó ordú den sórt sin in iúl gan mhoill don oibreoir eacnamaíoch ábhartha, agus cuirfear an duine sin ar an eolas an tráth céanna faoi na leigheasanna atá ar fáil dó faoi dhlí an Bhallstáit lena mbaineann agus faoi na teorainneacha ama a bhfuil na leigheasanna sin faoina réir.

3. Sula nglacfar nó sula ndéanfar beart, cinneadh nó ordú dá dtagraítear i mír 1, tabharfar deis don oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann éisteacht a fháil laistigh de thréimhse iomchuí nach lú ná 10 lá, ach amháin mura féidir an deis sin a thabhairt dó mar gheall ar phráinne an bhirt, an chinnidh nó an ordaithe, bunaithe ar na riachtanais sláinte nó sábháilteachta nó ar fhorais eile a bhaineann leis na leasanna poiblí a chumhdaítear leis an reachtaíocht comhchuibhithe ábhartha de chuid an Aontais.

   Má ghlactar nó má dhéantar an beart, an cinneadh nó an t-ordú gan an deis a bheith tugtha don oibreoir eacnamaíoch éisteacht a fháil, tabharfar an deis dó chomh luath agus is féidir ina dhiaidh sin, agus athbhreithneoidh an t-údarás an beart, an cinneadh nó an t-ordú go pras.

4. Déanfaidh an t-údarás faireachais margaidh aon bheart, cinneadh nó ordú dá dtagraítear i mír 1 a tharraingt siar nó a leasú go pras i gcás inar féidir leis an oibreoir eacnamaíoch a léiriú go bhfuil gníomhaíocht cheartaitheach déanta aige.

*Airteagal 18*

**Táirgí lena mbaineann riosca tromchúiseach**

1. Déanfaidh na húdaráis faireachais margaidh bearta chun táirgí a mbaineann riosca tromchúiseach leo a aisghairm nó a tharraingt siar, nó chun toirmeasc a chur ar a gcur ar fáil ar an margadh. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi na bearta sin gan mhoill, i gcomhréir le hAirteagal 19.

2. An cinneadh go mbaineann nó nach mbaineann riosca tromchúiseach le táirge, beidh sé bunaithe ar mheasúnú riosca iomchuí ina gcuirfear san áireamh cineál na guaise

agus dóchúlacht a tarlaithe. An fhéidearthacht leibhéil sábháilteachta níos airde a bhaint amach nó táirgí eile a bheith ar fáil ar lú an méid riosca a bhaineann leo, ní cúis iad lena mheas go mbaineann riosca tromchúiseach le táirge.

*Airteagal 19*

**Malartú faisnéise — Córas Mear-Rabhaidh an Aontais**

1. I gcás ina ndéanfaidh údarás faireachais margaidh beart nó i gcás ina mbeidh sé beartaithe aige beart a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 18, agus measann sé maidir leis na cúiseanna a spreag an beart nó maidir le torthaí an bhirt gur fairsinge iad ná críoch a Bhallstáit féin, tabharfaidh sé fógra faoin mbeart sin don Choimisiún láithreach bonn, i gcomhréir le mír 4 den Airteagal seo. Cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas gan mhoill freisin faoi mhodhnú nó faoi tharraingt siar aon bhirt den sórt sin.

2. Más rud é gur cuireadh táirge lena mbaineann riosca tromchúiseach ar fáil ar an margadh, tabharfaidh na húdaráis faireachais margaidh fógra don Choimisiún faoi aon bhearta deonacha arna ndéanamh agus arna gcur in iúl ag oibreoir eacnamaíoch.

3. Áireofar leis an bhfaisnéis a soláthraíodh i gcomhréir le mír 1 agus le mír 2 na sonraí uile atá ar fáil, go háirithe na sonraí is gá chun an táirge a shainaithint, bunús agus slabhra soláthair an táirge, an riosca a mbaineann leis, cineál agus fad an bhirt náisiúnta arna dhéanamh agus aon bhearta deonacha arna ndéanamh ag na hoibreoirí eacnamaíocha.

4. Is chun críocha mhír 1, mhír 2 agus mhír 3, bainfear úsáid as an gcóras faireachais margaidh agus malartaithe faisnéise dá bhforáiltear in Airteagal 12 den Treoir 2001/95/CE. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag mír 2, ag mír 3 agus ag mír 4 d'Airteagal 12 den Treoir sin.

*Airteagal 20*

**Saoráidí tástála an Aontais**

1. Féadfaidh an Coimisiún saoráidí tástála de chuid an Aontais a ainmniú do tháirgí sonracha nó do chatagóir nó grúpa táirgí sonrach nó rioscaí sonracha a bhaineann le catagóir nó grúpa táirgí a chuirtear ar fáil ar an margadh.

2. Comhlíonfaidh na saoráidí tástála de chuid an Aontais dá dtagraítear i mír 1 na critéir seo a leanas:

   (a) caithfidh foireann chuí-cháilithe a bheith acu a bhfuil oiliúint iomchuí orthu sna teicníochtaí anailíseacha a mbaintear úsáid astu ina réimse inniúlachta, agus eolas iomchuí ar chaighdeáin agus ar chleachtais;

   (b) caithfidh an trealamh cuí a bheith acu chun na cúraimí a sannfar dóibh faoi mhír 4 a chur i gcrích;

   (c) caithfidh siad gníomhú ar mhaithe le leas an phobail ar bhealach neamhfhabhrach agus neamhspleách;

   (d) caithfidh siad cineál rúnda topaicí, torthaí nó teachtaireachtaí a áirithiú, más iomchuí;

   (e) caithfidh siad bheith creidiúnaithe i gcomhréir le Caibidil II de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008.

3. Ní féidir comhlacht dá dtugtar fógra ná aon chomhlacht measúnaithe comhréireachta eile arna ainmniú de bhun reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais a ainmniú mar shaoráid tástála de chuid an Aontais.

4. Déanfaidh saoráidí tástála an Aontais, laistigh dá réimse inniúlachta, na cúraimí seo a leanas ar a laghad:

(a) tástáil táirgí a dhéanamh i ndáil le gníomhaíochtaí agus imscrúduithe faireachais margaidh;

(b) cuidiú le réiteach díospóidí idir údaráis faireachais margaidh na mBallstát, oibreoirí eacnamaíocha agus comhlachtaí measúnaithe comhréireachta;

(c) comhairle neamhspleách theicniúil nó eolaíoch a thabhairt don Choimisiún, lena n-áirítear an Líonra arna bhunú faoi Airteagal 31, agus do na Ballstáit;

(d) teicníochtaí agus modhanna anailíse nua a fhorbairt;

(e) faisnéis a scaipeadh ar na saoráidí tástála sna Ballstáit agus oiliúint a sholáthar do na saoráidí tástála sin.

5. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme ina sonrófar na nósanna imeachta le haghaidh ainmniú saoráidí tástála an Aontais. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 63.

*Airteagal 21*

**Maoiniú agus údaráis faireachais margaidh costais a ghnóthú**

1. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar na hacmhainní airgeadais is gá do na húdaráis faireachais margaidh laistigh dá gcríoch chun a gcúraimí a dhéanamh go cuí.

2. Féadfaidh na húdaráis faireachais margaidh táillí riaracháin a ghearradh ar oibreoirí eacnamaíocha i dtaca le cásanna neamh-chomhlíonadh an oibreora eacnamaíoch sin ionas go bhféadfaidh na húdaráis costais a ngníomhaíochtaí a ghnóthú i ndáil leis na cásanna neamh-chomhlíonta sin. Ar na costais is féidir a áireamh ar na costais sin tá, na costais a bhaineann le tástálacha a dhéanamh chun críocha measúnaithe riosca, na costais a bhaineann le bearta a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 30(1) agus (2) agus costais a ngníomhaíochtaí maidir le táirgí a chinntear a bheith neamh-chomhlíontach agus atá faoi réir gníomhaíocht cheartaitheach sula scaoiltear i saorchúrsaíocht iad.

# Caibidil VI

# Comhar agus nós imeachta do chúnamh frithpháirteach

*Airteagal 22*

**Iarratais ar fhaisnéis**

1. Ar iarratas ó údarás is iarratasóir, soláthróidh an t-údarás iarrtha aon fhaisnéis a mheasfaidh an t-údarás iarrtha a bheith ábhartha chun a fháil amach an bhfuil táirge neamh-chomhlíontach agus chun a áirithiú gur féidir deireadh a chur leis an neamh-chomhlíonadh.

2. Déanfaidh an t-údarás iarrtha imscrúduithe iomchuí nó aon bhearta eile is iomchuí chun an fhaisnéis riachtanach a bhailiú. Más gá, is le cúnamh ó údaráis faireachais margaidh eile a dhéanfar na himscrúduithe sin.

3. Ar iarratas ón údarás is iarratasóir, féadfaidh an t-údarás iarrtha ligean d'oifigigh de chuid an údaráis is iarratasóir á gcomhoifigigh san údarás iarrtha a thionlacan i gcaitheamh a gcuid imscrúduithe.

4. Freagróidh an t-údarás iarrtha an t-iarratas faoi mhír 1 ag baint úsáid as an nós imeachta agus laistigh de na teorainneacha ama a shonróidh an Coimisiún de réir mhír 5.

5. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme ina sonrófar na teorainneacha ama, na foirmeacha caighdeánacha agus sonraí eile an nós imeachta atá le húsáid chun iarratais ar fhaisnéis faoi mhír 1 a dhéanamh agus a fhreagairt. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 63.

*Airteagal 23*

**Iarratais ar bhearta forfheidhmiúcháin**

1. Ar iarratas ó údarás is iarrthóir, déanfaidh an t-údarás iarrtha gan mhoill gach beart forfheidhmiúcháin is gá ag baint úsáid as na cumhachtaí a thugtar dó faoin Rialachán seo, chun deireadh a chur le cás neamh-chomhlíonta.

2. Cinnfidh an t-údarás iarrtha ar na bearta forfheidhmiúcháin iomchuí is gá chun deireadh a chur le cás neamh-chomhlíonta. Más gá, déanfar na bearta forfheidhmiúcháin a chinneadh agus a chur chun feidhme le cúnamh ó údaráis phoiblí eile.

3. Go rialta agus gan moill mhíchuí, cuirfidh an t-údarás iarrtha an t-údarás is iarratasóir ar an eolas, agus rachaidh sé i gcomhairle leis, faoi na bearta dá dtagraítear i mír 2 a rinneadh nó atáthar a bheartú a dhéanamh.

Déanfaidh an t-údarás iarrtha fógra a thabhairt gan mhoill don údarás is iarratasóir, d'údaráis faireachais margaidh na mBallstát eile, agus don Choimisiún faoi na bearta a rinne sé agus faoin tionchar a bhí acu ar an neamh-chomhlíonadh i gceist. Déanfar an fógra ag baint úsáid as an gcóras dá dtagraítear in Airteagal 34, agus áireofar leis an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad:

(a) ar forchuireadh bearta sealadacha;

(b) ar scoireadh den neamh-chomhlíonadh;

(c) ar gearradh pionóis agus, más rud é gur gearradh, cé na pionóis;

(d) ar cuireadh bearta eile chun feidhme a rinne an t-údarás iarrtha nó an t-oibreoir eacnamaíoch.

4. Freagróidh an t-údarás iarrtha an t-iarratas faoi mhír 1 ag baint úsáid as an nós imeachta agus laistigh de na teorainneacha ama a shonróidh an Coimisiún de réir mhír 5.

5. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme ina sonrófar na teorainneacha ama, na foirmeacha caighdeánacha agus sonraí eile na nósanna imeachta atá le húsáid chun iarratais ar fhorfheidhmiúchán faoi mhír 1 a dhéanamh agus a fhreagairt.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 63.

*Airteagal 24*

**Nós imeachta le haghaidh iarratas ar chúnamh frithpháirteach**

1. Soláthróidh an t-údarás is iarratasóir go leor faisnéise, i gcás iarratas ar chúnamh frithpháirteach faoi Airteagal 22 nó faoi Airteagal 23, ionas gur féidir leis an údarás iarrtha an t-iarratas a chomhlíonadh, lena n-áirítear aon fhianaise riachtanach nach féidir a fháil ach i mBallstát an údaráis is iarratasóir.

2. Seolfaidh an t-údarás is iarratasóir iarratais ar chúnamh frithpháirteach faoi Airteagal 22 nó faoi Airteagal 23 chuig oifig idirchaidrimh aonair Bhallstát an údaráis iarrtha, agus chuig oifig idirchaidrimh aonair Bhallstát an údaráis is iarratasóir freisin chun críocha faisnéise. Déanfaidh oifig idirchaidrimh aonair Bhallstát an údaráis iarrtha na hiarratais a chur ar aghaidh chuig an údarás inniúil iomchuí, gan moill mhíchuí.

3. Na hiarratais ar chúnamh frithpháirteach faoi Airteagal 22 agus 23 agus an chumarsáid uile a bhaineann leo, déanfar iad ag baint úsáid as foirmeacha caighdeánacha leictreonacha trí mheán an chórais dá dtagraítear in Airteagal 34.

4. Aontóidh na húdaráis inniúla lena mbaineann ar na teangacha a bheidh le húsáid maidir le hiarratais ar chúnamh frithpháirteach faoi Airteagal 22 nó faoi Airteagal 23 agus maidir leis an gcumarsáid uile a bhaineann leo.

5. I gcás nach féidir leis na húdaráis inniúla lena mbaineann teacht ar chomhaontú maidir leis na teangacha, is i dteanga oifigiúil Bhallstát an údaráis is iarratasóir a sheolfar na hiarratais ar chúnamh frithpháirteach faoi Airteagal 22 nó faoi Airteagal 23, agus is i dteanga oifigiúil Bhallstát an údaráis iarrtha a sheolfar na freagraí ar na hiarratais sin. Sa chás sin, socróidh an t-údarás is iarratasóir agus an t-údarás iarrtha aistriú na n-iarratas, na bhfreagraí agus na ndoiciméad eile a fhaigheann siad óna chéile.

6. Freagróidh an t-údarás iarrtha an t-údarás is iarratasóir go díreach mar aon le hoifigí idirchaidrimh aonair Bhallstát an údaráis is iarratasóir agus Bhallstát an údaráis iarrtha.

*Airteagal 25*

**Úsáid fianaise agus torthaí imscrúdaithe**

1. Is féidir le húdaráis faireachais margaidh úsáid a bhaint as aon fhaisnéis, aon doiciméad nó aon fhíorchóip dheimhnithe de dhoiciméad, aon toradh, aon ráiteas, nó aon eolas mar fhianaise chun críocha a n-imscrúduithe, gan beann ar an bhformáid ná ar an meán ina stóráiltear iad.

2. An fhianaise dá dtagraítear i mír 1 a úsáidfidh údarás faireachais margaidh i mBallstát amháin, is féidir úsáid a bhaint aisti in imscrúduithe a dhéanfaidh údaráis faireachais margaidh i mBallstát eile chun comhlíonadh táirgí a fhíorú, gan aon cheanglais fhoirmiúla breise.

3. Na táirgí a mheastar a bheith neamh-chomhlíontach ar bhonn cinneadh an údaráis faireachais margaidh i mBallstát amháin, glacfaidh na húdaráis faireachais margaidh

i mBallstát eile leis go bhfuil siad neamh-chomhlíontach, ach amháin más féidir le hoibreoirí eacnamaíocha fianaise dá mhalairt a sholáthar.

4. Foilseofar cinntí an údaráis faireachais margaidh dá dtagraítear i mír 3 sa chóras faisnéise agus cumarsáide dá dtagraítear in Airteagal 34.

# Caibidil VII

# Táirgí atá ag teacht isteach i margadh an Aontais

*Airteagal 26*

**Rialuithe ar tháirgí atá ag teacht isteach i margadh an Aontais**

1. Ainmneoidh na Ballstáit údaráis custaim, údarás faireachais margaidh amháin nó níos mó, nó aon údarás eile in gcríoch féin ina n-údaráis i gceannas ar an rialú ar tháirgí atá ag teacht isteach i margadh an Aontais.

Cuirfidh gach Ballstát an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas maidir leis na húdaráis arna n-ainmniú faoin gcéad fho-mhír agus maidir lena réimsí inniúlachta tríd an gcóras dá dtagraítear in Airteagal 34.

2. Beidh ag na húdaráis arna n-ainmniú faoi mhír 1 na cumhachtaí agus na hacmhainní is gá chun a gcúraimí dá dtagraítear sa mhír sin a dhéanamh go cuí.

3. Na táirgí atá faoi réir reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais agus atá le cur faoin nós imeachta custaim ‘scaoileadh i saorchúrsaíocht', beidh siad faoi réir rialuithe a dhéanfaidh na húdaráis arna n-ainmniú faoi mhír 1. Déanfaidh siad na rialuithe sin ar bhonn anailís riosca i gcomhréir le hAirteagal 46 agus le hAirteagal 47 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

4. Táirgí atá ag teacht isteach i margadh an Aontais a bhfuil tuilleadh próiseála de dhíth orthu chun an reachtaíocht comhchuibhithe de chuid an Aontais is infheidhme maidir leo a chomhlíonadh, cuirfear iad faoin nós imeachta custaim iomchuí lena gceadaítear an phróiseáil úd.

5. Malartófar faisnéis i ndáil le riosca idir:

(a) na húdaráis arna n-ainmniú faoi mhír 1 i gcomhréir le hAirteagal 47(2) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;

(b) na húdaráis custaim i gcomhréir le hAirteagal 46(5) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

Maidir le táirgí atá faoi réir reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais agus atá á stóráil go sealadach nó atá curtha faoi nós imeachta custaim nach scaoileadh i saorchúrsaíocht é, i gcás ina mbeidh cúis ag na húdaráis custaim ag an gcéad phointe iontrála a chreidiúint go mbaineann riosca leo, cuirfidh na húdaráis custaim sin an fhaisnéis uile is ábhartha ar aghaidh chuig oifig chustaim inniúil an chinn scríbe.

6. Cuirfidh na húdaráis faireachais margaidh faisnéis ar fáil do na húdaráis arna n-ainmniú faoi mhír 1 maidir le catagóirí táirgí nó aitheantas oibreoirí eacnamaíocha ar sainaithníodh riosca neamh-chomhlíonta ní b'airde ina leith.

7. Faoin 31 Márta gach bliain, cuirfidh na Ballstáit sonraí staidrimh faoi bhráid an Choimisiúin maidir leis na rialuithe a rinne na húdaráis arna n-ainmniú faoi mhír 1 i

dtaca le táirgí atá faoi réir reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais le linn na bliana féilire roimhe sin, lena n-áirítear sonraí faoin méid seo a leanas:

(a) líon na n-idirghabhálacha i réimse na rialuithe ar an táirgí sin, lena n-airítear sábháilteacht agus comhlíonadh táirgí;

(b) líon na gcásanna a cuireadh i iúl do na húdaráis faireachais margaidh;

(c) torthaí na rialuithe ar an táirgí sin;

(d) saintréithe aon táirge a chinneadh a bheith neamh-chomhlíontach.

Tarraingeoidh an Coimisiún tuarascáil suas gach bliain faoin 30 Meitheamh ina mbeidh an fhaisnéis a chuir na Ballstáit faoina bhráid don bhliain féilire roimhe sin. Is sa chóras dá dtagraítear in Airteagal 34 a fhoilseofar an tuarascáil.

8. I gcás ina bhfaighidh an Coimisiún amach faoi riosca tromchúiseach i mBallstát a bhaineann le táirgí atá faoi réir reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais agus a allmhairítear ó thríú tír, molfaidh sé don Bhallstát lena mbaineann bearta faireachais margaidh iomchuí a dhéanamh.

9. Sonróidh an Coimisiún a thuilleadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme mionsonraí na sonraí atá le cur faoina bhráid ag na Ballstáit faoi mhír 7. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 63.

*Airteagal 27*

**Scaoileadh i saorchúrsaíocht a chur ar fionraí**

1. Cuirfidh na húdaráis arna n-ainmniú faoi Airteagal 26(1) scaoileadh táirge i saorchúrsaíocht ar fionraí más rud é go bhfaighfear amach i gcaitheamh na rialuithe dá dtagraítear in Airteagal 26:

(a) nach bhfuil an doiciméadacht a cheanglaítear faoin reachtaíocht comhchuibhithe de chuid an Aontais is infheidhme maidir leis táirge, nach bhfuil sí ag gabháil leis an táirge;

(b) nach bhfuil an táirge marcáilte nó lipéadaithe i gcomhréir leis an reachtaíocht comhchuibhithe sin de chuid an Aontais;

(c) go bhfuil ar an táirge comhartha CE nó comhartha eile a cheanglaítear de réir na reachtaíochta comhchuibhithe sin de chuid an Aontais a greamaíodh de ar bhealach bréagach nó míthreorach;

(d) nach bhfuil aitheantas agus sonraí teagmhála duine atá freagrach as faisnéis faoi chomhlíonadh i dtaca leis an táirge léirithe nó inaitheanta i gcomhréir le hAirteagal 4(5);

(e) go bhfuil cúis ann, ar fháth ar bith eile, a chreidiúint nach gcomhlíonfaidh an táirge na ceanglais a leagtar amach sa reachtaíocht comhchuibhithe de chuid an Aontais is infheidhme maidir leis nuair a chuirfear ar an margadh é, nó go mbainfidh riosca tromchúiseacha leis.

2. Tabharfaidh na húdaráis arna n-ainmniú faoi Airteagal 26(1) fógra láithreach do na húdaráis faireachais margaidh faoi aon fhionraíocht maidir le scaoileadh dá dtagraítear i mír 1.

3. I gcás ina bhfuil cúis ag na húdaráis faireachais margaidh a chreidiúint nach gcomhlíonfadh táirge an reachtaíocht comhchuibhithe de chuid an Aontais is infheidhme maidir leis, nó go mbainfidh riosca tromchúiseach leis, ceanglóidh siad ar na húdaráis arna n-ainmniú faoi Airteagal 26(1) próiseas a scaoilte i saorchúrsaíocht a chur ar fionraí.

4. Le linn aon fhionraíochta maidir leis an bpróiseas chun táirge a scaoileadh i saorchúrsaíocht, beidh feidhm dá réir sin ag Airteagal 197, ag Airteagal 198 agus ag Airteagal 199 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

*Airteagal 28*

**Scaoileadh táirgí**

I gcás ina mbeidh scaoileadh táirge i saorchúrsaíocht ar fionraí i gcomhréir le hAirteagal 27, scaoilfear an táirge sin i saorchúrsaíocht i gcás ina sásófar gach ceanglas agus foirmiúlacht eile a bhaineann le scaoileadh den sórt sin, agus má shásaítear aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) laistigh de chúig lá oibre ón bhfionraíocht, nár iarr na húdaráis faireachais margaidh ar na húdaráis arna n-ainmniú faoi Airteagal 26(1) an fhionraíocht a choinneáil;

(b) chuir na húdaráis faireachais margaidh na húdaráis arna n-ainmniú faoi Airteagal 26(1) ar an eolas go bhfuil cúis ann a chreidiúint nach gcomhlíonfaidh an táirge, tráth a chuirfear ar an margadh é, an reachtaíocht comhchuibhithe de chuid an Aontais is infheidhme maidir leis.

An táirge a scaoilfear i saorchúrsaíocht i gcomhréir le pointe (a), ní mheasfar go gcomhlíonann sé reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais díreach de thairbhe a scaoilte i saorchúrsaíocht.

*Airteagal 29*

**Comhar le hoibreoirí eacnamaíocha údaraithe**

1. Tabharfaidh na húdaráis faireachais margaidh tosaíocht do tháirgí a dhearbhaigh oibreoir eacnamaíoch údaraithe le haghaidh scaoileadh i saorchúrsaíocht, mar a leagtar amach in Airteagal 38(2) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, má tá a scaoileadh curtha ar fionraí i gcomhréir le hAirteagal 28(1) den Rialachán seo.

2. Féadfaidh údaráis faireachais margaidh fógra a thabhairt do na húdaráis custaim chun na táirgí sin a scaoileadh i saorchúrsaíocht ar iarratas ón oibreoir eacnamaíoch údaraithe, ar choinníoll gur comhlíonadh gach ceanglas agus foirmiúlacht eile a bhaineann lena scaoileadh.

   Gan dochar d'Airteagal 47 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, ar bhonn iarratas ó oibreoir eacnamaíoch údaraithe, is féidir le húdaráis faireachais margaidh rialuithe a dhéanamh ar tháirgí den sórt sin ag suíomh seachas an suíomh ar cuireadh na táirgí faoi bhráid na gcustam aige.

3. Malartóidh na húdaráis faireachais margaidh agus na húdaráis custaim faisnéis faoi stádas na n-oibreoirí eacnamaíocha údaraithe agus faoin teist atá orthu maidir le comhlíonadh i ndáil le sábháilteacht táirgí.

4. I gcás ina n-aithneofar aon neamh-chomhlíonadh i gcaitheamh na rialuithe a bhfuil tuairisc orthu sa dara fo-mhír de mhír 2, cuirfidh na húdaráis faireachais margaidh láimhseáil fhabhrach dá bhforáiltear i mír 1 agus sa chéad fho-mhír de mhír 2 ar

fionraí, agus iontrálfaidh siad sonraí an neamh-chomhlíonta sa chóras dá dtagraítear in Airteagal 34.

5. Sonróidh an Coimisiún trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme na sonraí atá le malartú agus an nós imeachta atá le leanúint le haghaidh malartú faisnéise idir údaráis custaim agus údaráis faireachais margaidh maidir le stádas na n-oibreoirí eacnamaíocha údaraithe agus a gcomhlíonadh i ndáil le sábháilteacht táirgí. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 63.

*Airteagal 30*

**Scaoileadh a dhiúltú**

1. I gcás inarb é conclúid na n-údarás faireachais margaidh go mbaineann riosca tromchúiseach le táirge, déanfaidh siad bearta chun toirmeasc a chur ar an táirge a chur ar an margadh, agus ceanglóidh siad ar na húdaráis arna n-ainmniú faoi Airteagal 26(1) gan é scaoileadh i saorchúrsaíocht. Ceanglóidh siad ar na húdaráis sin freisin an fógra seo a leanas a chur ar an sonrasc tráchtála a ghabhann leis an táirge agus ar aon doiciméad ábhartha eile a ghabhann leis, lena n-áirítear sa chóras próiseála sonraí custaim:

'Táirge contúirteach – gan údarú lena scaoileadh i saorchúrsaíocht – Rialachán [Tagairt don Rialachán seo le cur isteach]';

Iontrálfaidh na húdaráis faireachais margaidh an fhaisnéis sin láithreach sa chóras dá dtagraítear in Airteagal 34.

2. I gcás inarb é conclúid na n-údarás faireachais margaidh nach féidir táirge a chur ar an margadh toisc nach gcomhlíonann sé an reachtaíocht comhchuibhithe de chuid an Aontais is infheidhme maidir leis, déanfaidh siad bearta chun toirmeasc a chur ar an táirge a chur ar an margadh, agus ceanglóidh siad ar na húdaráis arna n-ainmniú faoi Airteagal 26(1) gan é a scaoileadh i saorchúrsaíocht. Ceanglóidh siad ar na húdaráis sin freisin an fógra seo a leanas a chur ar an sonrasc tráchtála a ghabhann leis an táirge agus ar aon doiciméad ábhartha eile a ghabhann leis, lena n-áirítear sa chóras próiseála sonraí custaim:

'Táirge neamh-chomhréireach – gan údarú lena scaoileadh i saorchúrsaíocht – Rialachán [Tagairt don Rialachán seo le cur isteach].'

Iontrálfaidh na húdaráis faireachais margaidh an fhaisnéis sin láithreach sa chóras dá dtagraítear in Airteagal 34.

3. I gcás ina ndéanfar an táirge dá dtagraítear i mír 1 nó i mír 2 a dhearbhú ina dhiaidh sin le haghaidh nós imeachta custaim nach scaoileadh i saorchúrsaíocht é, agus ar choinníoll nach ndéanfaidh na húdaráis faireachais margaidh agóid ina choinne, déanfar na fógraí a cheanglaítear de réir mhír 1 nó mhír 2 a chur, ar na coinníollacha céanna a leagtar síos de réir na míre sin, ar na doiciméid a úsáidfear i ndáil leis an nós imeachta sin.

4. An táirge lena mbaineann riosca do shláinte agus do shábháilteacht na n-úsáideoirí deiridh, féadfaidh na húdaráis arna n-ainmniú faoi Airteagal 26(1) é a scriosadh nó é a chur as feidhm ar bhealach eile, i gcás ina mheasfaidh an t-údarás i gceist gur riachtanach agus comhréireach é sin a dhéanamh. Is é an duine a dhearbhaigh an táirge le haghaidh saorchúrsaíochta a íocfaidh as an gcostas a bhainfidh le beart mar sin.

Beidh feidhm dá réir sin ag Airteagal 197, ag Airteagal 198 agus ag Airteagal 199 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

# Caibidil VIII

# Forfheidhmiú comhordaithe agus comhar idirnáisiúnta

*Airteagal 31*

**Líonra an Aontais um Chomhlíonadh Táirgí**

Bunaítear leis seo Líonra an Aontais um Chomhlíonadh Táirgí ('an Líonra').

*Airteagal 32*

**Comhdhéanamh Líonra an Aontais um Chomhlíonadh Táirgí**

1. Beidh an Líonra comhdhéanta de Bhord an Aontais um Chomhlíonadh Táirgí ('Bord EUPC'), de ghrúpaí comhordaithe riaracháin agus de rúnaíocht.

2. Beidh Bord EUPC comhdhéanta d'ionadaí amháin ó gach oifig idirchaidrimh aonair dá dtagraítear in Airteagal 11, agus de bheirt ionadaithe ón gCoimisiún, agus a gcuid ionadaithe malartacha faoi seach.

3. Bunóidh an Coimisiún grúpaí comhordaithe riaracháin ar leithligh nó comhpháirteacha le haghaidh gach ionstraime de reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo. Beidh gach grúpa comhordaithe riaracháin comhdhéanta d'ionadaithe ó na húdaráis faireachais margaidh inniúla agus, más iomchuí, d'ionadaithe ó na hoifigí idirchaidrimh aonair, agus d'ionadaithe ó na comhlachais ghnó ábhartha agus ó na cumainn tomhaltóirí.

4. Beidh an rúnaíocht comhdhéanta de bhaill foirne de chuid an Choimisiúin.

5. Féadfaidh an Coimisiún freastal ar na cruinnithe de na grúpaí comhordaithe riaracháin.

*Airteagal 33*

**Cúraimí forfheidhmiúcháin comhordaithe**

1. Beidh na cúraimí seo a leanas ar an gCoimisiún:

(a) clár oibre an Líonra a ghlacadh agus faireachán a dhéanamh ar a chur chun feidhme ar bhonn togra ón Rúnaíocht;

(b) tacú le feidhmiú na bPointí Teagmhála do Tháirgí dá dtagraítear in Airteagal 6;

(c) gníomhaíochtaí na n-oifigí idirchaidrimh aonair dá dtagraítear in Airteagal 11 a chomhordú;

(d) tacú le bunú agus le feidhmiú saoráidí tástála an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 20;

(e) ionstraimí an chomhair idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 35 a chur i bhfeidhm;

(f) comhar agus malartú éifeachtach faisnéise agus dea-chleachtas idir údaráis faireachais margaidh a eagrú;

(g) an córas dá dtagraítear in Airteagal 34 a fhorbairt agus a chothabháil, lena n-áirítear an comhéadan le Fuinneog Aonair AE dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal sin, agus faisnéis a sholáthar don phobal i gcoitinne trí bhíthin an chórais sin;

(h) cruinnithe Bhord EUPC agus na ngrúpaí comhordaithe riaracháin dá dtagraítear in Airteagal 32 a eagrú;

(i) cúnamh a thabhairt don Líonra chun réamhobair agus obair choimhdeach a dhéanamh i ndáil le cur i bhfeidhm na ngníomhaíochtaí faireachais margaidh a bhaineann le cur i bhfeidhm reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais, amhail staidéir, cláir, meastóireachtaí, treoirlínte, anailísí comparáideacha, comhchuairteanna frithpháirteacha, obair thaighde, forbairt agus cothabháil bunachar sonraí, gníomhaíochtaí oiliúna, obair saotharlainne, tástála inniúlachta, tástálacha idirshaotharlainne agus obair measúnaithe comhréireachta, agus ullmhúchán a dhéanamh agus cúnamh a thabhairt maidir le cur i bhfeidhm fheachtais faireachais margaidh an Aontais agus gníomhaíochtaí comhchosúla;

(j) piarmheasúnuithe agus cláir oiliúna choiteanna a eagrú, agus idirmhalartuithe pearsanra idir údaráis faireachais margaidh a éascú agus, más iomchuí, le húdaráis faireachais margaidh tríú tíortha nó le heagraíochtaí idirnáisiúnta;

(k) gníomhaíochtaí a dhéanamh faoi chláir cúnaimh theicniúil, comhoibriú le tríú tíortha agus cur chun cinn agus feabhsú bheartais agus chórais faireachais margaidh an Aontais i measc páirtithe leasmhara ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta;

(l) éascaíocht a dhéanamh don saineolas teicniúil nó eolaíoch chun an comhar riaracháin um fhaireachas margaidh a chur chun feidhme;

(m) scrúdú a dhéanamh, ar a dtionscnamh féin nó ar iarratas ó Bhord EUPC, ar aon cheist a chumhdaíonn cur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus treoirlínte, moltaí agus dea-chleachtais a eisiúint chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach an Rialacháin seo a chothú, lena n-áirítear caighdeáin a shocrú maidir le pionóis íosta.

2. Beidh na cúraimí seo a leanas ar Bhord EUPC:

(a) na tosaíochtaí do gníomhaíochtaí coiteanna faireachais margaidh a shainiú;

(b) comhordú agus faireachán a áirithiú i dtaobh na ngrúpaí comhordaithe riaracháin agus a gcuid gníomhaíochtaí;

(c) cúnamh a thabhairt le tarraingt suas agus le cur chun feidhme na meabhrán tuisceana dá dtagraítear in Airteagal 8;

(d) rialacha nós imeachta a ghlacadh dó féin agus d'fheidhmiú na ngrúpaí comhordaithe riaracháin.

3. Beidh na cúraimí seo a leanas ar na grúpaí comhordaithe riaracháin:

(a) forfheidhmiú reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais a chomhordú laistigh dá réimse inniúlachta;

(b) a áirithiú go leanfar an ghníomhaíocht forfheidhmiúcháin a dhéanfaidh údaráis faireachais margaidh náisiúnta ar fud an Aontais;

(c) éifeachtúlacht an fhaireachais margaidh a mhéadú ar fud an mhargaidh aonair, ag cur san áireamh go bhfuil córais faireachais margaidh éagsúla sna Ballstáit;

(d) bealaí cumarsáide iomchuí a bhunú idir údaráis faireachais margaidh náisiúnta agus an Líonra;

(e) gníomhaíochtaí coiteanna a bhunú agus a chomhordú amhail gníomhaíochtaí faireachais margaidh trasteorann;

(f) cleachtais choiteanna agus modheolaíochtaí coiteanna d'fhaireachas margaidh éifeachtach a fhorbairt;

(g) faisnéis a thabhairt dá chéile faoi mhodhanna agus faoi ghníomhaíochtaí faireachais margaidh náisiúnta, agus dea-chleachtais a chur chun cinn;

(h) saincheisteanna comhleasa a shainaithint a bhaineann leis an bhfaireachas margaidh agus cineálacha cuir chuige coiteanna a mholadh lena nglacadh.

*Airteagal 34*

**Córas faisnéise agus cumarsáide**

1. Déanfaidh an Coimisiún córas faisnéise agus cumarsáide a fhorbairt agus a chothabháil le haghaidh bailiú agus stóráil faisnéise, i bhfoirm struchtúrtha, faoi shaincheisteanna a bhaineann le forfheidhmiú reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais. Beidh rochtain ar an gcóras sin ag an gCoimisiún,ag na hoifigí idirchaidrimh aonair, agus ag na húdaráis arna n-ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 26(1).

2. Iontrálfaidh na hoifigí idirchaidrimh aonair an fhaisnéis seo a leanas sa chóras:

(a) aitheantas na n-údarás faireachais margaidh ina mBallstát agus réimsí inniúlachta na n-údarás sin de bhun Airteagal 11(1);

(b) aitheantas na n-údarás arna n-ainmniú ag a mBallstáit ina n-údaráis i gceannas ar rialuithe ar tháirgí ag teorainneacha seachtracha an Aontais.

3. Iontrálfaidh na húdaráis faireachais margaidh an fhaisnéis seo a leanas sa chóras:

(a) mionsonraí na straitéise faoi chuimsiú na straitéisí náisiúnta faireachais margaidh arna tarraingt suas ag a mBallstát faoi Airteagal 13;

(b) aon socruithe comhpháirtíochta a rinne siad faoi Airteagal 7;

(c) torthaí an fhaireacháin, an athbhreithnithe agus an mheasúnaithe ar an straitéis faireachais margaidh arna tarraingt suas ag a mBallstát;

(d) gach gearán a fuair siad agus gach tuairisc a rinne siad faoi shaincheisteanna a bhaineann le táirgí neamh-chomhlíontacha;

(e) maidir le táirgí a chuirtear ar fáil ar an margadh ina gcríoch féin, gan dochar d'Airteagal 12 de Threoir 2001/95/CE agus d'Airteagal 19 den Rialachán seo, an fhaisnéis seo a leanas:

(i) aon neamh-chomhlíonadh;

(ii) sainaithint guaiseacha agus an t-oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann;

(iii) aon rioscaí féideartha nach bhfuil teoranta dá gcríoch féin;

(iv) torthaí na tástála a rinne siad féin nó an t-oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann;

(v) sonraí na mbeart deonach arna ndéanamh ag oibreoirí eacnamaíocha;

(vi) sonraí na mbeart sriantach a rinne an t-údarás faireachais margaidh sin agus, más infheidhme, na pionóis a gearradh;

(vii) toradh na dteagmhálacha le hoibreoir eacnamaíoch agus an obair leantach a rinne an t-oibreoir eacnamaíoch sin;

(viii) mainneachtain an duine atá freagrach as faisnéis faoi chomhlíonadh cloí le hAirteagal 4 (3);

(ix) mainneachtain monaróirí cloí le hAirteagal 4(4).

(f) i ndáil le táirgí atá ag teacht isteach i margadh an Aontais agus ar cuireadh an próiseas le haghaidh scaoileadh i saorchúrsaíocht ar fionraí i gcomhréir le hAirteagal 27 ina gcás, ina gcríoch féin, an fhaisnéis seo a leanas:

(i) aon neamh-chomhlíonadh;

(ii) sainaithint aon ghuaiseacha agus an t-oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann;

(iii) torthaí na tástála a rinne siad féin nó an t-oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann;

(iv) sonraí na mbeart sriantach a rinne an t-údarás faireachais margaidh sin agus, más infheidhme, na pionóis a gearradh;

(v) toradh na dteagmhálacha le hoibreoir eacnamaíoch agus an obair leantach a rinne an t-oibreoir eacnamaíoch sin;

(vi) aon tuarascálacha rialaithe nó tástála eile a rinneadh ar iarratas ón údarás faireachais margaidh;

(vii) aon agóid a dhéanfaidh Ballstát i gcomhréir leis an nós imeachta coimirce is infheidhme sa reachtaíocht comhchuibhithe de chuid an Aontais is infheidhme maidir leis an táirge agus aon obair leantach ina dhiaidh sin.

4. I gcás inar ábhartha maidir le forfheidhmiú reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais agus chun riosca a íoslaghdú agus an chalaois a chomhrac, bainfidh údaráis custaim de na córais custaim náisiúnta agus seolfaidh siad chuig an gcóras faisnéise agus cumarsáide na sonraí a bhaineann le táirgí a chur faoin nós imeachta custaim ‘scaoileadh i saorchúrsaíocht’ agus na torthaí ar rialuithe a bhaineann le sábháilteacht táirgí.

Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhthéacs thimpeallacht Fhuinneog Aonair AE do chustaim, comhéadan leictreonach a fhorbairt le gur féidir na sonraí sin a chur ar aghaidh. Beidh an comhéadan sin i bhfeidhm [ceithre bliana] ón dáta a ghlacfar na gníomhartha cur chun feidhme.

5. Tuarascálacha tástála arna n-ullmhú ag a gcomhúdaráis faireachais margaidh i mBallstáit eile, nó thar ceann na n-údarás sin, agus a iontráladh sa chóras faisnéise agus cumarsáide, aithneoidh údaráis faireachais margaidh a mbailíocht agus bainfidh siad úsáid astu.

6. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme ina sonrófar sonraí na socruithe cur chun feidhme le haghaidh mhír 1 go mír 4 agus ina saineofar na sonraí atá le seoladh i gcomhréir le mír 4. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 63.

*Airteagal 35*

**Comhar idirnáisiúnta**

1. Féadfaidh an Coimisiún faisnéis rúnda a bhaineann le faireachas margaidh a mhalartú le húdaráis rialála tríú tíortha nó le heagraíochtaí idirnáisiúnta i gcás ina bhfuil socruithe rúndachta atá bunaithe ar chómhalartacht tugtha i gcrích aige leis na húdaráis nó leis na heagraíochtaí sin.

2. Féadfaidh an Coimisiún creat a chur ar bun do chomhar agus do mhalartú faisnéise áirithe atá sa chóras malartaithe faisnéise dá bhforáiltear in Airteagal 12 de Threoir 2001/95/CE, le tíortha is iarratasóirí, le tríú tíortha nó le heagraíochtaí idirnáisiúnta. Féadfaidh baint a bheith ag an gcomhar nó ag an malartú faisnéise leis an méid seo a leanas, *inter alia*:

(a) na modhanna measúnaithe riosca a úsáidtear agus torthaí na tástála táirgí;

(b) aisghairmeacha táirgí comhordaithe nó gníomhaíochtaí comhchosúla eile;

(c) na bearta arna ndéanamh ag údaráis faireachais margaidh faoi Airteagal 15.

3. Córas sonrach de rialú réamhonnmhairiúcháin a bhaineann le táirgí a chuireann tríú tír i bhfeidhm ar tháirgí díreach sula n-onnmhairítear isteach san Aontas iad chun a fhíorú go sásaíonn na táirgí sin ceanglais na reachtaíochta comhchuibhithe de chuid an Aontais is infheidhme maidir leo, féadfaidh an Coimisiún an córas sonrach sin a fhormheas. Féadfar an formheas a dheonú i leith táirge amháin nó níos mó, i leith catagóir amháin táirge nó níos mó, nó i leith táirgí nó catagóirí táirge a mhonaraíonn monaróirí áirithe.

4. I gcás inar deonaíodh an formheas sin, is féidir laghdú a dhéanamh ar líon agus ar mhinicíocht na rialuithe allmhairiúcháin ar na táirgí nó ar na catagóirí táirge sin atá ag teacht isteach i margadh an Aontais, dá dtagraítear i mír 3.

Féadfaidh na húdaráis custaim rialuithe a dhéanamh, áfach, ar na táirgí nó na catagóirí táirge sin atá ag teacht isteach i margadh an Aontais, chun a áirithiú go bhfuil na rialuithe réamhonnmhairiúcháin a rinne an tríú tír éifeachtach maidir le comhlíonadh reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais a dhéanamh amach.

5. Ní féidir formheas a dheonú do thríú tír faoi mhír 3 ach amháin tar éis iniúchta laistigh den Aontas ina léirítear go sásaítear na coinníollacha seo a leanas:

(a) sásaíonn na táirgí a onnmhairítear chun an Aontais ón tríú tír sin na ceanglais a leagtar amach i reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais;

(b) is éifeachtach agus is éifeachtúil a ndóthain iad na rialuithe a dhéantar sa tríú tír sin chun teacht in ionad na rialuithe doiciméadacha agus fisiceacha a leagtar síos sa reachtaíocht sin nó chun iad a laghdú.

6. Sonrófar san fhormheas dá dtagraítear i mír 3 an t-údarás inniúil de chuid an tríú tír a ndéanfar na rialuithe réamhonnmhairiúcháin faoina chúram, agus is é an t-údarás inniúil sin a bheidh ina pháirtí le haghaidh gach teagmháil leis an Aontas.

7. Áiritheoidh an t-údarás inniúil dá dtagraítear i mír 6 fíorú oifigiúil na dtáirgí sula dtiocfaidh siad isteach san Aontas.

8. I gcás ina n-aimseofar neamh-chomhlíonadh suntasach de thoradh na rialuithe ar tháirgí atá ag teacht isteach i margadh an Aontais dá dtagraítear i mír 3, tabharfaidh na húdaráis faireachais margaidh fógra don Choimisiún láithreach tríd an gcóras dá dtagraítear in Airteagal 34 agus méadóidh siad líon na rialuithe ar na táirgí sin.

9. Tarraingeoidh an Coimisiún siar formheas arna dheonú faoi mhír 3 i gcás ina bhfaighfear amach nach gcomhlíonann na táirgí atá ag teacht isteach i margadh an Aontais reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais i líon cásanna nach beag.

10. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme maidir le cur chun feidhme chóras na rialuithe réamhonnmhairiúcháin a bhaineann le táirgí, dá dtagraítear i mír 3, chun múnla a shonrú le haghaidh na ndeimhnithe comhlíonta nó fíoraithe atá le húsáid. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 63.

# Caibidil IX

# Forálacha airgeadais

*Airteagal 36*

**Gníomhaíochtaí maoinithe**

1. Maoineoidh an tAontas cur i gcrích na gcúraimí de chuid an Líonra dá dtagraítear in Airteagal 34.

2. Féadfaidh an tAontas na gníomhaíochtaí seo a leanas a mhaoiniú i ndáil le cur chun feidhme an Rialacháin seo:

(a) feidhmiú na bPointí Teagmhála do Tháirgí dá dtagraítear in Airteagal 6;

(b) bunú agus feidhmiú saoráidí tástála an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 20;

(c) forbairt ionstraimí comhair idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 35;

(d) tarraingt suas agus nuashonrú na rannchuidithe leis na treoirlínte um fhaireachais margaidh;

(e) cur ar fáil saineolais theicniúil nó eolaíoch don Choimisiún chun cúnamh a thabhairt don Choimisiún le cur chun feidhme an chomhair riaracháin um fhaireachas margaidh;

(f) cur chun feidhme na straitéisí náisiúnta faireachais margaidh dá dtagraítear in Airteagal 13 agus fheachtas faireachais margaidh na mBallstát agus an Aontais;

(g) gníomhaíochtaí arna ndéanamh faoi chláir a sholáthraíonn cúnamh teicniúil, comhar le tríú tíortha agus cur chun cinn agus feabhsú bheartais agus chórais faireachais margaidh an Aontais i measc páirtithe leasmhara ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta.

3. Maoiniú an chomhéadain leictreonaigh dá dtagraítear in Airteagal 34(4), roinnfear idir an tAontas agus na Ballstáit é. Is é an tAontas a bheidh freagrach as maoiniú an mhodúil lárnaigh agus an naisc leis an Líonra. Is iad na Ballstáit a bheidh freagrach as oiriúnú a gcóras náisiúnta a mhaoiniú.

4. Déanfar cúnamh teicniúil an Aontais leis na gníomhaíochtaí faoin Rialachán seo a chur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimnt na hEorpa agus ón gComhairle[61], go díreach, nó trí cúraimí a bhaineann

[61] Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 ón gComhairle (IO L 298, 26.10.2012, lch. 1).

le cur chun feidhme an bhuiséid a tharmligean do na heintitis a liostaítear in Airteagal 58(1)(c) den Rialachán sin.

5. Na leithreasuithe arna leithdháileadh ar na gníomhaíochtaí dá dtagraítear sa Rialachán seo, déanfaidh an t-údarás buiséadach iad a chinneadh gach bliain laistigh de theorainneacha na creatlaí airgeadais atá i bhfeidhm.

6. Féadfaidh na leithreasuithe arna gcinneadh ag an údaras buiséadach do mhaoiniú na ngníomhaíochtaí faireachais margaidh speansais i ndáil le hobair ullmhúcháin, gníomhaíochtaí faireacháin, rialaithe, iniúchóireachta agus meastóireachta a chumhdach freisin, ar gníomhaíochtaí iad atá riachtanach chun na gníomhaíochtaí a leagtar amach sa Rialachán seo a bhainistiú agus chun a gcuid cuspóirí a bhaint amach. Áireofar ar na speansais sin na costais a bhaineann le staidéir a dhéanamh, cruinnithe saineolaithe a eagrú, gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, lena n-áirítear an chumarsáid chorparáideach maidir le tosaíochtaí polaitiúla an Aontais sa mhéid go mbaineann siad le cuspóirí ginearálta na ngníomhaíochtaí faireachais margaidh, speansais a bhaineann le líonraí teicneolaíochta faisnéise atá dírithe ar phróiseáil agus ar mhalartú faisnéise maille leis na speansais uile eile arna dtabhú ag an gCoimisiún a bhaineann le cúnamh teicniúil agus riaracháin.

*Airteagal 37*

**Cosaint leasanna airgeadais an Aontais**

1. Déanfaidh an Coimisiún bearta iomchuí lena áirithiú, nuair a chuirtear gníomhaíochtaí arna maoiniú faoin Rialachán seo chun feidhme, go gcosnófar leasanna airgeadais an Aontais trí bhearta coisctheacha a chur i bhfeidhm i gcoinne na calaoise, an éillithe agus aon ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile, trí rialuithe éifeachtacha a dhéanamh agus, má bhraitear neamhrialtachtaí, trí mhéideanna a íocadh go mícheart a ghnóthú agus, i gcás inarb iomchuí, trí phionóis riaracháin agus airgeadais a ghearradh a bheidh éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

2. Beidh cumhacht ag an gCoimisiún nó ag a ionadaithe agus ag an gCúirt Iniúchóirí, iniúchtaí a dhéanamh, ar bhonn doiciméad agus cigireachtaí ar an láthair, ar gach tairbhí deontais, ar gach conraitheoir agus ar gach fochonraitheoir a fuair cistí ón Aontas faoin Rialachán seo.

3. Féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear rialuithe agus cigireachtaí ar an láthair, i gcomhréir leis na nósanna imeachta arna leagan síos i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[62] agus i Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96[63] ón gComhairle, sa tsúil chun fáil amach ar tharla calaois, caimiléireacht nó aon ghníomhaíocht mhídhleathach eile a chuaigh i bhfeidhm ar leasanna airgeadais an Aontais i ndáil le comhaontú deontais nó le cinneadh deontais nó le conradh éigin arna chistiú faoin Rialachán seo.

4. Gan dochar do mhír 1, do mhír 2 ná do mhír 3, beidh forálacha i gcomhaontuithe comhair le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, i gconarthaí, i gcomhaontuithe deontais agus i gcinntí deontais a thiocfaidh as an Rialachán seo a chur chun feidhme, ar forálacha iad lena dtabharfar an chumhacht go sainráite don

---

62 Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

63 IO L292, 14.11.1996, lch.2.

Choimisiún, don Chúirt Iniúchóirí agus do OLAF iniúchtaí agus imscrúduithe den sórt sin a dhéanamh i gcomhréir lena gcuid inniúlachtaí faoi seach.

# Caibidil X

# Forálacha deiridh

*Airteagal 38*

**Infheidhmeacht Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 agus leasuithe ar reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais**

Ní bheidh feidhm ag Airteagal 15 go hAirteagal 29 de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 maidir leis an reachtaíocht comhchuibhithe de chuid an Aontais a leagtar amach san Iarscríbhinn.

*Airteagal 39*

**Leasuithe ar Threoir 2004/42/CE**

Scriostar Airteagal 6 agus Airteagal 7 de Threoir 2004/42/CE.

*Airteagal 40*

**Leasuithe ar Threoir 2009/48/CE**

Leasaítear Treoir 2009/48/CE mar a leanas:

(1) Scriostar Airteagal 40;

(2) In Airteagal 42, scriostar mír 1;

(3) Scriostar Airteagal 44.

*Airteagal 41*

**Leasuithe ar Threoir 2010/35/AE**

Leasaítear Treoir 2010/35/AE mar a leanas:

(1) Scriostar Airteagal 16;

(2) In Airteagal 30, scriostar mír 1.

*Airteagal 42*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 305/2011**

In Airteagal 56 de Rialachán (AE) 305/2011, scriostar mír 1.

*Airteagal 43*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 528/2012**

In Airteagal 65 de Rialachán (AE) Uimh 528/212 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt de mhír 1:

'Beidh feidhm dá réir sin ag Rialachán (AE) 2018/*[XX Cuirtear isteach uimhir an Rialacháin seo]* ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*'.

* Rialachán (AE) 2018/*[XX Cuirtear isteach uimhir an Rialacháin seo]* ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an *[Cuirtea isteach dáta agus teideal iomlán an Rialacháin seo agus tagairt na hIrise Oifigiúla idir lúibíní]*.

*Airteagal 44*

**Leasuithe ar Threoir 2013/29/AE**

Leasaítear Treoir 2013/29/AE mar a leanas:

(1) In Airteagal 38, scriostar mír 2;

(2) In Airteagal 39(1), scriostar an ceathrú fo-mhír.

*Airteagal 45*

**Leasuithe ar Threoir 2013/53/AE**

Leasaítear Treoir 2013/53/AE mar a leanas:

(1) Scriostar Airteagal 43;

(2) In Airteagal 44(1), scriostar an cúigiú fo-mhír.

*Airteagal 46*

**Leasuithe ar Threoir 2014/28/AE**

Leasaítear Treoir 2014/28/AE mar a leanas:

(1) In Airteagal 41, scriostar an chéad mhír;

(2) In Airteagal 42(1), scriostar an ceathrú fo-mhír.

*Airteagal 47*

**Leasuithe ar Threoir 2014/29/AE**

Leasaítear Treoir 2014/29/AE mar a leanas:

(1) Scriostar Airteagal 34;

(2) In Airteagal 35(1), scriostar an ceathrú fo-mhír.

*Airteagal 48*

**Leasuithe ar Threoir 2014/30/AE**

Leasaítear Treoir 2014/30/AE mar a leanas:

(1) Scriostar Airteagal 37;

(2) In Airteagal 38(1), scriostar an ceathrú fo-mhír.

*Airteagal 49*

**Leasuithe ar Threoir 2014/31/AE**

Leasaítear Treoir 2014/31/AE mar a leanas:

(1) Scriostar Airteagal 36;

(2) In Airteagal 37(1), scriostar an ceathrú fo-mhír.

*Airteagal 50*

**Leasuithe ar Threoir 2014/32/AE**

Leasaítear Treoir 2014/32/AE mar a leanas:

(1) Scriostar Airteagal 41;

(2) In Airteagal 42(1), scriostar an ceathrú fo-mhír.

*Airteagal 51*

**Leasuithe ar Threoir 2014/33/AE**

Leasaítear Treoir 2014/33/AE mar a leanas:

(1) Scriostar Airteagal 37;

(2) In Airteagal 38(1), scriostar an cúigiú fo-mhír.

*Airteagal 52*

**Leasuithe ar Threoir 2014/34/AE**

Leasaítear Treoir 2014/34/AE mar a leanas:

(1) Scriostar Airteagal 34;

(2) In Airteagal 35(1), scriostar an ceathrú fo-mhír.

*Airteagal 53*

**Leasuithe ar Threoir 2014/35/AE**

Leasaítear Treoir 2014/35/AE mar a leanas:

(1) Scriostar Airteagal 18;

(2) In Airteagal 19(1), scriostar an tríú fo-mhír.

*Airteagal 54*

**Leasuithe ar Threoir 2014/53/AE**

Leasaítear Treoir 2014/53/AE mar a leanas:

(1) Scriostar Airteagal 39;

(2) In Airteagal 40(1), scriostar an ceathrú fo-mhír.

*Airteagal 55*

**Leasuithe ar Threoir 2014/68/AE**

Leasaítear Treoir 2014/68/AE mar a leanas:

(1) Scriostar Airteagal 39;

(2) In Airteagal 40(1), scriostar an tríú fo-mhír.

*Airteagal 56*

**Leasuithe ar Threoir 2014/90/AE**

Leasaítear Treoir 2014/90/AE mar a leanas:

(1) In Airteagal 12, scriostar mír 10;

(2) In Airteagal 25, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1.

‘Maidir le trealamh muirí, déanfaidh na Ballstáit faireachas margaidh i gcomhréir le creat an Aontais Eorpaigh um fhaireachas margaidh a leagtar síos i Rialachán [uimhir an Rialacháin Forfheidhmiúcháin nua], faoi réir mhír 2 agus mhír 3 den Airteagal seo.’

(3) In Airteagal 25, scriostar mír 4;

(4) In Airteagal 26(1), scriostar an ceathrú fo-mhír.

*Airteagal 57*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) 2016/424**

Leasaítear Rialachán (AE) 2016/424 mar a leanas:

(1) Scriostar Airteagal 39;

(2) In Airteagal 40(1), scriostar an ceathrú fo-mhír.

*Airteagal 58*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) 2016/425**

Leasaítear Rialachán (AE) 2016/425 mar a leanas:

(1) Scriostar Airteagal 37;

(2) In Airteagal 38(1), scriostar an ceathrú fo-mhír.

*Airteagal 59*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) 2016/426**

Leasaítear Rialachán (AE) 2016/426 mar a leanas:

(1) Scriostar Airteagal 36;

(2) In Airteagal 37(1), scriostar an ceathrú fo-mhír.

*Airteagal 60*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) 2017/1369**

Leasaítear Rialachán (AE) 2017/1369 mar a leanas:

(1) In Airteagal 8, scriostar mír 1 agus mír 3;

(2) In Airteagal 9(2), scriostar an dara fomhír.

# Caibidil XI

# Pionóis, meastóireacht, nós imeachta coiste agus teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

*Airteagal 61*

**Pionóis**

1. Leagfaidh na Ballstáit na rialacha síos maidir leis na pionóis is infheidhme i ndáil le sáruithe ar na forálacha de chuid an Rialacháin seo lena gcuirtear oibleagáidí ar oibreoirí eacnamaíocha agus i ndáil le sáruithe ar fhorálacha aon reachtaíochta comhchuibhithe de chuid an Aontais i leith táirgí a chumhdaíonn an Rialachán seo agus lena gcuirtear oibleagáidí ar oibreoirí eacnamaíocha i gcás nach bhforáiltear maidir le pionóis sa reachtaíocht sin, agus déanfaidh siad na bearta uile is gá chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

   Tabharfaidh na Ballstáit fógra faoi na forálacha sin don Choimisiún, faoin [31 Márta 2020], tabharfaidh siad fógra don Choimisiún faoi na rialacha sin agus faoi na bearta sin, agus tabharfaidh siad fógra dó gan mhoill faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh.

2. Nuair a bheidh cinneadh á dhéanamh ar cheart pionós a ghearradh i ngach cás aonair, tabharfar aird chuí ar an méid seo a leanas:

   (a) an staid airgeadais i gcás fiontair bheaga agus mheánmhéide;

   (b) cineál, tromchúis agus fad an neamh-chomhlíonta, ag cur san áireamh an díobháil a rinneadh d'úsáideoirí deiridh;

   (c) nádúr intinniúil nó faillíoch an tsáraithe;

   (d) an méid a chomhoibrigh an t-oibreoir eacnamaíoch le linn thréimhse an imscrúdaithe a rinneadh na húdaráis faireachais margaidh;

   (e) aon sáruithe comhchosúla ábhartha a rinne an t-oibreoir eacnamaíoch roimhe sin.

3. Féadfar na pionóis a mhéadú i gcás ina bhfuil sárú comhchosúil déanta ag an oibreoir eacnamaíoch roimhe sin, agus féadfaidh pionóis choiriúla bheith orthu i gcás sáruithe tromchúiseacha ar reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais.

4. Na pionóis airgeadais as sáruithe intinniúla ar reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais, áiritheoidh na Ballstáit go bhfritháireoidh siad, ar a laghad, an buntáiste eacnamaíoch a fuarthas de thoradh an tsáraithe.

5. Áiritheoidh na Ballstáit, go háirithe, gur féidir pionóis a ghearradh i gcás ina mainneoidh nó ina ndiúltóidh an t-oibreoir eacnamaíoch comhoibriú i rith rialuithe agus gníomhaíochtaí faireachais margaidh.

*Airteagal 62*

**Meastóireacht**

Faoin [31 Nollaig 2024] agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo os coinne na gcuspóirí a shaothraítear leis agus cuirfidh sé

tuarascáil faoi na príomhthorthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa.

Measfar sa tuarascáil sin an bhfuil cuspóirí an Rialacháin seo bainte amach leis, go háirithe maidir le líon na dtáirgí neamh-chomhlíontacha ar mhargadh an Aontais a laghdú, forfheidhmiú éifeachtach éifeachtúil reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais laistigh den Aontas a áirithiú, feabhas a chur ar an gcomhar idir údaráis inniúla agus na rialuithe ar tháirgí atá ag teacht isteach i margadh an Aontais a neartú, agus an tionchar ar lucht gnó agus go háirithe ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide á chur san áireamh. Ina theannta sin, ba cheart measúnú a dhéanamh sa mheastóireacht ar éifeachtacht na ngníomhaíochtaí faireachais margaidh a fhaigheann maoiniú ón Aontas i bhfianaise na gceanglas i mbeartais agus i reachtaíocht an Aontais.

*Airteagal 63*

**Nós imeachta coiste**

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 64*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Beidh feidhm aige ón [*1 Eanáir 2020*].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH


**1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH**

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB

1.3. An cineál togra/tionscnaimh

1.4. Cuspóirí

1.5. Forais an togra/tionscnaimh

1.6. Fad agus tionchar airgeadais

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

**2. BEARTA BAINISTÍOCHTA**

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

**3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH**

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

*3.2 1 Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas*

*3.2 2 An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

*3.2 3 An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

*3.2 4 Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

*3.2 5 Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha agus nósanna imeachta maidir le comhlíonadh agus forfheidhmiú reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais i leith táirgí

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB[64]

02 03 An Margadh Inmheánach d'earraí agus seirbhísí

### 1.3. An cineál togra/tionscnaimh

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **beart nua**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**[65]

☒ Baineann an togra/tionscnamh le **síneadh ar bheart atá ann cheana**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **beart a atreoraíodh i dtreo beart nua**

### 1.4. Cuspóirí

*1.4 1 Cuspóirí straitéiseacha ilbhliantúla an Choimisiúin ar a bhfuil an togra/tionscnamh dírithe*

Ba sa Straitéis don Mhargadh Aonair, 'An Margadh Aonair a Uasghrádú: tuilleadh deiseanna do dhaoine agus do ghnólachtaí' (COM(2015)555/2) a d'fhógair an Coimisiún tionscnamh chun an faireachas margaidh ar tháirgí a neartú chun troid i gcoinne an mhéadaithe ar líon na dtáirgí mídhleathacha agus neamh-chomhlíontacha ar an margadh, ar táirgí iad a shaobhann an iomaíocht agus a chuireann tomhaltóirí i mbaol. Is é aidhm an togra seo comhlíonadh táirgí a neartú trí na dreasachtaí cearta a thabhairt d'oibreoirí eacnamaíocha, trí sheiceálacha ar chomhlíonadh a dhéanamh níos déine agus trí chomhar trasteorann níos dlúithe idir na húdaráis forfheidhmiúcháin a chur chun cinn, lena n-áirítear tríd an gcomhar le húdaráis custaim.

Cuid den "Phacáiste um Earraí"é an togra seo, agus ba cheart é a chur i gcomhthéacs an ceathrú réimse beartais a bhfuil aghaidh le tabhairt air faoi Chlár an Uachtaráin Juncker do Phoist, Fás, Cothroime agus Athrú Daonlathach, i.e. a bhfuil bonn tionsclaíoch níos láidre aige.

*1.4.2. Cuspóirí sonracha agus na gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann*

Cuspóir sonrach Uimh.

1. Treisiú na nósanna imeachta um chomhar san fhaireachas margaidh i measc údarás forfheidhmiúcháin, laghdú na hilroinnte agus na neamh-éifeachtúlachtaí
2. Cumas oibriúcháin a mhéadú, éifeachtúlacht agus infhaighteacht acmhainní a fheabhsú le haghaidh rialuithe trasteorann agus comhordú forfheidhmiúcháin;

[64] ABM: Bainistiú de réir gníomhaíochtaí – ABB: Buiséadú de réir gníomhaíochtaí.

[65] Mar a thagraítear dó in Airteagal 54(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

3. Bosca uirlisí an fhorfheidhmiúcháin a neartú, ionas go mbeidh na húdaráis faireachais margaidh in ann úsáid a bhaint as uirlisí ar mó a n-éifeacht athchomhairleach, a n-éifeachtacht agus a stóinseacht i gcoinne athruithe a thiocfaidh amach anseo;

4. Comhlíonadh reachtaíocht AE i leith táirgí neamh-bhia a chur chun cinn, feabhsú inrochtaineacht na faisnéise faoi chomhlíonadh agus an chúnaimh do ghnólachtaí.

Cumhdaíonn na cuspóirí an faireachas margaidh laistigh den Aontas Eorpach agus ag na teorainneacha seachtracha, agus cuimsíonn siad slabhraí soláthair dhigiteacha maille le cinn traidisiúnta

1.4 3 *An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

Táthar ag súil go neartóidh an togra creat an fhaireachais margaidh, sa dóigh go laghdófar líon na dtáirgí neamh-chomhlíontacha sa Mhargadh Aonair.

Is minice a bheidh údaráis faireachais margaidh na mBallstát in ann athúsáid a bhaint as fianaise agus bearta sriantacha ó Bhallstáit eile a mhacasamhlú, rud as a dtiocfaidh coigiltis chostais agus gnóthachtálacha éifeachtúlachta.

Tabharfaidh Líonra an Aontais um Chomhlíonadh Táirgí cúnamh d'údaráis faireachais margaidh chun níos mó feachtais rialaithe trasteorann a dhéanamh, ar bhonn gníomhaíochtaí comhpháirteacha ar fearr a dtosaíochtaí agus ar bhonn faisnéis níos fearr. Ar an dóigh sin, is fearr a bheidh comhtháthú na gné arb é Margadh Aonair AE é leis na rialuithe náisiúnta agus is feiceálaí a bheidh an ghníomhaíocht uile-AE.

Feabhsóidh comhsheasmhacht an fhorfheidhmithe i leith táirgí a thrádáiltear san Aontas agus i leith allmhairí de bharr chomhordú an fhorfheidhmithe ag an Líonra. Dá réir sin, bainfidh na gnólachtaí a thrádálann thar theorainneacha tairbhe as iomaíocht níos cothroime, as deimhneacht dhlíthiúil agus as intuarthacht.

Beidh rochtain níos fusa ag tomhaltóirí agus ag gnólachtaí ar fhaisnéis, agus bainfidh gnólachtaí tairbhe as cúnamh chun cabhrú leo chun reachtaíocht an Aontais i leith táirgí a chomhlíonadh.

1.4.4. *Táscairí lena léireofar toradh agus tionchar*

*Sonraigh na táscairí lena léireofar an faireachán ar chur chun feidhme an togra/tionscnaimh.*

- Rátaí comhlíonta ag Ballstáit/earnálacha agus maidir leis an ríomhthráchtáil agus allmhairí (feabhsuithe maidir le hinfhaighteacht agus cáilíocht na faisnéise i straitéis forfheidhmiúcháin na mBallstát, dul chun cinn maidir le laghdú na n-easnamh comhlíonta)
- Líon na bhfeachtas agus na dtorthaí um rialuithe comhordaithe (sáruithe arna mbrath, bearta ceartaitheacha)
- Úsáid sásraí cúnaimh fhrithpháirtigh ag údaráis faireachais margaidh (líon, cineálacha, amlínte, torthaí) agus líon na mbeart a rinneadh údaráis eile 'arna macasamhlú' i ngach Ballstát
- Feasacht gnólachtaí faoi na rialacha maidir le táirgí agus a dtuiscint orthu

- Líon na mbeart deonach arna gclárú sa tairseach gréasáin choiteann do bhearta deonacha

## 1.5. Forais an togra/tionscnaimh

### *1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma*

Aithníodh sa mheasúnú ar chreat an fhaireachais margaidh easnaimh mhóra a bhfuil ceithre phríomhchúis leo, mar atá (1) ilroinnt agus comhordú teoranta an fhaireachais margaidh san Aontas Eorpach, (2) srianta acmhainní ar údaráis faireachais margaidh, (3) beag-éifeacht athchomhairleach na n-uirlisí forfheidhmiúcháin atá ann, go háirithe maidir le hallmhairí ó thríú tíortha agus maidir leis an ríomhthráchtáil agus (4) easnaimh mhóra faisnéise (i.e. easpa feasachta faoi na rialacha i measc lucht gnó agus easpa trédhearcachta maidir le comhlíonadh táirgí). Chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna sin, foráiltear maidir leis an méid seo a leanas sa togra:

- sásra le haghaidh iarratais éifeachtacha ar chúnamh frithpháirteach idir údaráis faireachais margaidh na mBallstát éagsúil agus an deis fianaise agus cinntí forfheidhmiúcháin a aistriú;

- struchtúr tacaíochta riaracháin chun comhghníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin (Líonra an Aontais um Chomhlíonadh Táirgí), straitéisí forfheidhmiúcháin na mBallstáit, táscairí feidhmíochta agus athbhreithnithe piaraí a chomhordú agus a chur chun feidhme;

- cumhachtaí coiteanna imscrúdúcháin agus forfheidhmiúcháin le haghaidh údaráis faireachais margaidh agus an oibleagáid ar mhonaróirí duine a ainmniú a bheidh freagrach as faisnéis faoi chomhlíonadh san Aontas Eorpach;

- foilsiú níos córasaí na mbeart sriantach arna ndéanamh ag údaráis faireachais margaidh agus gnóthú na gcostas rialaithe i gcás táirgí neamhchomhlíontacha;

